16 15 048 049				Domhanleithead	A	A
					GS	GS
16 15 048 050				Domhanfhad	A	A
					GS	GS
16 15 051 000			Oibreoir eacnamaíoch		A	A
					GS	GS
16 15 051 017				Uimhir aitheantais	A	A
					GS	GS
16 15 052 000			Uimhir údarúcháin		A	A
					GS	GS

Uimhir E.S.	Seanuimhir E.S.	An eilimint sonraí/ainm na haicme	An fho-eilimint sonraí/ainm na fo-aicme	Ainm na fo-eiliminte sonraí	I1	I2
16 15 053 000			Aitheantóir breise		A	A
					GS	GS
16 15 018 000			Seoladh		A	A
					GS	GS
16 15 018 019				Sráid agus uimhir	A	A
					GS	GS
16 15 018 021				Cód poist	A	A
					GS	GS
16 15 018 022				Cathair	A	A
					GS	GS
16 15 018 020				Tír	A	A
					GS	GS
16 15 081 000			Seoladh an chóid poist		A	A
					GS	GS
16 15 081 021				Cód poist	A	A
					GS	GS
16 15 081 025				Uimhir an Tí	A	A
					GS	GS

Uimhir E.S.	Seanuimhir E.S.	An eilimint sonraí/ainm na haicme	An fho-eilimint sonraí/ainm na fo-aicme	Ainm na fo-eiliminte sonraí	I1	I2
16 15 081 020				Tír	A	A
					GS	GS
17 09 000 000	5/26	Oifig custaim ina dtaispeántar earraí			A [22]	A [22]
					D	D
17 09 001 000			Uimhir thagartha		A	A
					D	D
17 10 000 000	5/27	Oifig custaim maoirseachta			A [23]	
					D	
17 10 001 000			Uimhir thagartha		A	
					D	
18 01 000 000	6/1	Glanmhais			A [2]	
					SI	
18 02 000 000	6/2	Aonaid fhorlíontacha			A [2]	
					SI	
18 04 000 000	6/5	Ollmhais			A	A [25]
					GS SI	GS SI

Uimhir E.S.	Seanuimhir E.S.	An eilimint sonraí/ainm na haicme	An fho-eilimint sonraí/ainm na fo-aicme	Ainm na fo-eiliminte sonraí	I1	I2
18 05 000 000	6/8	Cur síos ar na hearraí			A	A
					SI	SI
18 06 000 000	NUA	Pacáistiú			A	A [25]
					SI	SI
18 06 003 000	6/9		Cineál na bpacáistí		A	A [25]
					SI	SI
18 06 004 000	6/10		Líon na bpacáistí		A	A [25]
					SI	SI
18 06 054 000	6/11		Marcanna loingseoireachta		A	
					SI	
18 08 000 000	6/13	Cód CUS			C	
					SI	
18 09 000 000	NUA	Cód an tráchtearra			A	
					SI	
18 09 056 000	NUA		Cód fo-cheannteideal an Chórais Chomhchuibhithe		A	
					SI	

Uimhir E.S.	Seanuimhir E.S.	An eilimint sonraí/ainm na haicme	An fho-eilimint sonraí/ainm na fo-aicme	Ainm na fo-eiliminte sonraí	I1	I2
18 09 057 000	6/14		Cód Ainmníochta Comhcheangailte		A	
					SI	
18 09 058 000	6/15		Cód TARIC		A	
					SI	
18 09 059 000	6/16		Cód breise TARIC		A	
					SI	
18 09 060 000	6/17		Cód breise náisiúnta		B [58]	
					SI	
19 07 000 000	NUA	Trealamh iompair			A [62]	A [62]
					GS	GS
19 07 063 000	7/10		Uimhir aitheantais an choimeádáin		A	A
					GS	GS
19 07 044 000			Tagairt earraí		A	A
					GS	GS
99 01 000 000	8/1	Uimhir ordaithe an chuóta			A [2]	
					SI	

Roinn 13

Nótaí

Uimhir an nóta	Tuairisc ar an nóta
[1]	Ní bheidh gá leis an bhfaisnéis sin i gcás inar taisceadh dearbhú custaim sula dtíolacfar na hearraí de bhun Airteagal 171 den Chód.
[2]	I gcásanna ina bhfuil Airteagal 166(2) den Chód (dearbhuíthe simplithe bunaithe ar údaruithe) infheidhme, féadfaidh na Ballstáit an oibleagáid an fhaisnéis sin a sholáthar a tharscaoileadh i gcás ina gceadaítear dóibh, leis na coinníollacha a leagtar síos sna húdaruithe a bhaineann leis na nósanna imeachta lena mbaineann, bailiú na heiliminte sonraí sin a chur siar sa dearbhú forlíontach.
[3]	Is rogha mhalartach í an eilimint seo ar an uimhir thagartha uathúil choinsíneachta [UCR] nuair nach bhfuil an uimhir thagartha choinsíneachta uathúil sin ar fáil. Cuireann sé nasc ar fáil chuig foinsí faisnéise úsáideacha eile.
[4]	Ní gá an fhaisnéis sin a sholáthar ach amháin i gcás ina bhfuil Airteagal 166(2) den Chód (dearbhuíthe simplithe bunaithe ar údaruithe) infheidhme; sa chás sin, is é uimhir an údaráithe don nós imeachta simplithe é. Mar sin féin, is féidir uimhir an doiciméid lena mbaineann a bheith san eilimint sonraí sin freisin.
[5]	Níl an fhaisnéis sin ag teastáil ach amháin i gcás ina n-úsáidfean an dearbhú maidir le hearraí a chur faoi réir nós imeachta custaim chun nós imeachta stórála custaim a urscaoileadh.
[6]	I gcás ina dtugtar uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an tAontas, ní thabharfar an t-ainm ná an seoladh.
[7]	Níl uimhir aitheantais an nós imeachta idirthurais éigeantach ach amháin i gcásanna nach soláthraítear uimhir aitheantais EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an tAontas de chuid an duine lena mbaineann. I gcás ina dtugtar uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an tAontas, ní thabharfar an t-ainm ná an seoladh. Tá uimhir aitheantais an tSealbhóir TIR éigeantach i gcás inarb é TIR an cineál Dearbhaithe; seachas sin, ní féidir é a úsáid.
[8]	Ní chuirfean an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin i gcás ina mbeidh sí ar fáil.
[9]	Ní chuirfean an fhaisnéis sin ar fáil maidir le lasta atá fágtha ar bord (FROB) nó maidir le lasta trasloingsithe a bhfuil an ceann scríbe suite lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.
[10]	Is féidir leis na Ballstáit an fhaisnéis sin a tharscaoileadh i gcás nach féidir luach custaim na n-earraí a chinneadh faoi fhorálacha Airteagal 70 den Chód. I gcásanna den sórt sin tabharfaidh an dearbhóir nó cuirfidh sé faoi deara go dtabharfar do na húdaráis custaim cibé faisnéis eile a iarrfar chun an luach custaim a chinneadh.
[11]	Ní chuirfean an fhaisnéis sin ar fáil agus na dleachtanna á ríomh ag riaracháin chustaim thar ceann oibreoirí eacnamaíocha ar bhonn faisnéise in áiteanna eile sa dearbhú. Seachas sin, tá sé roghnach do na Ballstáit.
[12]	Níl an fhaisnéis sin ag teastáil maidir le hearraí atá i dteideal faoisimh ó dhleachtanna ar allmhairí, mura rud é go measann na húdaráis chustaim go bhfuil sé riachtanach chun na forálacha lena rialaítear saorchúrsaíocht na n-earraí lena mbaineann a chur i bhfeidhm.

Uimhir an nóta	Tuairisc ar an nóta
[13]	Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil agus na dleachtanna á ríomh ag riaracháin chustaim thar ceann oibreoirí eacnamaíocha ar bhonn faisnéise in áiteanna eile sa dearbhú.
[14]	<p>Ach amháin i gcás ina mbeidh sé fíor-riachtanach ar mhaithe leis an luach custaim a chinneadh i gceart, tarscaoilfidh an Ballstát a ghlacfaidh leis an dearbhú an oibleagáid an fhaisnéis sin a sholáthar,</p> <ul style="list-style-type: none"> — i gcás nach mó ná EUR 20,000 luach custaim na n-earraí allmhairithe i gcoinsíneacht, ar choinníoll nach bhfuil siad roinnte nó nach coinsíneacht iomadúla iad ón gcoinsíneoir céanna go dtí an coinsíní céanna, nó — i gcás inar allmhairiú neamhthráchtála é an t-allmhairiú nó — i gcás tráchtála leanúnaigh in earraí a sholáthraíonn an díoltóir céanna don cheannaitheoir céanna faoi na coinníollacha tráchtála céanna.
[15]	Ní fhéadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a éileamh ach amháin i gcásanna ina socraítear an ráta malartaithe roimh ré trí chonradh idir na páirtithe lena mbaineann.
[16]	Lena dtabhairt chun críche ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i reachtaíocht an Aontais.
[17]	Ní theastóidh an fhaisnéis sin ach amháin i gcás nach dtaiscfear an dearbhú simplithe in éineacht le dearbhú imeachta achomair.
[18]	Tá an eilimint sonraí sin éigeantach i gcás táirgí talmhaíochta le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin.
[19]	Tá an eilimint sonraí sin éigeantach i gcás táirgí talmhaíochta atá faoi réir aisíocaíochtaí agus i gcás na n-earraí sin a n-éilíonn reachtaíocht an Aontais tionscnamh na n-earraí sin i gcomhthéacs na trádála le críocha fíoscacha speisialta.
[20]	<p>Tá an fhaisnéis sin ag teastáil sna cásanna a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) nach gcuirtear aon chóir fhabhrach i bhfeidhm nó (b) nach ionann an tír tionscnaimh neamhfhabhair agus an tír tionscnaimh fhabhrach.
[21]	Tá an fhaisnéis sin ag teastáil i gcás ina gcuirtear cóir fhabhrach i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as cód iomchuí E.S. 14 11 000 000 Fabhar.
[22]	Ní úsáidfear an fhaisnéis sin ach amháin i gcás imréitigh láraithe.
[23]	Ní úsáidfear an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina dtaiscfear an dearbhú stórála sealadaí nó an dearbhú custaim chun na hearraí a chur faoi nós imeachta speisialta nach é nós imeachta idirthurais é in oifig custaim atá éagsúil ón oifig custaim maoirseachta mar a léirítear san údarú faoi seach.
[24]	Ní bheidh an fhaisnéis sin ag teastáil ach amháin i gcás idirbhearta tráchtála a bhfuil dhá Bhallstát ar a laghad páirteach ann.
[25]	Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin d'fhonn í a chur isteach i dtaifid na ndearbhóirí agus sa chás amháin nach mbaineann urscaoileadh na n-earraí atá faoi stóráil shealadach ach le codanna den dearbhú stórála sealadaí a taisceadh roimhe sin i ndáil leis na hearraí lena mbaineann.
[26]	Is rogha mhalartach í an eilimint sonraí seo ar an gcód Tráchtarraí nuair nach gcuirtear ar fáil é.

Uimhir an nóta	Tuirisc ar an nóta
[27]	Is féidir an eilimint sonraí sin a chur ar fáil chun earraí a shainaithint a chumhdaítear le fógra i ndáil le hathonnmhairiú earraí atá á stóráil go sealadach i gcás nach n-athonnmhairítear cuid de na hearraí a chumhdaítear leis an dearbhú stórála sealadaí lena mbaineann.
[28]	Is rogha mhalartach í an eilimint sonraí seo ar thuairisc ar earraí nuair nach gcuirtear ar fáil é.
[29]	Níl an eilimint sonraí seo éigeantach i gcás inarb é TIR an cineál dearbhaithe.
[30]	Féadfaidh na Ballstáit an ceanglas sin a tharscaoileadh i gcás modhanna iompair seachas iompar d'iarnród i gcás nach dtrasnaítear teorainn sheachtrach an Aontais leis an ngluaiseacht idirthurais.
[31]	Ní gá an fhaisnéis sin a chur ar fáil nuair a chuirtear na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin i gcrích ag pointe fágála chríoch chustaim an Aontais.
[32]	Ní gá an eilimint sonraí sin a chur ar fáil nuair a chuirtear na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin i gcrích ag pointe iontrála chríoch chustaim an Aontais.
[33]	Tá an eilimint sonraí sin éigeantach i gcás táirgí talmhaíochta le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin, mura n-iompraítear iad tríd an bpost nó ar shuiteálacha seasta iompair. [I gcás iompar tríd an bpost nó ar shuiteálacha socraithe, ní bheidh gá leis an bhfaisnéis sin.]
[34]	Níl cead é a úsáid i gcás coinsíneachtaí poist nó iompar ar shuiteálacha seasta iompair.
[35]	I gcás ina n-iompraítear earraí in aonaid iompair ilmhódúla, amhail coimeádáin, cabhlacha soghluaiste agus leathleantóirí, féadfaidh na húdaráis chustaim a údarú do shealbhóir an nós imeachta idirthurais gan an fhaisnéis sin a sholáthar i gcás ina bhféadfaidh an patrún lóistíochta ag an bpointe imeachta cosc a chur ar chéannacht agus ar náisiúntacht na modhanna iompair a bheith curtha ar fáil tráth a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais, ar choinníoll go bhfuil uimhreacha uathúla ag na haonaid iompair ilmhódaigh agus go léirítear na huimhreacha sin in E.S. 19 07 063 000 Uimhir aitheantais an choimeádáin.
[36]	Sna cásanna seo a leanas, tarscaoilfidh na Ballstáit an oibleagáid an fhaisnéis sin a chur isteach maidir le dearbhú idirthurais arna thaisceadh san oifig imeachta i ndáil leis an modh iompair ina ndéantar na hearraí a luchtú go díreach: — i gcás nach féidir an eilimint sonraí sin a sholáthar leis an bpatrún lóistíochtúil agus go bhfuil stádas AEOC ag sealbhóir an nós imeachta idirthurais agus — i gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis ábhartha a rianú i gcás ina mbeidh gá leis trí thaifid shealbhóir an nós imeachta idirthurais.
[37]	Níl cead é a úsáid i gcás coinsíneachtaí poist nó iompar ar shuiteálacha seasta iompair nó iompar d'iarnród.
[38]	Tá an eilimint sonraí sin éigeantach i gcás táirgí talmhaíochta le haisíocaíochtaí onnmhairiúcháin, mura n-iompraítear iad tríd an bpost, ar shuiteálacha seasta iompair nó d'iarnród. [I gcás iompar tríd an bpost nó ar shuiteálacha socraithe nó d'iarnród, ní bheidh gá leis an bhfaisnéis sin.]
[39]	Ní theastóidh an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina mbeidh scaoileadh na n-earraí faoi réir ráthaíocht chuimsitheach a chur ar fáil.
[40]	Féadfaidh an Ballstát a ghlacfaidh leis an dearbhú an oibleagáid maidir le soláthar na faisnéise sin a tharscaoileadh i gcás ina bhfuil sé in ann measúnú ceart a dhéanamh uirthi agus inar chuir sé gnáthaimh ríomha chun feidhme chun toradh a bheadh comhoiriúnach le ceanglais staidrimh a sholáthar.
[41]	Ní úsáidfear an eilimint sonraí seo ach amháin i gcomhthéacs an dearbhaithe fhorlíontaigh maidir le hiontráil i dtaifid na ndearbhóirí.

Uimhir an nóta	Tuirisc ar an nóta
[42]	Ní úsáidfean an eilimint sonraí seo ach amháin i gcomhthéacs Carnet TIR.
[43]	Is gá uimhreacha míre na n-earraí ar fad sa choinsíneacht a bheith uathúil (an príomhleibhéal). Déanfar na míreanna a uimhriú ar bhealach seicheamhach, ag tosú ó 1 i gcás na chéad míre agus an uimhriú á incrimintíú faoi 1 maidir le gach mír a leanas.
[44]	Is gá uimhreacha míre na n-earraí ar fad sa choinsíneacht a bheith uathúil (leibhéal an tí). Déanfar na míreanna a uimhriú ar bhealach seicheamhach, ag tosú ó 1 i gcás na chéad míre agus an uimhriú á incrimintíú faoi 1 maidir le gach mír a leanas.
[45]	Soláthrófar an fhaisnéis sin ag an leibhéal coinsíneachta nó ag leibhéal coinsíneachta/míre na n-earraí. I gcás ina mbeidh an fhaisnéis chéanna infheidhme maidir le míreanna na n-earraí uile atá sa choinsíneacht chéanna, is ar leibhéal na coinsíneachta amháin a sholáthrófar í.
[46]	Dearbhófar an uimhir EORI.
[47]	I gcás inar sannadh uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír (TCUIN), dearbhófar í.
[48]	Dearbhófar ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas: Dáta agus am measta teachta (E.S 15 03 000 000); doiciméad iompair (E.S 12 05 000 000) nó doiciméad roimhe sin (E.S. 12 01 000 000). I muirthrácht chomh maith is féidir an eochair iontrála a úsáid.
[49]	Sa seoladh, dearbhófar an tsráid agus an uimhir nó an bosca P.O.
[50]	Ní gá an eilimint sonraí seo a chur ar fáil más rud é go dtaiscfear an dearbhú roimh imeacht.
[51]	Ní chuirfean an fhaisnéis sin ar fáil go dtí go leasófar an dearbhú.
[52]	Is féidir an fhaisnéis sin a chur ar fáil mar rogha mhalartach ar an bpríomhchinsíníú nó ar leibhéal coinsíneachta an tí arna iarraidh sin.
[53]	Is féidir an fhaisnéis sin a chur ar fáil mar rogha mhalartach ar choinsíneacht míre ar an bpríomhleibhéal nó coinsíneacht míre ar leibhéal an tí.
[54]	Níl an fhaisnéis sin ag teastáil: (a) i gcás ina ndearbhaítear go scaoilfean na hearraí i saorchúrsaíocht faoin scéim speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí arna n-allmhairiú ó thríú tíortha agus tríú críocha a leagtar amach i dTeideal XII CAIBIDIL 6 Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE; nó (b) i gcás gur earraí de chineál neamhthráchtála iad a chuireann daoine príobháideacha ó thríú tír chuig daoine príobháideacha eile i mBallstát agus atá díolmhaithe ó CBL de bhun Airteagal 1 de Threoir 2006/79/CE ón gComhairle (!).
[55]	Ní éilítear an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina ndearbhaítear go scaoilfean na hearraí i saorchúrsaíocht faoin scéim speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí arna n-allmhairiú ó thríú tíortha agus tríú críocha a leagtar amach i dTeideal XII CAIBIDIL 6 Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE.
[56]	Níl an fhaisnéis sin ag teastáil ach amháin má bhaineann an dearbhú le hearraí dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle.
[57]	Níl an fhaisnéis sin ag teastáil i gcásanna ina ndéantar earraí éagsúla a phacáil le chéile agus i gcás coinsíneachtaí poist.

Uimhir an nóta	Tuairisc ar an nóta
[58]	Maidir le hImréiteach Láraithe tráth an allmhairithe i gcás ina mbeidh níos mó ná Ballstát amháin i gceist, cuirfear an fhaisnéis a bhaineann leis na cóid náisiúnta ar fáil don Bhallstát Údarúcháin agus Tíolactha.
[59]	Nuair a úsáidtear an eilimint sonraí sin, cuirfear an cód nó an téacs ar a laghad ar fáil.
[60]	Ní mór an eilimint sonraí sin a sholáthar i gcás inarb ann d'údarú i gcomhréir leis an roinn ábhartha d'IarscríBHINN A a ghabhann leis an Rialachán seo, Teideal I CAIBIDIL 1.
[61]	Tá an eilimint sonraí seo roghnach nuair a chuirtear an dearbhú isteach roimh thíolacadh na n-earraí.
[62]	Bainfidh an fhaisnéis sin leis an staid mar atá tráth a dhéantar an dearbhú.
[63]	Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i gcás cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach.
[64]	Ní gá an ollmhais ar leibhéal na míreanna a dhearbhu más ar an leibhéal "MC" nó ar an leibhéal "HC" a dhearbhaítear an ollmhais iomlán.
[65]	Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go dtí go gcinneadh an t-údarás custaim na hearraí a shéalú.
[66]	Déanfar uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír (TCUIN) a dhearbhu, i gcás ina mbeidh sí ar fáil.
[67]	Beidh an fhaisnéis sin ag teastáil nuair a chuirfear Réigiún seolta ar fáil.
[68]	Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i gcás dearbhú a thaiscfear roimh ré.
[69]	Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go dtí go saineoidh an Ballstát lena mbaineann na cóid.
[70]	Níl cead é a úsáid i gcás nach bhfuil aon oifig chustaim idirthurais (17 04 000 000) dearbhaithe.
[71]	Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil más ionann í agus na modhanna iompair imeachta (19 05 000 000).
[72]	Féadfaidh na Ballstáit an oibleagáid sin a tharscaoileadh má cheadaíonn a gcórais dóibh an fhaisnéis sin a dhéanamh amach go huathoibríoch agus gan débhrí ó fhaisnéis in áiteanna eile sa dearbhú.
[73]	Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i gcás údarú úsáide deiridh.

(¹) Treoir 2006/79/CE ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2006 maidir leis an díolúine ó chánacha ar allmhairí coinsíneachtaí beaga d'earraí de chineál neamhthráchtála ó thríú tíortha (IO L 286, 17.10.2006, lch. 15).

TEIDEAL II

Nótaí maidir le ceanglais sonraí

Réamhrá:

Tá feidhm ag na tuairiscí agus na nótaí atá sa teideal seo maidir leis na heilimintí sonraí dá dtagraítear sna táblaí ceanglais sonraí i dTeideal I, CAIBIDIL 3, Ranna 1 go 12 den IarscríBHINN seo.

Ceanglais maidir le sonraí

Grúpa 11 – Faisnéis maidir le teachtaireachtaí (lena n-áirítear cóid nós imeachta)

11 01 000 000 An cineál dearbhaithe

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach an cód ábhartha Aontais.

11 02 000 000 An cineál dearbhaithe breise

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach cód ábhartha an Aontais.

- 11 03 000 000** *Uimhir míre na n-earraí*
Colúin A1 go A3, B1 go B4, C1, D1, D2, E1, E2, H1 go H7 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Uimhir na míre atá sa dearbhú, sa dearbhú achomair, san fhógra nó sa chruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais, i gcás ina bhfuil níos mó ná mír earraí amháin ann.
Colún C2 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Uimhir míre a sannadh do na hearraí ar iontráil dóibh i dtaifid an dearbhóra.
Colúin F10 go F15, F20 go F24 agus F26 go F33, F50, F51, G4, G5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Líon na míre atá i ngach coinsíneacht a chumhdaítear leis an dearbhú, an dearbhú achomair, an fógra, i gcás ina bhfuil níos mó ná mír earraí amháin ann.
Colún F43 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Uimhir míre a shanntar do na hearraí laistigh den CN23 lena mbaineann.
- 11 04 000 000** *Táscaire maidir le himthosca sonracha*
Colún tábla A2 maidir le ceanglais sonraí:
 Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, léirigh an mbaineann an dearbhú imeachta achomair le coinsíneacht shainráite.
Colúin F10 go F51, G4, G5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh an tacar sonraí nó an teaghlaim de thacair shonraí faoi seach arna gcur isteach ag an dearbhóir.
- 11 05 000 000** *Tascaire athionrála*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód ábhartha.
- 11 06 000 000** *Coinsíneacht roinnte:*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Léirigh ar roinneadh an choinsíneacht a chumhdaítear leis an doiciméad gaolmhar iompair.
- 11 06 001 000** *Tascaire coinsíneacht roinnte*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód ábhartha.
- 11 06 002 000** *MRN roimhe seo*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an MRN a sannadh don ENS a taisceadh ar dtús don choinsíneacht ábhartha (an príomhleibhéal).
- 11 07 000 000** *Slándáil*
Colún D1 agus D2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh an bhfuil an dearbhú comhcheangailte le EXS nó ENS.
- 11 08 000 000** *Táscaire tacair sonraí laghdaithe*
Colún D1 agus D2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh an bhfuil tacar sonraí laghdaithe sa dearbhú.
- 11 09 000 000** *Nós imeachta:*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as cóid ábhartha an Aontais, cuir isteach an nós imeachta lena ndearbhaítear na hearraí.
- 11 09 001 000** *An nós imeachta a iarradh*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh an nós imeachta custaim a chuirfear na hearraí faoina réir.

11 09 002 000 *An nós imeachta roimhe seo***Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh an nós imeachta custaim nach mbeidh na hearraí faoina réir a thuilleadh.

11 10 000 000 *An nós imeachta breise***Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an cód ábhartha Aontais nó an cód nós imeachta breise dá bhforáiltear ag an mBallstát lena mbaineann.

Grúpa 12 – Tagairtí do theachtaireachtaí, doiciméid, deimhnithe, údaruithe**12 01 000 000** *An doiciméad roimhe seo***Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Sonraigh na mionsonraí a bhaineann leis an doiciméad roimhe sin.

Colúin A3, B1, C1, C2, D1 go D3, H1 go H6, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le deireadh a chur leis an stóráil shealadach.

Áireofar ar na sonraí sin an chainníocht díscríofa agus an t-aonad tomhais lena mbaineann.

12 01 001 000 *Uimhir thagartha***Colúin A1, A2 agus A3 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

Cuir isteach an tagairt do stóráil shealadach an dearbhaithe stórála sealadaí faoinar cuireadh na hearraí.

Colúin B1 go B4, C1 agus C2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach sonraí tagartha na ndoiciméad roimh onnmhairiú chuig tríú tír/seoladh chuig Ballstát.

I gcás ina mbaineann an dearbhú le hearraí arna n-athonnmhairiú, cuir isteach sonraí tagartha an dearbhaithe lena gcuirtear earraí isteach don nós imeachta custaim roimhe sin faoinar cuireadh na hearraí.

I gcás ina mbaineann an dearbhú le hearraí máil, tabhair an tagairt don e-AD a eisíodh sular cuireadh na hearraí máil faoi nós imeachta onnmhairithe.

I gcás dearbhú forlíontach, cuir isteach an MRN don dearbhú simplithe a taisceadh roimhe sin.

Colún D1 go D3 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás dearbhú idirthurais, tabhair an tagairt don stóráil shealadach nó don nós imeachta custaim roimhe sin nó do dhoiciméid chustaim chomhfhreagracha.

I gcás an onnmhairithe agus an idirthurais ina dhiaidh sin, cuir isteach an MRN den dearbhú onnmhairiúcháin.

Colún E1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Más infheidhme, cuir isteach tagairt an dearbhaithe custaim lenar scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht.

I gcás ina gcuirfeadh MRN an dearbhaithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht ar fáil agus nach mbainfidh cruthúnas stádais custaim earraí de chuid an Aontais le míreanna earraí uile an dearbhaithe custaim, cuir isteach na huimhreacha míre faoi seach sa dearbhú custaim.

Colún E2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás inarb infheidhme, cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála achomair nó MRN na ndearbhuithe iontrála achomair a taisceadh i ndáil leis na hearraí sular tháinig siad isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

I gcás earraí de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme agus i gcás ina mbeidh sé ar fáil don duine a thaisc an lastliosta earraí custaim, cuir isteach tagairt an dearbhaithe custaim lenar scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht.

I gcás ina gcuirfear MRN an dearbhaithe iontrála achomair nó an dearbhaithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht ar fáil agus nach mbainfidh an lastliosta earraí custaim le míreanna earraí uile an dearbhaithe iontrála achomair nó an dearbhaithe custaim lena mbaineann, cuir isteach uimhreacha na míreanna lena mbaineann sa dearbhú iontrála achomair nó sa dearbhú custaim, i gcás ina mbeidh siad ar fáil don duine a thaiscfeadh an lastliosta leictreonach.

Colún F25 sa tábla maidir le ceanglais sonraí

Cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála achomair ghaolmhar atá le forlíonadh leis an bhfaisnéis sin.

Colún G2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála achomair nó na ndearbhuithe iontrála achomair, tagairt don phríomhdhoiciméad iompair nó i dtrácht muirí an eochair iontrála a bhaineann leis an gcoinsíneacht lena mbaineann faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i dTeideal I, CAIBIDIL 3 den IarscríBHINN seo.

Colún G3 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Gan dochar d'Airteagal 139(4) den Chód, cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála achomair nó na ndearbhuithe iontrála achomair nó, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 130 den Chód, dearbhú stórála sealadaí nó an dearbhú custaim nó na ndearbhuithe custaim a taisceadh i ndáil leis na hearraí.

I gcás earraí de chuid an Aontais agus más infheidhme, cuir isteach tagairt an dearbhaithe custaim lenar scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht nó an tagairt don Chruthúnas ar Stádas Earraí an Aontais.

I gcás nach mbaineann an fógra tíolactha le míreanna na n-earraí ar fad sa dearbhú dá dtagraítear roimhe seo nó sa Chruthúnas ar Stádas Earraí an Aontais, soláthróidh an duine a thíolacann na hearraí an uimhir ábhartha míre nó na huimhreacha ábhartha míre a sannadh do na hearraí sa dearbhú roimhe sin nó sa Chruthúnas ar Stádas Earraí an Aontais.

Colún G4 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Gan dochar d'Airteagal 145(4) den Chód, cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála achomair nó MRN na ndearbhuithe iontrála achomair a bhaineann leis an gcoinsíneacht lena mbaineann.

I gcás ina dtaiscfear dearbhú stórála sealadaí tar éis dheireadh an nós imeachta idirthurais i gcomhréir le hAirteagal 145(11) den Chód, cuirfear MRN an dearbhaithe idirthurais ar fáil.

I gcás ina soláthrófar MRN an dearbhaithe iontrála achomair, an dearbhaithe idirthurais, nó sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 130 den Chód, MRN an dearbhaithe custaim, agus nach mbaineann an dearbhú stórála sealadaí leis na míreanna earraí uile sa dearbhú iontrála achomair, sa dearbhú idirthurais nó sa dearbhú custaim, soláthróidh an dearbhóir an uimhir ábhartha míre nó na huimhreacha ábhartha míre a cuireadh i leith na n-earraí sa dearbhú iontrála achomair bunaidh, sa dearbhú idirthurais bunaidh nó sa dearbhú custaim bunaidh.

Colún G5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach MRN an dearbhaithe stórála sealadaí nó MRN na ndearbhuithe stórála sealadaí a taisceadh maidir leis na hearraí san áit ar thosaigh an ghluaiseacht.

I gcás nach mbaineann MRN an dearbhaithe stórála sealadaí le míreanna na n-earraí ar fad sa dearbhú stórála sealadaí lena mbaineann, déanfaidh an duine a thugann fógra maidir le teacht na n-earraí tar éis na gluaiseachta faoi stóráil shealadach an uimhir ábhartha míre nó na huimhreacha ábhartha míre a cuireadh i leith na n-earraí sa dearbhú stórála sealadaí bunaidh.

Colúin H1 go H5, I1 agus I2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí

Cuir isteach tagairt don dearbhú stórála sealadaí nó do dhoiciméad ar bith roimhe sin.

Ní sholáthrófar aitheantóir míre na n-earraí ach amháin i gcásanna inar gá mír na n-earraí lena mbaineann a shainaithint gan débhrí.

I gcás ina mbaineann an dearbhú le hearraí máil atá faoi réir fionraí dleachta, tabhair tagairt don e-AD, i gcás ina n-eisítear é.

I gcás dearbhú forlíontach, cuir isteach an MRN don dearbhú simplithe a taisceadh roimhe sin.

Colún H6 agus H7 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Má dhéantar an dearbhú iontrála achomair agus an dearbhú custaim a thaisceadh ar leithligh, trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach MRN an dearbhaithe iontrála achomair nó MRN aon doiciméid eile roimhe sin.

- 12 01 002 000** *Cineál*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, sonraigh an cineál doiciméid atá ann.
- 12 01 003 000** *Cineál na bpacáistí*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód lena sonraítear cineál na bpacáistí a bhaineann le díscríobh líon na bpacáistí.
- 12 01 004 000** *Líon na bpacáistí*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an líon ábhartha díscríofa pacáistí.
- 12 01 005 000** *Aonad tomhais agus cáilitheoir*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Úsáidfead na haonaid tomhais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, mar a fhoilsítear in TARIC. Is féidir cáilitheoir breise a úsáid, i gcás inarb infheidhme.
 Cuir isteach an t-aonad tomhais ábhartha díscríofa agus an cáilitheoir ábhartha díscríofa.
- 12 01 006 000** *Cainníocht*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an chainníocht ábhartha díscríofa.
- 12 01 079 000** *Comhlánú faisnéise*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach faisnéis chomhlántach maidir leis an doiciméad roimhe seo.
 Cuireann an eilimint sonraí sin ar chumas an oibreora eacnamaíoch aon fhaisnéis chomhlántach a bhaineann leis an doiciméad roimhe seo a sholáthar.
- 12 01 007 000** *Aitheantóir míre na n-earraí*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach uimhir míre na n-earraí mar a dearbhaíodh sa doiciméad roimhe seo í.
- 12 02 000 000** *Tuilleadh faisnéise:*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Bain úsáid as an eilimint sonraí seo i ndáil le faisnéis nach sonraítear i reachtaíocht an Aontais an réimse ina gcuirfead isteach í.
Colún H7 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Aon fhaisnéis a chuirfidh an dearbhóir ar fáil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun an mhír lena mbaineann a scaoileadh i saorchúrsaíocht.
- 12 02 008 000** *Cód*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear, seachas colún H7:
 Cuir isteach cód ábhartha an Aontais, agus, más infheidhme, an cód dá bhforáilann an Ballstát lena mbaineann.
- 12 02 009 000** *Téacs*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear, seachas colún H7:
 Féadfar aon téacs míniúcháin maidir leis an gcód dearbhaithe a chur ar fáil más gá.
Colún H7 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Aon fhaisnéis a chuirfidh an dearbhóir ar fáil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun an mhír lena mbaineann a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

12 03 000 000 ***Doiciméad tacaíochta*****12 03 001 000** ***Uimhir thagartha*****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

(a) Uimhir aitheantais nó uimhir thagartha dhoiciméid nó dheimhnithe de chuid an Aontais nó doiciméid nó deimhnithe idirnáisiúnta a táirgeadh chun tacú leis an dearbhú.

Trí úsáid a bhaint as cóid ábhartha an Aontais, cuir isteach na sonraí a éilítear le haon rial shonrach is infheidhme, mar aon le sonraí tagartha na ndoiciméad a táirgeadh chun tacú leis an dearbhú.

(b) Uimhir aitheantais nó uimhir thagartha doiciméid nó deimhnithe idirnáisiúnta a táirgeadh chun tacú leis an dearbhú.

Colún B1 go B4, C1, H1 go H7 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le ceadúnais agus deimhnithe onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin.

Áireofar sna sonraí sin an tagairt don údarás a d'eisigh an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann, tréimhse bhailíochta an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann, an méid nó an chainníocht díscríofa agus an t-aonad tomhais faoi seach.

Colún H1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina bhfuil uimhir aitheantais ag Conradh díolacháin na n-earraí lena mbaineann, ní mór an uimhir sin a chur isteach. Más infheidhme, cuir isteach dáta an chonartha dhíolacháin freisin.

Ach amháin i gcás ina mbeidh sé fíor-riachtanach ar mhaithe leis an luach custaim a chinneadh i gceart, tarscaoilfidh an Ballstát a ghlacfaidh leis an dearbhú an oibleagáid faisnéis sin a sholáthar maidir le dáta agus uimhir an chonartha dhíolacháin,

— i gcás nach mó ná EUR 20,000 luach custaim na n-earraí allmhairithe i gcoinsíneacht, ar choinníoll nach bhfuil siad roinnte nó nach coinsíneacht iomadúla iad ón gcoinsíneoir céanna go dtí an coinsíní céanna, nó

— i gcás inar allmhairiú neamhthráchtála é an t-allmhairiú, nó – i gcás tráchta leanúnaigh in earraí a sholáthraíonn an díoltóir céanna don cheannaitheoir céanna faoi na coinníollacha tráchtála céanna.

Is féidir leis na Ballstáit an oibleagáid faisnéis maidir le dáta agus uimhir an chonartha dhíolacháin a tharscaoileadh i gcás nach féidir luach custaim na n-earraí a chinneadh faoi fhorálacha Airteagal 70 den Chód. I gcásanna den sórt sin tabharfaidh an dearbhóir nó cuirfidh sé faoi deara go dtabharfar do na húdaráis custaim cibé faisnéis eile a iarrfar chun an luach custaim a chinneadh.

Colún I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina n-iarrfar an sochar ó tharaif-chuóta a sheirbheáiltear den chéad uair i gcás na n-earraí atá dearbhaithe sa dearbhú simplithe, déanfar na doiciméid riachtanacha uile a dhearbhu sa dearbhú simplithe agus beidh siad ar fáil don dearbhóir agus do na húdaráis chustaim chun go mbeidh an dearbhóir in ann leas a bhaint as an taraif-chuóta de réir an dáta a nglacfar leis an dearbhú simplithe.

12 03 002 000 ***Cineál*****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh an cineál doiciméid atá ann.

Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le ceadúnais agus deimhnithe onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin.

12 03 010 000 ***Ainm an údaráis eisiúna*****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach tagairt don údarás a eisiúnn an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann.

12 03 005 000 ***Aonad tomhais agus cáilitheoir*****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Úsáidfead na haonaid tomhais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, mar a fhoilsítear in TARIC. Is féidir cáilitheoir breise a úsáid, más infheidhme.

- 12 03 006 000** *Cainníocht*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an chainníocht ábhartha díscríofa.
- 12 03 011 000** *An dáta bailíochta*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach dáta deiridh bailíochta an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann.
- 12 03 012 000** *Airgeadra*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach an cóid airgeadra.
- 12 03 013 000** *Uimhir míre líne an doiciméid*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach uimhir sheicheamhach na míre sa doiciméad tacaíochta (e.g. deimhniú, ceadúnas, cead, doiciméad iontrála etc.), a fhreagraíonn don mhír atá i gceist.
- 12 03 014 000** *Méid*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an méid iomchuí díscríofa.
- 12 04 000 000** *Tagairt bhreise*
- 12 04 001 000** *Uimhir aitheantais*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Uimhir thagartha d'aon dearbhú breise a dhéantar nach gcumhdaítear leis an Doiciméad Tacaíochta, leis an doiciméad iompair ná le faisnéis bhreise.
- 12 04 002 000** *Cineál*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha de chuid an Aontais, cuir isteach na sonraí a cheanglaítear le haon riail shonrach is infheidhme.
- 12 05 000 000** *Doiciméad iompair*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Áirítear leis an eilimint sonraí sin cineál agus tagairt an doiciméid iompair.
- 12 05 001 000** *Uimhir thagartha*
Colún tábla A1 go A3, B1, B2, B4 agus C1 maidir le ceanglais sonraí:
 Áirítear sa eilimint sonraí sin tagairt don doiciméad nó do na doiciméid iompair lena gcumhdaítear iompar earraí nuair a fhágann siad críoch chustaim an Aontais.
Colún D3 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Áirítear leis an eilimint sonraí sin tagairt don doiciméad iompair a úsáidtear mar dhearbhu idirthurais.
Colún E2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Trí úsáid a bhaint as cóid ábhartha an Aontais, cuir isteach tagairt an doiciméid iompair lena gcumhdaítear iompar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais atá beartaithe nó – i gcás Eisitheoirí Údaraithe – iompar críochnaithe earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.
 I gcás tráchta muirí faoi shocrú roinnte soitheach nó faoi shocrú conraitheoireachta comhchosúil, is don doiciméad iompair a d'eisigh an duine a thug Conradh i gcrích, agus a d'eisigh bille luchta nó bille iompair d'iompar iarbhrí na n-earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, a thagraíonn uimhir an doiciméid iompair atá le soláthar.
 Is rogha mhalartach í uimhir an doiciméid iompair ar an uimhir thagartha uathúil choinsíneachta (UCR) nuair nach bhfuil an uimhir thagartha choinsíneachta sin ar fáil.

Colúin F10 go F42 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Tagairt don doiciméad nó do na doiciméid iompair lena gcumhdaítear iompar earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Má chumhdaítear iompar earraí le dhá dhoiciméad iompair nó níos mó, i.e. príomhleibhéal agus leibhéal an tí an chonartha iompair, ní mór na conarthaí comhfhreagracha iompair ar an bpríomhleibhéal agus na conarthaí comhfhreagracha iompair ar leibhéal an tí araon a lua ar an leibhéal iomchuí. Ní féidir ach conradh iompair amháin ar an bpríomhleibhéil a dhearbhu in aghaidh gach dearbhaithe iontrála achomair. Uimhir thagartha an phríomhbhille luchta, an bhille luchta díreach, an phríomhbhille iompair aeir agus bhille iompair aeir an tí, beidh sí uathúil go ceann bliain amháin ar a laghad tar éis a eisiúna ag na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann.

Colúin F14 go F16, F22 agus F33 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina gcuirfidh duine seachas an t-iompróir sonraí an dearbhaithe iontrála achomair isteach de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 112(1) agus Airteagal 113(2), is gá uimhir an phríomhbhille luchta chomhfhreagraigh nó an phríomhbhille iompair aeir chomhfhreagraigh a chur ar fáil freisin, chomh maith le bille luchta an tí nó uimhir bhille iompair aeir an tí.

Colúin F16 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Más rud é, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 112(1), go dtíolacann coinsíní sonraí an dearbhaithe iontrála achomair, uimhir an dearbhaithe iontrála achomair:

- (a) is gá bille luchta díreach arna eisiúint ag an iompróir a sholáthar, nó i gcás inarb infheidhme;
- (b) an príomhbhille luchta arna eisiúint ag an iompróir agus an bille luchta is ísle arna eisiúint ag duine eile de réir Airteagal 112(1) an chéad fomhír, is gá iad a sholáthar i gcás ina n-eisítear bille luchta breise i leith na n-earraí céanna is bun leis an bpríomhbhille ón iompróir.

Colúin tábla F23 go F26 agus F33 maidir le ceanglais sonraí:

Cuirfear uimhir thagartha bhille iompair aeir an tí agus an phríomhbhille iompair aeir ar fáil, má tá sí ar fáil tráth an tíolactha. De rogha air sin, i gcás nach mbeidh an phríomhthagairt ar fáil tráth an churtha isteach, féadfaidh an duine lena mbaineann uimhir thagartha an phríomhbhille iompair aeir a sholáthar ar leithligh, sula luchtófar na hearraí ar an aerárthach. Sa chás sin, tá tagairtí san fhaisnéis freisin do bhíllí iompair aeir uile an tí a thagann faoin bpríomhchonradh iompair. Fanfaidh uimhir thagartha an phríomhbhille iompair aeir agus bhille iompair aeir an tí uathúil go ceann trí bliana ar a laghad tar éis a eisiúna ag na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann.

Colúin F43 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Dearbhófar uimhir míre poist (uimhir ATMATT) a fhreagraíonn do AC 23 lena mbaineann.

Colúin F44 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Uimhreacha míreanna poist [uimhir/uimhreacha ITMATT] a fhreagraíonn don AC 23 a chumhdaíonn na hearraí atá sa choimeádán ina n-iompraítear iad.

Colúin F50 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Tagróidh an fhaisnéis seo do nóta coinsíneachta bóthair (CMR).

Colúin tábla G2 go G5, H1, H7, I1 agus I2 maidir le ceanglais sonraí:

Áireofar san fhaisnéis sin tagairt don doiciméad iompair lenar tugadh na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

12 05 002 000 Cineál**Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh an cineál doiciméid atá ann.

12 06 000 000 Uimhir carnet TIR**Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Áirítear san eilimint sonraí seo uimhir thagartha Carnet TIR.

12 07 000 000 Tagairt an iarratais ar tharchur**Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an uimhir thagartha ón iarraidh ar tharchur a fuarthas.

Ní sholáthrófar an eilimint sonraí sin ach amháin i gcás ina leasófar an dearbhú mar gheall ar iarratas ar tharchur.

12 08 000 000 **Uimhir thagartha/UCR****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Baineann an iontráil seo leis an uimhir thagartha tráchtála uathúil a shann an duine lena mbaineann don choinsíneacht atá i gceist.

D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm cóid WCO (ISO 15459) nó i bhfoirm a gcoibhéise. Cuireann sé rochtain ar fáil ar shonraí tráchtála foluiteacha a bheadh ina n-ábhar spéise ag lucht custaim iontu.

Colún H7 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Féadfar an iontráil seo a úsáid chun aitheantóir an idirbhirt a shonrú (amhail an tagairt don chonradh ceannaigh), má dhearbhaítear go scaoilfear na hearraí i saorchúrsaíocht faoin scéim speisialta i gcomhair ciandíolacháin earraí arna n-allmhairiú ó thríú tíortha agus críocha a leagtar amach i dTeideal XII CAIBIDIL 6 Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE.

12 09 000 000 **An uimhir thagartha áitiúil****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Úsáidfeadh an uimhir thagartha áitiúil (LRN). Déanann an dearbhóir é a shainiú agus a leithdháileadh go náisiúnta i gcomhaontú leis na húdaráis inniúla chun gach dearbhú aonair a shainiú.

12 10 000 000 **Iarchur íocaíochta****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach, i gcás inarb infheidhme, uimhir an chuntais; féadfaidh íocaíocht iarchurtha anseo tagairt a dhéanamh d'íocaíocht iarchurtha dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí agus do chreidmheas cánach araon.

12 11 000 000 **Trádstóras****12 11 002 000** **Cineál****Colúin B1 go B4, G4 agus H1 go H5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

Trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach an cineál saoráid stórála atá ann.

Colún G5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach cineál na saoráide stórála sealadaí cinn scríbe.

12 11 015 000 **Aitheantóir****Colúin B1 go B4, G4 agus H1 go H5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

Cuir isteach uimhir údaraithe an trádstórais nó na saoráide stórála sealadaí lena mbaineann.

Colún G5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an uimhir údaraithe ábhartha.

12 12 000 000 **Údarú****12 12 002 000** **Cineál****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh an cineál doiciméid atá ann.

12 12 001 000 **Uimhir thagartha****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach uimhir thagartha na n-údaruithe uile is gá maidir leis an dearbhú agus an fógra.

I gcásanna ina bhfuil an dearbhóir nó allmhaireoir na ndearbhuithe allmhairiúcháin nó onnmhaireoir na ndearbhuithe onnmhairiúcháin ina shealbhóir ar chinneadh bailí FTC agus/nó ar chinneadh FCT lena gcuimhdaítear na hearraí a bhaineann leis an dearbhú, sonrúidh an dearbhóir uimhir thagartha FTC agus/nó uimhir thagartha an chinnidh FCT.

12 12 080 000 **Sealbhóir an údaraithe****Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach uimhir EORI an duine lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 1(18).

Grúpa 13 – Páirtithe

13 01 000 000 *Onnmhaiseoir*

Colún B1 go B4, C1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás dearbhú onnmhairithe, is é an t-onnmhaiseoir an duine atá sainmhínithe in Airteagal 1(19).

I gcás an athonnmhairithe, sonraigh an duine a thaisceann an dearbhú athonnmhairiúcháin nó an duine a dtaisctear an dearbhú athonnmhairiúcháin thar a cheann.

Colún B4 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcomhthéacs na trádála le críocha fíoscacha speisialta, is é an t-onnmhaiseoir an coinsíneoir.

Colúin H1, H3, H4 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Is é an t-onnmhaiseoir díoltóir deiridh na n-earraí sula n-allmhairítear iad isteach san Aontas.

Colún H5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Is é an t-onnmhaiseoir an coinsíneoir i gcomhthéacs na trádála le críocha fíoscacha speisialta. Is é an coinsíneoir díoltóir deiridh na n-earraí.

Colúin H6 agus H7 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach ainm agus seoladh iomlán an duine atá ag coinsíniú na n-earraí mar a leagtar síos sa chonradh iompair ag an bpáirtí atá ag ordú an iompair.

13 01 016 000 *Ainm*

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach ainm iomlán (duine nó cuideachta) an onnmhaiseora.

13 01 017 000 *Uimhir aitheantais*

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach uimhir EORI an duine lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 1(18).

Colúin B1 go B4, C1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás nach bhfuil uimhir EORI ag an onnmhaiseoir, féadfaidh an riarachán custaim uimhir *ad hoc* a shannadh don dearbhú lena mbaineann.

Colúin H1, H3 agus H4 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach uimhir EORI dhíoltóir deiridh na n-earraí sula n-allmhaiseofar isteach san Aontas iad.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an tAontas, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas. Féadfar an uimhir sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don deabhóir.

Colúin H1 agus H3 go H6 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina bhfuil uimhir aitheantais ag teastáil, cuir isteach uimhir EORI an duine lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 1(18). Más rud é nár sannadh uimhir EORI don onnmhaiseoir, cuir isteach an uimhir a iarrtar le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann.

Colún H5 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach uimhir EORI an choinsíneora a ghníomhaíonn mar ‘onnmhaiseoir’ i gcomhthéacs na trádála le críocha fíoscacha speisialta. Is é an coinsíneoir díoltóir deiridh na n-earraí sula dtugtar isteach iad sa chríoch fhioscach ina bhfuil na hearraí le scaoileadh.

13 01 018 000 *Seoladh:*

13 01 018 019 *Sráid agus uimhir*

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

13 01 018 020 *Tír*

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach cód na tíre.

- 13 01 018 021** *Cód poist*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh sonraí na seoltaí gaolmhara.
- 13 01 018 022** *Cathair*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach ainm na cathrach ar sheoladh an pháirtí.
- 13 02 000 000** **Coinsíneoir**
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Páirtí a choinsíneoidh earraí mar a shonraítear sa chonradh iompair de réir an pháirtí atá ag ordú an iompair.
 Ní mór an eilimint sin a chur ar fáil nuair nach ionann í agus an dearbhóir.
Colúin F11, F20, F27, F28, F29, F31, F50, F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 An páirtí a choinsíneoidh earraí mar a shonraítear sa chonradh iompair de réir an pháirtí atá ag ordú an iompair, ní mór dó na hearraí a chur ar fáil ar phríomhleibhéal na coinsíneachta.
 An páirtí a choinsíneoidh na n-earraí mar a leagtar síos i mBille Luchta an Tí is ísle nó i mBille Iompair Aeir an Tí is ísle, ní mór dó na hearraí a chur ar fáil ar leibhéal coinsíneachta an tí. Caithfidh an duine sin a bheith difriúil ón iompróir, seoltóir lasta, comhdhlúiteoir, oibreoir poist, nó gníomhaire custaim.
Colúin F12, F21, F40, F41, F42, F45 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 An páirtí a choinsíneoidh earraí mar a shonraítear sa chonradh iompair de réir an pháirtí atá ag ordú an iompair, ní mór dó na hearraí a chur ar fáil ar phríomhleibhéal na coinsíneachta.
Colúin F10, F13, F14, F15, F22, F23, F24, F26, F30, F33, F43 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 An páirtí a choinsíneoidh na n-earraí mar a leagtar síos i mBille Luchta an Tí is ísle nó i mBille Iompair Aeir an Tí is ísle, ní mór dó na hearraí a chur ar fáil ar leibhéal coinsíneachta an tí. Caithfidh an duine sin a bheith difriúil ón iompróir, seoltóir lasta, comhdhlúiteoir, oibreoir poist, nó gníomhaire custaim.
- 13 02 016 000** *Ainm*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an t-ainm iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an pháirtí.
- 13 02 017 000** *Uimhir aitheantais*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an uimhir EORI dá dtagraítear in Airteagal 1(18) an duine lena mbaineann.
 I gcás ina ndéonaítear éascuithe faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an tAontas, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas. Féadfar an uimhir sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don deabhóir.
- 13 02 028 000** *An cineál duine*
I gcás ina n-allmhairítear earraí d'fhonn iad a chur faoin nós imeachta próiseála isteach, is é an Ballstát cinn scríbe an Ballstát ina ndéanfar an chéad ghníomhaíocht próiseála.

16 04 000 000 Réigiún cinn scríbe**Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha arna shainiú ag na Ballstáit, cuir isteach réigiún cinn scríbe na n-earraí laistigh den Bhallstát lena mbaineann.

16 05 000 000 Áit Seachadta**16 05 036 000** NA/LOCODE**Colúin F10 go F13, F20, F21, F27 go F29, F31, F50 agus F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás muiriompair, cuir isteach NA/LOCODE, mar a leagtar síos sa phríomhbhille luchta.

I gcás aeriompair, cuir isteach ceann scríbe na n-earraí, trí úsáid a bhaint as NA/LOCODE, mar a leagtar síos sa phríomhbhille iompair air.

Colúin tábla F11, F14, F15, F22, F26, F27, F31, F50 agus F51 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás muiriompair, cuir isteach NA/LOCODE, mar a leagtar síos i mbille luchta an tí.

I gcás aeriompair, cuir isteach ceann scríbe na n-earraí, trí úsáid a bhaint as NA/LOCODE, mar a leagtar síos i mbille iompair air an tí.

16 05 020 000 Tír**Colúin F10 go F13, F20, F21, F27 go F29, F31, F50 agus F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás trácht farraige, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre an tsuímh ina dtarlaíonn an seachadadh lasmuigh den chalafort díluchtaithe, mar a leagtar síos sa phríomhbhille luchta.

I gcás aerthráchta, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre an tsuímh ina dtarlaíonn an seachadadh lasmuigh den aerfort díluchtaithe, mar a leagtar síos sa phríomhbhille iompair air.

Colúin F14-15, F22 agus F26 agus F33 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás trácht farraige, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre an tsuímh ina dtarlaíonn an seachadadh lasmuigh den chalafort díluchtaithe, mar a leagtar síos i mbille luchta an tí.

I gcás aerthráchta, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre an tsuímh ina dtarlaíonn an seachadadh lasmuigh den aerfort díluchtaithe, mar a leagtar síos i mbille iompair air an tí.

16 05 037 000 Suíomh**Colúin F10 go F13, F20, F21, F27 go F29, F50 agus F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás trácht farraige, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite ina ndéantar an seachadadh lasmuigh den chalafort díluchtaithe, mar a leagtar síos sa phríomhbhille luchta.

I gcás aerthráchta, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm an tsuímh ina ndéantar an seachadadh lasmuigh den aerfort díluchtaithe, mar a leagtar síos sa phríomhbhille iompair air.

Colúin F11, F14, F15, F22, F26, F27, F50, F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

I gcás trácht farraige, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite ina ndéantar an seachadadh lasmuigh den chalafort díluchtaithe, mar a leagtar síos i mbille luchta an tí.

I gcás aerthráchta, nuair nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm an tsuímh ina ndéantar an seachadadh lasmuigh den aerfort díluchtaithe, mar a leagtar síos i mbille iompair air an tí.

16 06 000 000 Tír seolta**Colún D1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:**

Ní úsáidtear an eilimint sonraí seo ach amháin maidir le Carnet TIR. Cuir isteach cód ábhartha an Aontais don tír inar thosaigh an ghluaiseacht TIR agus inar seoladh an Carnet TIR.

Colúin H1, H2 go H5 agus I1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Mura dtarlaíonn idirbheart tráchtála (e.g. díol ná próiseáil), ná stopadh nach mbaineann le hiompar earraí i dtír idirmheánach, cuir isteach cód ábhartha an Aontais chun an tír ónar seoladh na hearraí ar dtús chuig an mBallstát ina bhfuil na hearraí lonnaithe tráth a gcuirtear faoi réir an nós imeachta custaim iad a chur in iúl tráth. Más rud é gur tharla stopadh nó idirbheart tráchtála den sórt sin, sonraigh an tír idirmheánach dheireanach.

Chun críche an cheanglais sonraí sin, aon stopadh a dhéanfar chun na hearraí faoi bhealach a chomhdhlúthú, measfar baint a bheith aige sin le hiompar na n-earraí.

- 16 07 000 000** **Tír an onnmhairithe**
Colúin B1 go B4, C1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Cuir isteach cód ábhartha an Aontais don Bhallstát ina bhfuil na hearraí lonnaithe tráth a gcuirtear faoi réir an nós imeachta iad.
 I gcás inarb eol, áfach, gur tugadh na hearraí ó Bhallstát eile go dtí an Ballstát ina bhfuil na hearraí lonnaithe tráth a gcuirtear faoi réir an nós imeachta custaim iad, cuir é sin in iúl don Bhallstát eile, ar choinníoll (i) nár tugadh na hearraí as an mBallstát sin ach chun críche onnmhairithe; agus (ii) nach mbeidh an t-onnmhaireoir bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil na hearraí lonnaithe tráth a gcuirtear faoi réir sa nós imeachta custaim iad; agus (iii) nárbh fháil earraí ná idirbheart laistigh den Aontas a ndéileáiltear leo amhlaidh dá dtagraítear i dTreoir 2006//112/CE ón gComhairle arbh ea teacht isteach na n-earraí sa Bhallstát a bhfuil na hearraí lonnaithe tráth a gcuirtear faoi réir an nós imeachta custaim iad.
 I gcás ina n-onnmhairítear earraí i ndiaidh nós imeachta próiseála isteach, áfach, sonraigh an Ballstát ina ndearnadh an ghníomhaíocht próiseála dheireanach.
- 16 08 000 000** **Tír thionscnaimh**
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach cód ábhartha an Aontais maidir leis an tír thionscnaimh neamhfhabhair, mar a shainmhínítear i dTeideal II CAIBIDIL 2 den Chód.
- 16 09 000 000** **Tír thionscnaimh fhabhrach**
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Má iarrtar cóir fhabhrach atá bunaithe ar thionscnamh na n-earraí in E.S. 14 11 000 000 Fabhar, cuir isteach an tír nó an réigiún/grúpa de thíortha tionscnaimh fhabhraigh.
- 16 10 000 000** **Réigiún seolta**
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha arna shainiú ag na Ballstáit, cuir isteach an réigiún seolta nó táirgthe laistigh den Bhallstát lena mbaineann maidir leis na hearraí atá i gceist.
- 16 11 000 000** **Na tíortha trína ndéantar an modh iompair a ródú**
Colúin F10 go F13, F20, F21, F27 go F31, F40 go F42 agus F45 go F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Na tíortha trína ndéantar an modh iompair a ródú idir tír an imeachta bhunaidh agus tír an chinn scríbe dheiridh a shainaithint in ord croineolaíoch.
 I gcás aeriompair, ní gá ach na tíortha sin idir tír aerfoirt an imeachta bhunaidh agus tír aerfoirt an chinn scríbe deiridh a dhearbhu más rud é gur tugadh an t-aerárthach chun talún.
- 16 11 020 000** **Tír**
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód tíre ábhartha nó na cóid tíre ábhartha i seicheamh ceart de ródú éifeachtach an mhodha iompair.
 Ní éileofar an fhaisnéis sin ach amháin má mheasann an oifig custaim imeachta nó sealbhóir an nós imeachta gur gá cúrsa taistil a fhorordú le haghaidh ghluaiseacht na n-earraí le linn nós imeachta idirthurais an Aontais.
- 16 12 000 000** **Na tíortha trína ndéantar an choinsíneacht a ródú**
Colún A1 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Sa Dearbhú Imeachta Achomair nó nuair atá dearbhú imeachta achomair san áireamh i ndearbhú custaim, ní mór sainaithint na dtíortha a chur ar fáil – i bhfianaise na dtíortha cinn scríbe – chomh fada agus is eol sin.
Colún A2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Ní sholáthrófar ach tír is ceann scríbe deiridh na n-earraí.
Colún D1 agus D2 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 Sainaithint in ord croineolaíoch na dtíortha trína ndéantar na hearraí a ródú idir an tír imeachta agus an tír chinn scríbe. Cuimsíonn sé sin freisin tíortha imeachta agus tíortha cinn scríbe na n-earraí.

Colúin F11, F14 F15, F20, F22, F26, F27, F30, F33, F50 agus F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Sainaithint in ord croineolaíoch na dtíortha trína ndéantar na n-earraí a ródú idir tír an imeachta bhunaidh agus an ceann scríbe deiridh mar a leagtar síos i mBille Luchta an Tí is ísle, i mBille Iompair Aeir an Tí is ísle nó i ndoiciméad iompair bóthair/iarnróid.

16 12 020 000

Tír

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach an cód tíre nó na cóid tíre ábhartha i seicheamh ceart de ródú na coinsíneachta.

16 13 000 000

Ionad luchtaithe

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Sainaithint an chalafoirt, an aerfoirt, an chríochfoirt lasta, an stáisiúin iarnróid nó na háite eile ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an modh iompair atá á úsáid chun iad a iompar, lena n-áirítear an tír ina bhfuil sé lonnaithe. I gcás ina mbeidh sí ar fáil, cuirfear faisnéis chódaithe ar fáil chun an suíomh a shainaithint.

I gcás nach bhfuil aon NA/LOCODE ar fáil i dtaca leis an áit lena mbaineann, leanfaidh ainm na háite an cód tíre, agus déanfar é sin leis an uasleibhéal beachtais.

16 13 036 000

NA/LOCODE

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach NA/LOCODE i dtaca leis an áit ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an modh iompair atá á úsáid chun iad a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

16 13 020 000

Tír

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an modh iompair atá á úsáid chun iad a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

16 13 037 000

Suíomh

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an modh iompair atá á úsáid chun iad a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

16 14 000 000

Ionad díluchtaithe

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Sainaithint an chalafoirt, an aerfoirt, an chríochfoirt lasta, an stáisiúin iarnróid nó na háite eile ina ndíluchtáitear na hearraí ón modh iompair atá á úsáid chun iad a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear an tír ina bhfuil sé lonnaithe. I gcás ina mbeidh sí ar fáil, cuirfear faisnéis chódaithe ar fáil chun an suíomh a shainaithint.

I gcás nach bhfuil aon NA/LOCODE ar fáil maidir leis an áit lena mbaineann, leanfaidh ainm na háite an cód tíre, agus déanfar é sin leis an uasleibhéal beachtais.

16 14 036 000

NA/LOCODE

Colúin F10 go F13, F20, F21, F27 go F31, F40 go F42 agus F45 go F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach NA/LOCODE i dtaca leis an áit ina ndíluchtáitear na hearraí ón modh iompair a thug isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad.

16 14 020 000

Tír

Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre na háite ina ndíluchtáitear na hearraí ón modh iompair a thug isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad.

- 16 14 037 000** *Suíomh*
Colúin F10 go F13, F20, F21, F27 go F31, F40 go F42 agus F45 go F51 sa tábla maidir le ceanglais sonraí:
 I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite ina ndíluchtaítear na hearraí ón modh iompair a thug isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad.
- 16 15 000 000** *Suíomh na n-Earraí*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach an suíomh ina bhféadfar na hearraí a scrúdú. Beidh an suíomh sin beacht go leor le go mbeidh lucht custaim in ann rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí.
 Níl úsáidfeair ach cineál amháin suímh ag an am céanna.
- 16 15 045 000** *An cineál suímh*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód ábhartha atá sonraithe le haghaidh an chineáil suímh.
- 16 15 046 000** *Cáilitheoir aitheantais*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach an cód ábhartha chun an suíomh a shainaithint. Ní chuirfeair ach an t-aitheantóir ábhartha ar fáil bunaithe ar an gcáilitheoir a úsáidtear.
- 16 15 036 000** *NA/LOCODE*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Úsáid na cóid a shainítear i Liosta Cóid NA/LOCODE de réir Tíre.
- 16 15 047 000** *Oifig chustaim*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach cód ábhartha na hoifige custaim i gcás ina bhfuil earraí ar fáil le haghaidh tuilleadh rialaithe custaim.
- 16 15 047 001** *Uimhir thagartha*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige custaim ina bhfuil na hearraí ar fáil le haghaidh tuilleadh rialaithe custaim.
- 16 15 048 000** *GNSS*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach comhordanáidí ábhartha ó Chórais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) i gcás ina bhfuil earraí ar fáil.
- 16 15 048 049** *Domhanleithead*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach domhanleithead an tsuímh ina bhfuil na hearraí ar fáil.
- 16 15 048 050** *Domhanfhad*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach domhanfhad an tsuímh ina bhfuil na hearraí ar fáil.
- 16 15 051 000** *Oibreoir eacnamaíoch*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Úsáid a bhaint as uimhir aitheantais an oibreora eacnamaíoch ar féidir na hearraí a rialú ina áitreabh.
- 16 15 051 017** *Uimhir aitheantais*
Gach colún sa tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach uimhir EORI shealbhóir an údaraithe mar a fhoráiltear in Airteagal 1(18).

- 16 15 052 000** *Uimhir an Údaraithe*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach uimhir an údaraithe don suíomh atá i gceist.
- 16 15 053 000** *Aitheantóir breise*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 I gcás roinnt áitreabh, le gur féidir an suíomh a shonrú ar dhóigh níos beachte maidir le huimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíochta (EORI) nó maidir le húdarú, cuir isteach an cód ábhartha más ar fáil é.
- 16 15 018 000** *Seoladh:*
- 16 15 018 019** *Sráid agus uimhir*
 Cuir isteach an tsráid agus an uimhir ábhartha.
- 16 15 018 021** *Cód poist*
 Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.
- 16 15 018 022** *Cathair*
 Cuir isteach ainm cathrach sheoladh an pháirtí.
- 16 15 018 020** *Tír*
 Cuir isteach cód na tíre.
- 16 15 081 000** *Seoladh an chóid poist*
 D'fhéadfaí an fho-aicme a úsáid má tá sé indéanta suíomh na n-earraí a dhéanamh amach leis an gcód poist, agus le huimhir an tí más gá.
- 16 15 081 021** *Cód poist*
 Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shuíomh gaolmhar na n-earraí.
- 16 15 081 025** *Uimhir tí*
 Cuir isteach uimhir an tí le haghaidh shuíomh gaolmhar na n-earraí.
- 16 15 081 020** *Tír*
 Cuir isteach cód na tíre.
- 16 15 074 000** *Teagmhálaí*
- 16 15 074 016** *Ainm*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach ainm an teagmhálaí.
- 16 15 074 075** *Uimhir theileafóin*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach uimhir theileafóin an teagmhálaí.
- 16 15 074 076** *Seoladh Ríomhphoist*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cuir isteach seoladh ríomhphoist an teagmhálaí.
- 16 16 000 000** *Áit an ghlactha*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Áit a ndéanann an duine a eisiúnn an bille lucht na hearraí a ghlacadh ón gcoinsíneoir.
 Sainnithint an chalafoirt, an chríochfoirt lasta nó áit eile ina ndéantar na hearraí a ghlacadh ón seoltóir, lena n-áirítear an tír ina an áit sin suite. I gcás ina mbíonn sí ar fáil, cuirfear faisnéis chódaithe ar fáil le haghaidh an suíomh a shainnithint.

I gcás nach bhfuil aon UN/LOCODE (Cód na Náisiún Aontaithe maidir le Suíomhanna Trádála agus Iompair) ar fáil i leith an tsuímh lena mbaineann, bíodh ainm na háite ann i ndiaidh an chóid tíre, agus é chomh beacht agus is féidir.

16 16 036 000 ***UN/LOCODE***
Colúin tábla F10 go F15, F20, F21, F22, F26 go F29, F31, F33, F50 agus F51 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an UN/LOCODE don áit inar ghlac duine na hearraí ón gcoinsíneoir, is é sin an duine a d'eisigh an bille luchta, an bille iompair aeir nó aon doiciméad iompair eile..

16 16 020 000 ***Tír***

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás nach bhfuil an UN/LOCODE ar fáil, cuir isteach an cód tíre don áit inar ghlac duine na hearraí ón gcoinsíneoir, is é sin an duine a d'eisigh an bille luchta, an bille iompair aeir nó aon doiciméad iompair eile.

16 16 037 000 ***Suíomh***

Colúin tábla F10 go F15, F20, F21, F22, F26 go F29, F31, F50 agus F51 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás nach bhfuil an UN/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite don áit inar ghlac duine na hearraí ón gcoinsíneoir, is é sin an duine a d'eisigh an bille luchta, an bille iompair aeir nó aon doiciméad iompair eile.

16 17 000 000 ***Cúrsa taistil ceangailteach***

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as na cóid ábhartha, sonraigh má tá an cúrsa taistil ceangailteach i bhfeidhm. Sainítear sa chúrsa taistil ceangailteach bealach aistriú na n-earraí ón Oifig Custaim Imeachta chuig an Oifig Custaim Chinn Scríbe ar feadh cúrsa taistil a bhfuil bonn cirt leis ó thaobh eacnamaíoch de.

Grúpa 17 – Na hoifigí custaim

17 01 000 000 ***An oifig custaim imeachta***

17 01 001 000 ***Uimhir thagartha***

Colúin tábla A1, A2 agus A3 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach an oifig custaim óna n-imeoidh na hearraí as críoch chustaim an Aontais chuig ceann scríbe eachtrach.

Colúin tábla B1 go B3 agus C1 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach an oifig custaim a bhfuil sé i gceist go n-imeodh na hearraí uaithi as críoch chustaim an Aontais.

Colún tábla B4 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach an oifig custaim a bhfuil sé i gceist go n-imeodh na hearraí uaithi as an gcríoch fhioscach lena mbaineann.

17 02 000 000 ***Oifig custaim onnmhairithe***

17 02 001 000 ***Uimhir thagartha***

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina ndéantar na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin a chur i gcrích.

17 03 000 000 ***Oifig custaim imeachta***

17 03 001 000 ***Uimhir thagartha***

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina gcuirfear tús leis an oibríocht idirthurais de chuid an Aontais.

17 04 000 000 Oifig custaim idirthurais

17 04 001 000 *Uimhir thagartha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach an cód don oifig custaim iontrála atá beartaithe i ngach páirtí conarthach leis an gcoinbhinsiún idirthurais seachas an tAontas (dá ngairtear 'tír chomhchoiteann idirthurais nach tír de chuid an Aontais í anseo feasta) atá le trasnú agus an oifig custaim iontrála a rachaidh na hearraí isteach arís i gcríoch chustaim an Aontais tar éis dóibh críoch tíre comhchoitinne idirthurais nach tír de chuid an Aontais í a thrasnú, nó, i gcás ina bhfuil an lastas chun críoch nach críoch an Aontais nó tír chomhchoiteann idirthurais nach tír de chuid an Aontais í a thrasnú, cuir isteach an cód don an oifig custaim imeachta óna n-imíonn an t-iompar agus trína dtagann sé isteach san Aontas arís.

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige custaim lena mbaineann.

17 05 000 000 Oifig custaim chinn scríbe

17 05 001 000 *Uimhir thagartha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina dtiocfaidh deireadh leis an oibríocht idirthurais de chuid an Aontais.

17 06 000 000 Oifig custaim imeachta le haghaidh idirthurais

17 06 001 000 *Uimhir thagartha*

Colún tábla D1 agus D2 maidir le ceanglais sonraí:

Úsáidtear an eilimint sonraí sin i gcás go bhfuil an dearbhú maidir le hidirthuras comhcheangailte leis an dearbhú imeachta achomair gan an t-aistriú idirthurais ag cloí leis an nós imeachta onnmhairiúcháin. Cuir isteach an cód don oifig custaim atá beartaithe i gcás go n-imíonn an t-aistriú idirthurais ón limistéar sábháilteachta agus slándála.

Úsáid cód ábhartha an Aontais agus cuir isteach uimhir thagartha na hoifige lena mbaineann.

17 07 000 000 Oifig custaim na chéad iontrála

17 07 001 000 *Uimhir thagartha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Sainaithe na hoifige custaim atá freagrach as na foirmiúlachtaí i gcás ina bhfuil an modh gníomhach iompair ceaptha chun teacht i dtosach i gcríoch Chustaim an Aontais.

17 08 000 000 Oifig custaim iarbhír na chéad iontrála

17 08 001 000 *Uimhir thagartha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Sainaithe na hoifige custaim atá freagrach as na foirmiúlachtaí i gcás ina dtagann an modh gníomhach iompair isteach go hiarbhír i gcríoch Chustaim an Aontais.

17 09 000 000 Oifig custaim ina dtaispeántar earraí

17 09 001 000 *Uimhir thagartha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, sonraigh an oifig custaim ina dtíolactar na hearraí chun iad a chur faoi nós imeachta custaim nó faoi stóráil shealadach.

17 10 000 000 Oifig custaim maoirseachta

17 10 001 000 *Uimhir thagartha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, sonraigh an oifig custaim a luaitear san údarú faoi seach chun an nós imeachta a mhaoirsiú.

Colún tábla G5 maidir le ceanglais sonraí:

Beidh an fhaisnéis sin i bhfoirm aitheantóir na hoifige custaim maoirseachta atá inniúil don áis stórála sealadaí ag an gceann scríbe.

Grúpa 18 – Earraí a aithint**18 01 000 000****Glanmhais****Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an ghlanmhais, arna sloinneadh i gcileagraim, na n-earraí lena mbaineann an ítim earraí dearbhaithe ábhartha. Is ionann an ghlanmhais agus mais na n-earraí gan aon phacáistiú.

I gcás ina bhfuil codán d'aonad (kg) san áireamh i nglanmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú sa tslí seo a leanas:

— ó 0.001 go 0.499: slánú síos go dtí an kg is gaire;

— ó 0.5 go 0.999: slánú suas go dtí an kg is gaire.

Ba cheart ollmhais is lú ná 1 kg a iontráil mar '0' agus líon deachúlacha suas go dtí 6 ina dhiaidh sin, agus ba cheart gach '0' a aischor ag deireadh na cainníochta (e.g. 0.123 i gcás pacáiste 123 ghram, 0.00304 i gcás pacáiste 3 ghram agus 40 milleagram nó 0.000654 i gcás phacáiste 654 mhilleagram).

18 02 000 000**Aonaid fhorlíontacha****Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

I gcás inar gá, cuir isteach cainníocht na hítim i dtrácht, arna sloinneadh san aonad a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, de réir mar a fhoilsítear in TARIC.

18 03 000 000**Ollmhais iomlán****Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Is é atá san ollmhais iomlán meáchan earraí na coinsíneachta iomláine, lena n-áirítear pacáistiú, ach gan trealamh an iompróra don dearbhú a áireamh.

I gcás ina bhfuil codán d'aonad (kg) san áireamh in ollmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú sa tslí seo a leanas:

— ó 0.001 go 0.499: slánú síos go dtí an kg is gaire;

— ó 0.5 go 0.999: slánú suas go dtí an kg is gaire.

Ba cheart ollmhais is lú ná 1 kg a chur isteach mar '0' agus líon deachúlacha suas go dtí 6 ina dhiaidh sin, agus ba cheart gach '0' a chuileáil ag deireadh na cainníochta (e.g. 0.123 i gcás pacáiste 123 ghram, 0.00304 i gcás pacáiste 3 ghram agus 40 milleagram nó 0.000654 i gcás phacáiste 654 mhilleagram).

Colúin tábla maidir le ceanglais sonraí: F10 go F13, F20, F21, F27 go F29 agus F31:

Cuir isteach ollmhais iomlán na n-earraí lena mbaineann an choinsíneacht ábhartha, arna sloinneadh i gcileagraim, mar atá léirithe sa doiciméad máistir-leibhéil iompair. Mais chomhiomlán na n-earraí lena bpacáil go léir is ea an ollmhais, seachas coimeádáin agus trealamh iompair eile.

Colúin tábla maidir le ceanglais sonraí: F11, F14, F15, F20, F22 go 24, F26, F27, F30, F31, F32, F33, F43, F50, F51, G4

Iontráil ollmhais iomlán na n-earraí lena mbaineann an choinsíneacht ábhartha, arna sloinneadh i gcileagraim, mar a léirítear sa doiciméad iompair ar leibhéal an tí. Mais chomhiomlán na n-earraí lena bpacáil go léir is ea an ollmhais, seachas coimeádáin agus trealamh iompair eile.

18 04 000 000**Ollmhais****Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Is é atá san ollmhais iomlán meáchan na n-earraí, lena n-áirítear pacáistiú, ach gan trealamh an iompróra don dearbhú a áireamh.

I gcás ina bhfuil codán d'aonad (kg) san áireamh in ollmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú sa tslí seo a leanas:

— ó 0.001 go 0.499: slánú síos go dtí an kg is gaire;

— ó 0.5 go 0.999: slánú suas go dtí an kg is gaire.

Ba cheart ollmhais is lú ná 1 kg a iontráil mar '0' agus líon deachúlacha suas go dtí 6 ina dhiaidh sin, agus ba cheart gach '0' a aiscur ag deireadh na cainníochta (e.g. 0.123 i gcás pacáiste 123 ghram, 0.00304 i gcás pacáiste 3 ghram agus 40 milleagram nó 0.000654 i gcás phacáiste 654 mhilleagram).

Colúin tábla B1 go B4, C1, H1 go H6, I1 agus I2 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an ollmhais, arna sloinneadh i gcileagram, de na hearraí lena mbaineann an ítim ábhartha earraí.

Nuair a áirítear meáchan na bpailléad sna doiciméid iompair, cuirfeadh meáchan na bpailléad san áireamh freisin i ríomh na hollmhaise, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- Is ítim ar leith é an pailléad ar an dearbhú custaim.
- Tá an ráta dleachta don ítim atá i gceist bunaithe ar an ollmheáchan agus/nó déantar an cuóta taraife don ítim atá i gceist a bhainistiú san aonad tomhais 'ollmheáchan'.

Colúin tábla A1, A2, E1, E2, G4 agus G5 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás inar féidir é, féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch an t-ualú sin a sholáthar ag leibhéal na príomh-choinsíneachta/na príomh-choinsíneachta ítime/na coinsíneachta tí/ar leibhéal na hítim coinsíneachta tí.

Colúin tábla B1 go B4, C1, D1 to D3, H1 to H7, I1 agus I2 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an ollmhais, arna sloinneadh i gcileagram, de na hearraí lena mbaineann an ítim ábhartha earraí.

I gcás ina bhfuil roinnt ítimí earraí sa dearbhú, a bhaineann le hearraí atá pacáilte le chéile ar bhealach nach féidir ollmhais na n-earraí a bhaineann le haon ítim earraí a chinneadh, ní gá an ollmhais iomlán a chur isteach ach ar leibhéal an cheanntáisc.

Colúin tábla maidir le ceanglais sonraí: F11, F12, F13, F20, F21, F27 go F29 agus F31:

Cuir isteach an ollmhais, arna sloinneadh i gcileagram, de na hearraí lena mbaineann an ítim ábhartha earraí de réir mar atá léirithe sa doiciméad máistir-leibhéil iompair. Mais chomhiomlán na n-earraí lena bpacáil go léir is ea an ollmhais, seachas coimeádáin agus trealamh iompair eile.

Colúin tábla maidir le ceanglais sonraí: F10, F11, F14, F15, F20, F22 go 24, F26, F27, F30, F31, F32, F33, F50, F51

Cuir isteach an ollmhais, arna sloinneadh i gcileagram, de na hearraí lena mbaineann an ítim ábhartha earraí de réir mar atá léirithe sa doiciméad máistir-leibhéil iompair. Mais chomhiomlán na n-earraí lena bpacáil go léir is ea an ollmhais, seachas coimeádáin agus trealamh iompair eile.

18 05 000 000

Cur síos ar na hearraí

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás ina bhforálann an dearbhóir an cód CUS do shubstaintí agus d'ullmhóidí ceimiceacha, féadfaidh na Ballstáit an ceanglas maidir le cur síos beacht ar na hearraí a sholáthar a tharscaoileadh.

Colúin tábla A1, A2 agus F maidir le ceanglais sonraí:

Is cur síos gnáthfhríotal é atá cruinn go leor le gur féidir leis na seirbhísí custaim na hearraí a shainithint. Ní féidir glacadh le téarmaí ginearálta (i.e. 'comhdhlúthú', 'lasta ginearálta' nó 'lasta de gach cineál') nó ní féidir glacadh le tuairisc nach bhfuil beacht go leor. Foilsíonn an Coimisiún liosta neamh-uileghabhálach de théarmaí agus tuairiscí ginearálta den sórt sin.

Colúin tábla B3, B4, C1, D1, D2, E1 agus E2 maidir le ceanglais sonraí:

Ciallaíonn sé an ghnáth-thuairisc trádála. I gcás ina mbeidh an cód tráchtearraí le soláthar, ní mór an tuairisc a bheith cruinn a dhóthain chun gur féidir na hearraí a aicmiú.

Colúin tábla B1, B2, H1 go H5 agus I1 maidir le ceanglais sonraí:

Ciallaíonn an tuairisc ar na hearraí an ghnáth-thuairisc thrádála. Cé is moite d'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a chuirtear faoin nós imeachta stórasaithe custaim i gcineál trádstórais custaim de chineál I, II nó III nó i dtrádstóras custaim príobháideach, ní mór an tuairisc sin a shloinneadh i dtéarmaí atá beacht a dhóthain le go mbeifear in ann na hearraí a shainithint agus a aicmiú láithreach agus gan débhrí.

Colúin tábla D3, G4, G5, H6 agus H7 maidir le ceanglais sonraí:

Is cur síos gnáthfhríotal é atá cruinn go leor le gur féidir leis na seirbhísí custaim na hearraí a shainithint.

18 06 000 000

Pacáistiú

Baineann an eilimint sonraí seo le mionsonraí maidir le pacáistiú na n-earraí atá faoi réir an dearbhaithe nó an fhógra.

- 18 06 003 000** *Cineál na bpacáistí*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Cód ina sonraítear an cineál pacáiste.
- 18 06 004 000** *An líon pacáistí*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Líon iomlán na bpacáistí bunaithe ar an aonad pacála seachtrach is lú. Is é sin líon na n-ítimí aonair pacáistithe sa chaoi is nach féidir iad a roinnt gan an phacáil a bhaint i dtús báire, nó líon na píosaí, más neamhphacáistithe iad.
 Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i gcás earraí a bheith ar an mórchóir.
- 18 06 054 000** *Marcanna loingseoireachta*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Saorfhóirm cur síos ar na marcanna agus ar na huimhreacha ar aonaid nó pacáistí iompair.
Colúin tábla A1, A3, C1, E2, G4 agus I1 maidir le ceanglais sonraí:
 Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin i gcás earraí pacáistithe i gcás inarb infheidhme. I gcás ina gcoimeádtar earraí, féadfaidh uimhir an choimeádáin a chur in ionad na marcanna loingseoireachta, ach is féidir leis an oibreoir eacnamaíoch iad a chur ar fáil má bhíonn sí ar fáil. Féadfar UCR nó na tagairtí sa doiciméad iompair trínar féidir na pacáistí uile sa choinsíneacht a shainaithint gan débhrí a chur in ionad na marcanna loingseoireachta.
- 18 07 000 000** *Earraí contúirteacha*
- 18 07 055 000** *Uimhir NA*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Is é aitheantóir na Náisiún Aontaithe um Earraí Contúirteacha (UNDG) an tsraithuimhir atá sannta laistigh de na Náisiúin Aontaithe do shubstaintí agus d'earraí atá i liosta na n-earraí contúirteacha is mó a iompraítear.
- 18 08 000 000** *Cód CUS*
Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:
 Is í an uimhir Aontais Custaim agus Staidrimh (CUS) an t-aitheantóir a shanntar laistigh den Fhardal Eorpach Custaim maidir le Substaintí Ceimiceacha (ECICS) do shubstaintí agus d'ullmhóidí ceimiceacha den chuid is mó.
 Féadfaidh an dearbhóir an cód sin a sholáthar ar bhonn deonach i gcás nach bhfuil aon bheart a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais mar a fhoilsítear i TARIC ann do na hearraí lena mbaineann, i.e. i gcás ina mbeadh soláthar an chóid sin ná ina ualach níos lú ná tuairisc théacsúil iomlán ar an táirge.
Colúin tábla B1 agus H1:
 I gcás ina mbeidh na hearraí lena mbaineann faoi réir birt a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais arna fhoilsiú i TARIC i ndáil le cód CUS, cuirfear an cód CUS ar fáil.
- 18 09 000 000** *Cód an tráchtearra*
Colún tábla B1 go B4, C1, H1 go H7 agus I1 maidir le ceanglais sonraí:
 Cuir isteach cód an tráchtearra a fhreagraíonn don ítim i dtrácht.
Colúin tábla A1 agus A2 maidir le ceanglais sonraí:
 Úsáidfear cód fo-cheantheidil an Chórais Chomhchuibhithe.
Colúin tábla D1 go D3 agus E1 maidir le ceanglais sonraí:
 Úsáidfear an cód fo-cheantheidil don Chóras Comhchuibhithe ar a laghad.
Colún tábla E2 maidir le ceanglais sonraí:
 Beidh an fhaisnéis sin i bhfoirm cód fo-cheantheidil an Chórais Chomhchuibhithe faoi seach, cód na hAinmníochta Comhcheangailte i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta.
Colún tábla F10 go F15, F50 agus F51 maidir le ceanglais sonraí:
 Cuir isteach cód fo-cheantheidil an Chórais Chomhchuibhithe maidir leis na hearraí a dhearbhaítear. I gcás iompair chomhcheangailte, cuir isteach cód fo-cheantheidil an Chórais Chomhchuibhithe maidir leis na hearraí arna n-iompar ag an modh iompair éighníomhaigh.

Colúin tábla F20 go F24, F26 go F33, F43, G4 agus G5 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach cód fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe maidir leis na hearraí a dhearbhaítear. Ní theastóidh an fhaisnéis sin le haghaidh na n-earraí neamhthráchtála.

18 09 056 000

Cód fo-cheannteideal an Chórais Chomhchuibhithe**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach cód fo-cheannteideal an Chórais Chomhchuibhithe.

18 09 057 000

An Cód Ainmníochta Comhcheangailte**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an dá dhigit bhreise den chód ainmníochta Comhcheangailte.

18 09 058 000

Cód TARIC**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an fo-cheannteideal TARIC a chomhfhreagraíonn don ítim i dtrácht.

18 09 059 000

Cód breise TARIC**Gach colún maidir le ceanglais sonraí ábhartha a úsáidtear:**

Cuir isteach an cód nó na cóid bhreise TARIC a chomhfhreagraíonn don ítim atá i gceist.

18 09 060 000

Cód breise náisiúnta**Gach colún maidir le ceanglais sonraí ábhartha a úsáidtear:**

Cuir isteach an cód breise náisiúnta/na cóid bhreise náisiúnta a bhaineann leis an ítim atá i gceist.

18 10 000 000

Cineál earraí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach cineál na n-earraí sa choinsíneacht phoist.

Grúpa 19 – Faisnéis iompair (modhanna, meáin agus trealamh)

19 01 000 000

Táscaire coimeádán**Colúin tábla A1, A3, B1 go B4, D1 go D3 agus E1 maidir le ceanglais sonraí:**

Measfar go mbeidh siad ag trasnú teorainn sheachtrach an Aontais, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil tráth a gcríochnófar na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin nó idirthurais, nó an iarraidh ar chruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais, ag baint úsáide as an gcód Aontais ábhartha.

Colúin tábla F10 go F15, F20 go 22, F26 go F29, F31, F33, F40, F41, F45 go F51 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an staid agus teorainn sheachtrach an Aontais á thrasnú trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais.

Colúin tábla H1 go H4 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an staid agus teorainn sheachtrach an Aontais á thrasnú trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais.

19 02 000 000

Uimhir thagartha an ghléis iompair**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Sainithint an turais maidir leis an modh iompair, mar shampla uimhir thurais, uimhir eitilte IATA, uimhir an turais, más infheidhme.

I gcás aeríompair, i gcásanna ina ndéanann oibreoir an aerárthaigh earraí a iompar faoi chódroinnt nó faoi chomhaontú conarthach comhchosúil le comhpháirtithe, úsáidfeadh uimhreacha eitiltí na gcomhpháirtithe.

19 03 000 000

Modh iompair ag an teorainn**Colúin tábla B1, B2, B3, D1 and D2 maidir le ceanglais sonraí:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh iompair ghníomhaigh a úsáidfeadh chun imeacht as críoch chustaim an Aontais.

Colúin tábla B4 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh iompair ghníomhaigh a úsáidfear chun imeacht as an gcríoch fhioscach lena mbaineann.

D'úsáid gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí F agus G:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh gníomhach iompair ar tháinig na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais leis.

I gcás iompar comhcheangailte beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach le haghaidh D.E. 19 08 000 000 Beidh feidhm ag córacha iompair teorann gníomhacha.

Más ar mhodhanna iompair seachas aeriompar a iomprófar aerlasta, dearbhófar an modh eile iompair.

Colúin tábla H1 go H4 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh gníomhach iompair ar tháinig na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais leis.

Colúin tábla H5 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh gníomhach iompair ar tháinig na hearraí isteach sa chríoch fhioscach lena mbaineann.

19 04 000 000

Modh iompair intíre**Colúin tábla B1, B2, B3 agus D1 maidir le ceanglais sonraí:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair ar imeacht dó.

Colúin tábla H1 agus H2 go H5 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair ar theacht isteach dó.

19 05 000 000

Modhanna iompair imeachta

19 05 061 000

An cineál sainaitheantais**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach cineál na huimhreach aitheantais.

19 05 017 000

Uimhir aitheantais**Colúin tábla B1 go B3 maidir le ceanglais sonraí:**

Cuir isteach céannacht na modhanna iompair ar a ndéantar na hearraí a luchtú go díreach tráth an onnmhairithe nó na bhfoirmiúlachtaí idirthurais (nó céannacht na feithicle a bhíonn ag tiomáint na modhanna eile má tá roinnt modhanna iompair ann). Má úsáidtear tarracóir agus leantóir a bhfuil uimhreacha difriúla clárúcháin aige, cuir isteach uimhir chlárúcháin an tarracóra agus an leantóra araon.

Ag brath ar an gcóir iompair atá i gceist, féadfar na sonraí seo a leanas maidir le céannacht a iontráil:

Cóir iompair	Modh sainaitheantais
An fharraige agus intíre iompar d'uiscebhealaí	Ainm an tsoithigh
Aeriompar	Uimhir agus dáta na heitilte (mura bhfuil aon uimhir eitilte ann, cuir isteach uimhir chlárúcháin an aerárthaigh)
An t-iompar de bhóthar	Uimhir chlárúcháin feithicle agus/nó leantóra
Iompar d'iarnród	Uimhir vaigín

Is i bhfoirm uimhir aitheantais loinge IMO nó uimhir aitheantais Eorpach uathúil Soithí (cód ENI) le haghaidh iompair ar muir nó ar uiscebhealaí intíre a bheidh an fhaisnéis sin. I gcás modhanna eile iompair, beidh an modh sainaitheanta comhionann leis an modh a chuirtear ar fáil do cheanglais sonraí, colúin B1, B2 agus B3.

I gcás ina n-iompraítear earraí mar leantóir agus tarracóir, cuir isteach uimhreacha clárúcháin an leantóra agus an tarracóra araon. I gcás nach eol uimhir chlárúcháin an tarracóra, cuir isteach an uimhir chlárúcháin leantóra.

19 05 062 000 *Náisiúntacht*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach náisiúntacht an mhodha iompair (nó náisiúntacht na feithicle a ghluaiseann leis na modhanna eile má tá roinnt modhanna iompair ann) ar a ndéantar na hearraí a luchtú go díreach tráth na bhfoirmiúlachtaí onnmhairiúcháin nó idirthurais, i bhfoirm an chóid ábhartha Aontais. Má úsáidtear tarracóir agus leantóir ar de náisiúntachtaí éagsúla iad, cuir isteach náisiúntacht an tarracóra.

I gcás ina n-iompraítear earraí trí leantóir agus tarracóir, cuir isteach náisiúntacht an leantóra agus an tarracóra araon. I gcás nach eol náisiúntacht an tarracóra, cuir isteach náisiúntacht an leantóra.

19 06 000 000 *Modhanna iompair teachta*

19 06 061 000 *An cineál sainaitheantais*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach cineál na huimhreach aitheantais.

19 06 017 000 *Uimhir aitheantais*

Colúin tábla H1 agus H3 go H5 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach céannacht an mhodha iompair ar a ndéantar na hearraí a luchtú go díreach tráth a dtíolachta san oifig custaim ina gcuirtear na foirmiúlachtaí cinn scríbe i gcrích. Má úsáidtear tarracóir agus leantóir a bhfuil uimhreacha difriúla clárúcháin aige, cuir isteach uimhir chlárúcháin an tarracóra agus an leantóra araon.

Ag brath ar an gcóir iompair atá i gceist, féadfar na sonraí seo a leanas maidir le céannacht a iontráil:

Modh iompair	Modh sainaitheantais
An fharraige agus intíre iompar d'uiscebhealaí	Ainm an tsoithigh
Aeriompar	Uimhir agus dáta na heitilte (mura bhfuil aon uimhir eitilte ann, cuir isteach uimhir chlárúcháin an aerárthaigh)
An t-iompar de bhóthar	Uimhir chlárúcháin feithicle agus/nó leantóra
Iompar d'iarnróid	Uimhir vaigín

Colún tábla G4 maidir le ceanglais sonraí:

Is i bhfoirm uimhir aitheantais loinge IMO nó uimhir aitheantais Eorpach uathúil Soithí (cód ENI) le haghaidh iompair ar muir nó ar uiscebhealaí intíre a bheidh an fhaisnéis sin. I gcás modhanna eile iompair, beidh an modh sainaitheanta comhionann leis an modh a sholáthraítear do cheanglais sonraí, colúin H1 agus H3 go H5.

19 07 000 000 *Trealamh iompair*

19 07 063 000 *Uimhir aitheantais an choimeádáin*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Marcanna (litreacha agus/nó uimhreacha) lena sainaithnítear an coimeádán.

I gcás modhanna iompair seachas aer, is éard atá i gcoimeádán ná bosca speisialta chun lasta a iompar, é neartaithe agus indéanta é a chruachadh agus aistriú cothrománacha nó ingearacha a dhéanamh.

I mód an aeir, is boscaí speisialta iad coimeádáin chun lasta a iompar, iad neartaithe agus indéanta iad a aistriú go cothrománach nó go ceartingearach.

I gcomhthéacs na gné sonraí seo, measfar gur coimeádáin iad na cabhlacha babhtála agus na leathleantóirí a úsáidtear le haghaidh iompar de bhóthar agus d'iarnród.

Más infheidhme, i gcás coimeádán a chumhdaítear le caighdeán ISO 6346, soláthrófar freisin an t-aitheantóir (réamhuimhir) a leithdháilfidh Biúró Idirnáisiúnta Coimeádán agus Iompair Idirmhódaigh (BIC) sa bhreis ar uimhir aitheantais an choimeádán.

I gcás comhlachtaí babhtála agus leathleantóirí, úsáidfean an cód ILU (Aonaid Luchtaithe Idirmhódaigh) mar a tugadh isteach leis an gcaighdeán Eorpach EN 13044.

19 07 044 000 *Tagairt earraí*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás gach coimeádán, cuir isteach uimhir na hítimé earraí i gcás na n-earraí a iompraítear sa choimeádán seo.

19 07 064 000 *Méid an choimeádán agus aitheantas cineáil*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Faisnéis chódaithe lena sonraítear tréithe, i.e. méid agus cineál an choimeádán.

19 07 065 000 *Stádas pacáilte coimeádán*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Faisnéis chódaithe lena sonraítear cé chomh lán is atá an coimeádán.

19 07 066 000 *Cód cineáil do sholáthróir coimeádán*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cód a shaináithníonn an cineál páirtí arb é soláthraí an choimeádán é.

19 08 000 000 *Modhanna gníomhacha iompair teorann*

19 08 061 000 *An cineál sainaitheantais*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha, sonraigh an cineál uimhir aitheantais.

19 08 017 000 *Uimhir aitheantais*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach céannacht an mhodha ghníomhaigh iompair a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais.

Colúin tábla B1, B3, D1, D2, D3 agus D4 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás iompair chomhcheangailte nó i gcás ina n-úsáidtear roinnt córacha iompair, is é an chóir iompair gníomhach an modh a dhéanann an teaghlaim iomlán a thiomáint. Mar shampla, i gcás leoraí ar shoitheach farraige, is í an long an chóir ghníomhach iompair. I gcás tarracóra agus leantóra, is é an tarracóir an modh gníomhach iompair agus é ag brath ar an modh iompair lena mbaineann, cuirfean isteach na sonraí seo a leanas maidir le céannacht:

Modh iompair	Modh sainaitheantais
An fharraige agus intíre iompar d'uiscebhealaí	Ainm an tsoithigh
Aeriompar	Uimhir agus dáta na heitilte (mura bhfuil aon uimhir eitilte ann, cuir isteach uimhir chlárúcháin an aerárthaigh)
An t-iompar de bhóthar	Uimhir chlárúcháin feithicle agus/nó leantóra
Iompar d'iarnróid	Uimhir vaigín

Colún tábla E2 maidir le ceanglais sonraí:

Na sainmhíniúcháin dá bhforáiltear maidir le D.E. 19 05 000 000 Úsáidfean modhanna iompair imeachta.

I gcás ina bhfuil baint ag iompar ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, dearbhófar uimhir aitheantais loinge IMO nó an Uimhir Aitheantais Eorpach Soithí uathúil (ENI).

Colúin tábla F maidir le ceanglais sonraí:

Ag brath ar an gcóir iompair i dtrácht, cuirfear isteach na sonraí seo a leanas maidir le céannacht:

Modh iompair	Modh sainaitheantais
An fharraige agus intíre iompar d'uiscebhealaí	Uimhir aitheantais loinge IMO nó Sainuimhir Aitheantais Eorpach Soithí (ENI)
Aeriompar	Uimhir agus dáta na heitilte (mura bhfuil aon uimhir eitilte ann, cuir isteach uimhir chlárúcháin an aerárthaigh)
An t-iompar de bhóthar	Uimhir chlárúcháin feithicle agus/nó leantóra
Iompar d'iarnróid	Uimhir na traenach

Colúin tábla G2 maidir le ceanglais sonraí:

Is i bhfoirm uimhir aitheantais loinge IMO nó uimhir eitilte IATA le haghaidh muiriompair nó aeriompair faoi seach a bheidh an fhaisnéis sin dá bhforáiltear sa dearbhú iontrála achomair a taisceadh roimhe sin i ndáil leis na hearraí lena mbaineann.

Maidir le haeriompar, i gcásanna ina ndéanann oibreoir an aerárthaigh earraí a iompar faoi shocrú códroinnte le comhpháirtithe, úsáidfear uimhreacha eitilte na gcomhpháirtithe códroinnte.

19 08 062 000 *Náisiúntacht***Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus cód ábhartha an Aontais á úsáid, cuir isteach náisiúntacht an mhodha ghníomhaigh iompair a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais.

I gcás iompair chomhcheangailte nó i gcás ina n-úsáidtear roinnt córacha iompair, is é an chóir iompair gníomhach an modh a dhéanann an teaglam iomlán a thiomáint. Mar shampla, i gcás leoraí ar shoitheach farraige, is í an long an chóir gníomhach iompair. I gcás tarracóra agus leantóra, is é an tarracóir gníomhach an modh iompair.

19 08 067 000 *Cineál na gcóiracha iompair***Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach cineál na gcóiracha iompair.

19 09 000 000 *Modhanna iompair éighníomhacha teorann***19 09 061 000 *An cineál sainaitheantais*****Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha, sonraigh an cineál uimhir aitheantais.

19 09 017 000 *Uimhir aitheantais***Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

I gcás iompar comhcheangailte, cuir isteach céannacht na modhanna iompair éighníomhaigh atá á iompar trí mhodh iompair ghníomhaigh dá bhforáiltear in D.E. 19 08 000 000 Beidh feidhm ag modhanna iompair ghníomhaigh trasteorann. Mar shampla, i gcás leoraí ar shoitheach farraige, is é an leoraí an modh éighníomhach iompair.

Ag brath ar an gcóir iompair i dtrácht, cuirfear isteach na sonraí seo a leanas maidir le céannacht:

Modh iompair	Modh sainaitheantais
An fharraige agus intíre iompar d'uiscebhealaí	Ainm an tsoithigh
Aeriompar	Uimhir agus dáta na heitilte (mura bhfuil aon uimhir eitilte ann, cuir isteach uimhir chlárúcháin an aerárthaigh)
An t-iompar de bhóthar	Uimhir chlárúcháin feithicle agus/nó leantóra
Iompar d'iarnróid	Uimhir vaigín

I gcás ina bhfuil baint ag iompar ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, dearbhófar uimhir aitheantais loinge IMO nó an Uimhir Aitheantais Eorpach Soithí uathúil (ENI).

19 09 062 000 *Náisiúntacht*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as cód ábhartha an Aontais, cuir isteach náisiúntacht an mhodha iompair éighníomhaigh atá á hiompar ag an modh iompair ghníomhaigh a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais.

I gcás iompair chomhcheangailte, cuir isteach náisiúntacht an mhodha iompair éighníomhaigh, trí chód ábhartha an Aontais a úsáid. Is é atá sa mhodh iompair éighníomhaigh an ceann atá á iompar ag modh iompair ghníomhaigh a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais de réir mar a luaitear sa D.E. 19 08 000 000 Modh iompair ghníomhaigh thrasteorann Mar shampla, i gcás leoraí ar shoitheach farraige, is é an leoraí an modh éighníomhach iompair.

19 09 067 000 *Cineál na gcóiracha iompair*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach cineál na gcóiracha iompair.

19 10 000 000 *Séala:*

19 10 068 000 *An líon séalaí custaim*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach líon na séalaí atá greamaithe den trealamh iompair, más infheidhme.

19 10 015 000 *Aitheantóir*

Colúin tábla A1, F10 go F15, F40, F41, F45 go F51, G4 agus G5 maidir le ceanglais sonraí:

Uimhreacha aitheantais na séalaí atá greamaithe den trealamh iompair, más infheidhme.

Colún tábla D1 go D3 maidir le ceanglais sonraí:

Cuirfear an fhaisnéis ar fáil, má thaisceann coinsíneoir údaraithe dearbhú a n-éilíonn a údarú go n-úsáidfead séalaí ina leith nó má dheonaítear séalaí de chineál speisialta do shealbhóir an nós imeachta idirthurais.

19 11 000 000 *Uimhir aitheantais an ghabhdáin*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Is éard atá i ghabhdán aonad lódála chun ítimí poist a iompar.

Cuir isteach uimhreacha aitheantais an ghabhdáin a ghabhann leis an gcoinsíneacht chomhdhlúite atá sannta ag oibreoir poist.

Beidh an fhaisnéis seo ag teastáil, má tá sé difriúil ón D.E. 3/18 uimh. Aitheantais an dearbhóra nó an D.E. cuí 3/23 Sealbhóir uimhir aitheantais an nós imeachta idirthurais, D.E. 3/30 An duine a thíolacann an uimh. aitheantais maidir le hearraí do chustam, D.E.3/42 An duine a thaisceann uimhir aitheantais an lastliosta earraí custaim, D.E. 3/43 An duine a iarrann uimhir aitheantais i ndáil le cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais nó D.E. 3/44 An duine a chuireann in iúl Uimh. aitheantais faoi theacht na n-earraí tar éis gluaiseachta faoi stóráil shealadach

Cuir isteach uimhir EORI an duine lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 1(18).

3/21. Cód stádais ionadaíoch**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an cód ábhartha a léiríonn stádas an ionadaí.

3/24. díoltóir:**Colún tábla H1 maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás ina bhfuil an díoltóir difriúil don té arna lua in D.E. 3/1. Onnmhaireoir, cuir isteach ainm agus seoladh iomlán dhíoltóir na n-earraí, mura bhfuil a uimhir EORI ar fáil don dearbhóir. I gcás ina ríomhtar an luach custaim i gcomhréir le hAirteagal 74 den Chód, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, má tá sí ar fáil.

3/25. Uimhir aitheantais an díoltóra**Colún tábla H1 maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás go bhfuil an díoltóir difriúil ón duine arna lua in D.E. 3/1. Onnmhaireoir, cuir isteach uimhir EORI dhíoltóir na n-earraí, má tá an uimhir sin ar fáil. I gcás ina ríomhtar an luach custaim i gcomhréir le hAirteagal 74 den Chód, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, má tá sí ar fáil.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú chlár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an tAontas, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas. Féadfar an líon sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don dearbhóir.

3/26. Ceannaitheoir**Colún tábla H1 maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás go bhfuil an ceannaitheoir difriúil ón duine arna lua in D.E. 3/15 Allmhaireoir, cuir isteach ainm agus seoladh cheannaitheoir na n-earraí i gcás nach bhfuil a uimhir EORI ar fáil don dearbhóir.

I gcás ina ríomhtar an luach custaim i gcomhréir le hAirteagal 74 den Chód, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, má tá sí ar fáil.

3/27. Uimhir aitheantais an cheannaitheora**Colún tábla H1 maidir le ceanglais sonraí:**

I gcás go bhfuil an díoltóir difriúil ón duine arna lua in D.E. 3/16 Allmhaireoir, léirítear an fhaisnéis sin leis an uimhir EORI dá dtagraítear in Airteagal 1(18) de cheannaitheoir na n-earraí, i gcás go bhfuil an uimhir sin ar fáil.

I gcás ina ríomhtar an luach custaim i gcomhréir le hAirteagal 74 den Chód, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, má tá sí ar fáil.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú chlár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an tAontas, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhir aitheantais uathúil tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Aontas. Féadfar an líon sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don dearbhóir.

3/37. Uimh. aitheantais an ghníomhaí/na ngníomhaithe breise sa slabhra soláthair**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Uimhir aitheantais uathúil a shanntar d'oibreoir eacnamaíoch tríú tír faoi chuimsiú clár chomhpháirtíochta trádála arna fhorbairt i gcomhréir le Creat Caighdeán na hEagraíochta Domhanda Custaim chun Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú, ar clár é a aithníonn an tAontas Eorpach.

Beidh cód róil ina sonrúfar a ról sa slabhra soláthair roimh aitheantóir an pháirtí lena mbaineann.

3/39. Sealbhóir uimh. aitheantais an údaraithe

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an cineál údaraithe agus uimhir EORI shealbhóir an údaraithe dá bhforáiltear in Airteagal 1(18).

3/40. Uimh. aitheantais na dtagairtí fioscacha breise

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás ina n-úsáidtear cód nós imeachta 42 nó cód nós imeachta 63, cuirfeadh isteach an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE.

I gcás ina ndearbhaítear earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoin scéim speisialta maidir le ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú tíortha nó ó thríú críocha a leagtar amach i dTeideal XII CAIBIDIL 6 Roinn 4 de Threoir 2006/112/CE soláthrófar an uimhir speisialta CBL a shanntar chun an scéim sin a úsáid.

3/41. Duine a thíolacann na hearraí faoi bhráid na gcustam sa chás go ndéantar iad a chur isteach i dtaifid an dearbhóra nó uimhir aitheantais na ndearbhuithe custaim a réamhthaisceadh

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Is i bhfoirm uimhir EORI dá dtagraítear in Airteagal 1(18) an duine atá ag tíolacadh na n-earraí do chustam atá an fhaisnéis sin i gcásanna ina ndéantar an dearbhú trí iontráil i dtaifid an dearbhóra.

3/45. Duine a sholáthraíonn uimhir aitheantais na ráthaíochta

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Is i bhfoirm uimhir EORI dá dtagraítear in Airteagal 1(18) an duine a sholáthraíonn an ráthaíocht, murab ionann í agus an dearbhóir, atá an fhaisnéis sin.

3/46. Duine a íocann uimhir aitheantais an dleachta custaim

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Is i bhfoirm uimhir EORI dá dtagraítear in Airteagal 1(18) an duine a íocann an dleacht custaim atá an fhaisnéis sin, murab ionann í agus an dearbhóir.

Grúpa 4 – Faisnéis luachála/Cánacha

4/1. Téarmaí seachadta

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Agus úsáid á baint as na cóid agus na ceanteidil ábhartha de chuid an Aontais, tabhair sonraí faoi théarmaí an chonartha tráchtála.

4/3. Cánacha a ríomh – An cineál cánach

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha Aontais agus, más infheidhme, an cód nó na cóid dá bhforáiltear ag an mBallstát lena mbaineann, cuir isteach na cineálacha cánach le haghaidh gach cineál dleachta nó cánach is infheidhme maidir leis na hearraí lena mbaineann.

4/4. Cánacha a ríomh – Bonn cánach

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Iontráil an bonn dleachta nó cánach is infheidhme (luach, meáchan nó eile).

4/5. Cánacha a ríomh – Ráta cánach**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach na rátaí do gach ceann de na dleachtanna agus de na cánacha is infheidhme.

4/6. Cánacha a ríomh – Ráta cánach**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an méid i gcás gach ceann de na dleachtanna agus de na cánacha is infheidhme.

Ní mór na méideanna sa réimse seo a bheith sloinnte in aonad airgeadra an chóid a bhféadfadh an cód dó a bheith in D.E. 4/12. Aonad airgeadra inmheánaigh, nó, i éagmais cód dá leithéid sin in D.E. 4/12 Aonad airgeadra inmheánaigh, in airgeadra an Bhallstáit ina ndéantar foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a chur i gcrích.

4/7. Cánacha a ríomh – Iomlán**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach méid iomlán na ndleachtanna agus na gcánacha ar na hearraí lena mbaineann.

Ní mór na méideanna sa réimse seo a bheith sloinnte in aonad airgeadra an chóid a bhféadfadh an cód dó a bheith in D.E. 4/12. Aonad airgeadra inmheánaigh, nó, i éagmais cód dá leithéid sin in D.E. 4/12 Aonad airgeadra inmheánaigh, in airgeadra an Bhallstáit ina ndéantar foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a chur i gcrích.

4/8. Cánacha a ríomh — Modh íoctha**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, sonraigh an modh íocaíochta a chuirtear i bhfeidhm.

4/9. Breiseanna agus asbhaintí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Maidir le gach cineál breise nó asbhainte atá ábhartha d'itim áirithe earraí, cuir isteach an cód ábhartha agus an méid comhfhreagrach ina dhiaidh sin in airgeadra náisiúnta nach bhfuil curtha san áireamh fós sa phraghas ítime nó nár asbhaineadh ón bpraghas sin.

4/10. Airgeadra an tsonrais**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus an cód ábhartha á úsáid, cuir isteach an t-airgeadra inar tarraingíodh suas an sonrasc tráchtála.

Úsáidtear an fhaisnéis seo i gcomhar le D.E. 4/11 An méid iomlán a sonrascadh agus D.E. 4/14 praghas/méid ítime, i gcás ina bhfuil gá leis le haghaidh dleachtanna ar allmhairí a ríomh.

4/11. An méid iomlán a sonrascadh**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an praghas a sonrascadh le haghaidh na hearraí go léir atá dearbhaithe sa dearbhú agus iad sloinnte san aonad airgeadra atá dearbhaithe in D.E. 4/10 Airgeadra sonrais.

4/12. Aonad an airgeadra inmheánaigh**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Maidir le dearbhuithe arna ndéanamh i mBallstáit, ar dearbhuithe iad a thugann deis d'oibreoirí eacnamaíocha, le linn na hidirthréimhse chun an euro a thabhairt isteach, rogha a dhéanamh úsáid a bhaint as aonad an euro chun a ndearbhuithe custaim a bhunú, ní mór táscaire ar an aonad airgeadra, ar an aonad náisiúnta nó ar an aonad euro, a úsáidtear, a bheith sa réimse sin.

4/13. Táscairí luachála**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus cóid ábhartha an Aontais á n-úsáid, cuir isteach an teaglaím táscairí chun a dhearbhu an gcinntear luach na n-earraí trí bhíthin fachtóirí sonracha.

4/14. Praghas/méid ítime**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Praghas na n-earraí i gcás ítim an dearbhaithe lena mbaineann, arna sloinneadh san aonad airgeadra arna dhearbhu in D.E. 4/10 Airgeadra sonraisc.

4/15. Ráta malairte**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuimsíonn an eilimint sonraí seo an ráta malartaithe a shocraítear roimh ré le conradh idir na páirtithe lena mbaineann.

4/16. Modh luachála**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus an cód ábhartha Aontais á úsáid, cuir isteach an modh luachála a úsáideadh.

4/17. Sainrogha**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Baineann an eilimint sonraí seo le faisnéis maidir le cóir tharaife na n-earraí. I gcás ina bhforáiltear go bhfuil a húsáid éigeantach i dtábla na gceanglas sonraí i dTeideal I, CAIBIDIL 3, Roinn 1 den IarscríBHINN seo, ní mór í a úsáid fiú nuair nach n-iarrtar aon chóir fhabhrach ó thaobh taraife de. Cuir isteach an cód ábhartha Aontais.

Foilseoidh an Coimisiún liosta de na teaglamaí cód is féidir a úsáid le chéile go tráthrialta in éineacht le samplaí agus nótaí.

4/18. Luach**Colún tábla H6 maidir le ceanglais sonraí:**

Ábhar, luach dearbhaithe: Cód airgeadra agus luach airgeadaíochta an inneachair, arna dhearbhu chun críochea custaim.

4/19. Costais iompair go dtí an ceann scríbe deiridh**Colún tábla H6 maidir le ceanglais sonraí:**

Ítim postas íoctha: Cód airgeadra agus méid an phostais a d'íoc an postóir nó a ghearradh air.

Grúpa 5 – Dátaí/Amanna/Tréimhsí/Áiteanna/Tíortha/Réigiúin**5/8. Cód na tíre cinn scríbe****Colúin tábla H1, H2 agus H5 maidir le ceanglais sonraí:**

Tríd an gcód ábhartha Aontais a úsáid, cuir isteach an cód don Bhallstát ina bhfuil na hearraí suite tráth a scaoiltear isteach sa nós imeachta custaim iad nó, i gcás ina bhfuil colún H5 i gceist, in úsáid sa bhaile.

Más eol, áfach, tráth dréachtaithe an dearbhaithe custaim, go seolfar na hearraí chuig Ballstát eile i ndiaidh an scaoilte, cuir isteach an cód don Bhallstát deiridh sin.

Colún tábla H3 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina n-allmhairítear earraí d'fhonn iad a chur faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, is é an Ballstát cinn scríbe a bheidh sa Bhallstát ina n-úsáidfear na hearraí den chéad uair.

Colún tábla H4 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina n-allmhairítear earraí d'fhonn iad a chur faoin nós imeachta próiseála isteach, is é an Ballstát cinn scríbe a bheidh sa Bhallstát ina ndéantar an chéad ghníomhaíocht próiseála.

5/9. Cód an réigiúin chinn scríbe**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

An cód ábhartha arna shainiú ag na Ballstáit a úsáid, cuir isteach an réigiún cinn scríbe na n-earraí laistigh den Bhallstát lena mbaineann.

5/14. Tír an tseolta/cód onnmhairiúcháin**Colúin tábla H1 go H5 agus I1 maidir le ceanglais sonraí:**

Mura dtarlaíonn idirbheart tráchtála (e.g. díol nó próiseáil) ná stopadh nach mbaineann le hiompar earraí i dtír idirmheánach, cuir isteach an cód Aontais ábhartha chun an tír ónar seoladh earraí ar dtús chuig an mBallstát ina bhfuil na hearraí lonnaithe a chur in iúl tráth a scaoilte isteach sa nós imeachta custaim. Más stad nó idirbheart tráchtála den sórt sin a tharla, tabhair le fios an tír idirmheánach dheireanach.

Chun críche an cheanglais maidir le sonraí sin, measfar baint a bheith ag stad le hiompar na n-earraí le gur féidir na hearraí faoi bhealach a chomhdhlúthú.

5/15. Cód na tíre tionscnaimh**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach cód ábhartha an Aontais maidir leis an tír tionscnaimh neamhfhábhair, mar atá sainmhínithe i dTeideal II, CAIBIDIL 2 den Chód.

5/16. Cód thír an tionscnaimh fhabhraigh**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Más rud é go n-iarrtar é in D.E. go mbeadh cóireáil fhabhrach bunaithe ar thionscnaimh na n-earraí. 4/17 Fabhar, cuir isteach an tír thionscnaimh, de réir mar atá léirithe sa chruthúnas tionscnaimh. I gcás ina dtagraíonn an cruthúnas tionscnaimh do ghrúpa tíortha, cuir isteach an grúpa tíortha trí na cóid ábhartha de chuid an Aontais a úsáid.

5/23. Suíomh na n-Earraí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus na cóid ábhartha á n-úsáid, cuir isteach an suíomh ina bhféadfar na hearraí a scrúdú. Beidh an suíomh sin beacht a dóthain le go mbeidh lucht custaim in ann rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí.

5/26. Oifig custaim ina dtaispeántar earraí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, sonraigh an oifig custaim ina dtíolactar na hearraí chun iad a chur faoi nós imeachta custaim.

5/27. Oifig custaim maoirseachta**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, sonraigh an oifig custaim a luaitear san údarú faoi seach chun an nós imeachta a mhaoirsiú.

5/29. Dáta thíolacadh na n-earraí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Sonraigh an dáta a tíolacadh na hearraí do lucht custaim de bhun Airteagal 139 den Chód.

5/31. Dáta an ghlactha**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an dáta ar glacadh leis an dearbhú simplithe nó an dáta ar a n-iontráladh na hearraí i dtaifid an dearbhóra.

Grúpa 6 – Earraí a aithint

6/1. *Glanmhais (kg)*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Cuir isteach an ghlanmhais, arna sloinneadh i gcileagraim, na n-earraí lena mbaineann an ítim earraí dearbhaithe ábhartha. Is ionann an ghlanmhais agus mais na n-earraí gan aon phacáistiú.

I gcás ina bhfuil codán d'aonad (kg) san áireamh i nglanmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú sa tslí seo a leanas:

— ó 0,001 go 0,499: slánú síos go dtí an kg is gaire,

— ó 0,5 go 0,999: slánú suas go dtí an kg is gaire.

Ba cheart ollmhais is lú ná 1 kg a chur isteach mar '0' agus líon deachúlacha suas go dtí 6 ina dhiaidh sin, agus ba cheart gach "0" a chuileáil ag deireadh na cainníochta (e.g. 0,123 i gcás pacáiste 123 ghram, 0,00304 i gcás pacáiste 3 ghram agus 40 milleagram nó 0,000654 i gcás phacáiste 654 mhilleagram).

6/2. *Aonaid fhorlíontacha*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás inar gá, cuir isteach cainníocht na hítim i dtrácht, arna sloinneadh san aonad a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, de réir mar a fhoilsítear in TARIC.

6/5. *Ollmhais (kg)*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

Is é atá san ollmhais iomlán meáchan na n-earraí, lena n-áirítear pacáistiú, ach gan trealamh an iompróra don dearbhú a áireamh.

I gcás ina bhfuil codán d'aonad (kg) san áireamh in ollmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú sa tslí seo a leanas:

— ó 0,001 go 0,499: slánú síos go dtí an kg is gaire,

— ó 0,5 go 0,999: slánú suas go dtí an kg is gaire.

Ba cheart ollmhais is lú ná 1 kg a iontráil mar '0' agus líon deachúlacha suas go dtí 6 ina dhiaidh sin, agus ba cheart gach "0" a chuileáil ag deireadh na cainníochta (e.g. 0,123 i gcás pacáiste 123 ghram, 0,00304 i gcás pacáiste 3 ghram agus 40 milleagram nó 0,000654 i gcás phacáiste 654 mhilleagram).

Colún tábla H1 go H6, I1 agus I2 maidir le ceanglais sonraí:

Cuir isteach an ollmhais, arna sloinneadh i gcileagraim, de na hearraí lena mbaineann an ítim ábhartha earraí.

Nuair a áirítear meáchan na bpailléad sna doiciméid iompair, cuirfear meáchan na bpailléad san áireamh freisin i ríomh na hollmhaise, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- Is ítim ar leith é an pailléad ar an dearbhú custaim;
- Tá an ráta dleachta don ítim atá i gceist bunaithe ar an ollmheáchan agus/nó déantar an cuóta taraife don ítim atá i gceist a bhainistiú san aonad tomhais 'ollmheáchan'.

6/8. *Cur síos ar na hearraí*

Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:

I gcás ina bhforálann an dearbhóir an cód CUS do shubstaintí agus d'uillmhóidí ceimiceacha, féadfaidh na Ballstáit an ceanglas maidir le cur síos beacht ar na hearraí a sholáthar a tharscaoileadh.

Colún tábla H1 go H5 agus I1 maidir le ceanglais sonraí:

Ciallaíonn an tuairisc ar na hearraí an ghnáth-thuairisc thrádála. Cé is moite d'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a chuirtear faoin nós imeachta stórasaithe custaim i gcineál trádstórais custaim de chineál I, II nó III nó i dtrádstóras custaim príobháideach, ní mór an tuairisc sin a shloinneadh i dtéarmaí atá beacht a dhóthain le go mbeifear in ann na hearraí a shainaithint agus a aicmiú láithreach agus gan débhrí.

Colún tábla H6 maidir le ceanglais sonraí:

Is cur síos gnáthfhriotal é atá cruinn go leor le gur féidir leis na seirbhísí custaim na hearraí a shainaithint.

6/9. Cineál na bpacáistí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cód ina sonraítear an cineál pacáiste.

6/10. An líon pacáistí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Líon iomlán na bpacáistí bunaithe ar an aonad pacála seachtrach is lú. Is é sin líon na n-ítimí aonair pacáistithe sa chaoi is nach féidir iad a roinnt gan an phacáil a bhaint i dtús báire, nó líon na píosaí, más neamhphacáistithe iad.

Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i gcás earraí a bheith ar an mórchóir.

6/11. Marcanna loingseoireachta**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Saorfhóim cur síos ar na marcanna agus ar na huimhreacha ar aonaid nó pacáistí iompair.

Colún tábla I1 maidir le ceanglais sonraí:

Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin i gcás earraí pacáistithe i gcás inarb infheidhme. I gcás ina gcoimeádtar earraí, féadfaidh uimhir an choimeádáin a chur in ionad na marcanna loingseoireachta, ach is féidir leis an oibreoir eacnamaíoch iad a chur ar fáil má bhíonn sí ar fáil. Féadfar UCR nó na tagairtí sa doiciméad iompair trínar féidir na pacáistí uile sa choinsíneacht a shainaithint gan débhrí a chur in ionad na marcanna loingseoireachta.

6/13. Cód CUS**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Is í an uimhir Aontais Custaim agus Staidrimh (CUS) an t-aitheantóir a shanntar laistigh den Fhardal Eorpach Custaim maidir le Substaintí Ceimiceacha (ECICS) do shubstaintí agus d'ullmhóidí ceimiceacha den chuid is mó.

Féadfaidh an dearbhóir an cód sin a sholáthar ar bhonn deonach i gcás nach bhfuil aon bheart a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais mar a fhoilsítear i TARIC ann do na hearraí lena mbaineann, i.e. i gcás ina mbeadh soláthar an chóid sin ná ina ualach níos lú ná tuairisc théacsúil iomlán ar an táirge.

Colún tábla H1 maidir le ceanglais sonraí:

I gcás ina mbeidh na hearraí lena mbaineann faoi réir birt a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais arna fhoilsiú in TARIC i ndáil le cód CUS, cuirfear an cód CUS ar fáil.

6/14. Cód an tráchtearra — Cód ainmníochta comhcheangailte**Colúin tábla H1 go H6 agus I1 maidir le ceanglais sonraí:**

Cuir isteach an cód breise náisiúnta/na cóid bhreise náisiúnta a bhaineann leis an ítim atá i gceist.

6/15. Cód an tráchtearra — Cód TARIC**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an fo-cheannteideal TARIC a fhreagraíonn don ítim i dtrácht.

6/16. Cód an tráchtearra – cód breise nó cóid bhreise TARIC**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an cód nó na cóid bhreise TARIC a fhreagraíonn don ítim atá i gceist.

6/17. Cód an tráchtearra – Cód breise náisiúnta/cóid bhreise náisiúnta**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an cód breise náisiúnta/na cóid bhreise náisiúnta a bhaineann leis an ítim atá i gceist.

6/18. Iomlán na bpacáistí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach i bhfigiúirí líon iomlán na bpacáistí as a ndéantar an choinsíneacht atá i gceist.

6/19. Cineál earraí**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Ítim, an cineál idirbhirt, cóidaithe.

Grúpa 7 – Faisnéis iompair (modhanna, meáin agus trealamh)**7/2. Coimeádán****Colún tábla H1 go H4 maidir le ceanglais sonraí:**

Cuir isteach an staid agus teorainn sheachtrach an Aontais á thrasnú trí úsáid a bhaint as cód ábhartha an Aontais.

7/4. An modh iompair ag an teorainn**Colún tábla H1 go H4 maidir le ceanglais sonraí:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh gníomhach iompair ar tháinig na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais leis.

Colún tábla H5 maidir le ceanglais sonraí:

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair a chomhfhreagraíonn don mhodh gníomhach iompair ar tháinig na hearraí isteach sa chríoch fhioscach lena mbaineann.

7/5. Modh iompair intíre**Colún tábla H1 go H5 maidir le ceanglais sonraí:**

Agus úsáid á baint as an gcód ábhartha Aontais, cuir isteach an modh iompair ar theacht isteach dó.

7/9. Céannacht na córa iompair ar theacht isteach**Colúin tábla H1 agus H3 go H5 maidir le ceanglais sonraí:**

Cuir isteach céannacht an mhodha iompair ar a ndéantar na hearraí a luchtú go díreach tráth a dtíolactha san oifig custaim ina gcuirtear na foirmiúlachtaí cinn scríbe i gcrích. Má úsáidtear tarracóir agus leantóir a bhfuil uimhreacha difriúla clárúcháin aige, cuir isteach uimhir chlárúcháin an tarracóra agus an leantóra araon.

Ag brath ar an gcóir iompair atá i gceist, féadfar na sonraí seo a leanas maidir le céannacht a iontráil:

Cóir iompair	Modh sainitheantais
Iompar ar muir agus ar uiscebhealaí intíre	Ainm an tsoithigh
Aeriompar	Uimhir agus dáta na heitilte (mura bhfuil aon uimhir eitilte ann, cuir isteach uimhir chlárúcháin an aerárthaigh)
An t-iompar de bhóthar	Uimhir chlárúcháin na feithicle
Iompar d'iarnróid	Uimhir vaigín

7/10. Uimhir aitheantais an choimeádáin**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Marcanna (litreacha agus/nó uimhreacha) lena saináithnítear an coimeádán iompair.

I gcás modhanna iompair seachas aer, is éard atá i gcoimeádán ná bosca speisialta chun lasta a iompar, é neartaithe agus indéanta é a chruachadh agus aistriú cothrománacha nó ingearacha a dhéanamh.

I mód an aer, is boscaí speisialta iad coimeádáin chun lasta a iompar, iad neartaithe agus indéanta iad a aistriú go cothrománach nó go ceartingearach.

I gcomhthéacs na gné sonraí seo, measfar gur coimeádáin iad na cabhlacha babhtála agus na leathleantóirí a úsáidtear le haghaidh iompair de bhóthar agus d'iarnród.

Más infheidhme, i gcás coimeádán a chumhdaítear le caighdeán ISO 6346, soláthrófar freisin an t-aitheantóir (réamhuimhir) a leithdháilfidh Biúró Idirnáisiúnta Coimeádán agus Iompair Idirmhódaigh (BIC) sa bhreis ar uimhir aitheantais an choimeádáin.

I gcás comhlachtaí babhtála agus leathleantóirí, úsáidfean an cód ILU (Aonaid Luchtaithe Idirmhódaigh) mar a tugadh isteach leis an gcaighdeán Eorpach EN 13044.

7/15. Náisiúntacht córacha gníomhacha iompair a thrasnaíonn an teorainn**Colúin tábla H1, H3 go H5 maidir le ceanglais sonraí:**

Agus cód ábhartha an Aontais á úsáid, cuir isteach náisiúntacht an mhodha iompair ghníomhaigh a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais.

I gcás iompair chomhcheangailte nó i gcás ina n-úsáidtear roinnt córacha iompair, is é an chóir iompair gníomhach an modh a dhéanann an teaglam iomlán a thiomáint. Mar shampla, i gcás leoraí ar shoitheach farraige, is í an long an chóir ghníomhach iompair. I gcás tarracóra agus leantóra, is é an tarracóir gníomhach an modh iompair.

Grúpa 8 – Eilimintí sonraí eile (sonraí staidrimh, rátháíochtaí, sonraí a bhaineann le taraifí)**8/1. Uimhir ordaithe an chuóta****Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach uimhir ordaithe an chuóta taraife a bhfuil an dearbhóir ag cur isteach air.

8/2. Cineál rátháíochta**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus cóid ábhartha an Aontais á n-úsáid, cuir isteach an cineál rátháíochta a úsáidtear don oibríocht.

8/3. Tagairt na rátháíochta**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach uimhir thagartha na rátháíochta a úsáidtear le haghaidh na hoibríochta agus, más iomchuí, an cód rochtana agus oifig na rátháíochta.

8/5. An cineál idirbhirt**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Agus úsáid á baint as na cóid agus na ceanteidil ábhartha Aontais, cuir isteach an cineál idirbhirt lena mbaineann.

8/6. Luach staidrimh**Gach colún tábla maidir le ceanglais ábhartha sonraí a úsáidtear:**

Cuir isteach an luach staidrimh arna shloinneadh san aonad airgeadra, a bhféadfadh an cód dó a bheith in D.E. 4/12 Aonad airgeadra inmheánaigh, nó, i éagmais cód dá leithéid sin in D.E. 4/12 Aonad airgeadra inmheánaigh, in airgeadra an Bhallstáit ina ndéantar foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin/allmhairiúcháin a chur i gcrích, i gcomhréir leis na forálacha ón Aontas atá i bhfeidhm".

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/235 ÓN GCOIMISIÚN
an 8 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 maidir le formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí, rialacha áirithe i dtaca le faireachas agus leis an oifig inniúil custaim lena gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 8, 58 agus 161 de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le cur chun feidhme praiticiúil Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (an Cód) in éineacht le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽²⁾ maidir le formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí, rialacha áirithe i dtaca le faireachas agus leis an oifig inniúil custaim lena gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim, léiríodh gur gá an Rialachán Cur Chun Feidhme a leasú chun comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh ar fhormaidí agus ar chóid na gcomhcheanglas sonraí chun faisnéis a stóráil agus í a mhalartú idir údaráis custaim, agus idir údaráis custaim agus oibreoirí eacnamaíocha. Is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar na comhcheanglais sonraí chun a áirithiú go mbeidh na córais custaim leictreonacha a úsáidtear le haghaidh cineálacha éagsúla dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais idir-inoibritheach nuair a dhéantar na comhcheanglais sonraí a chomhchuibhiú.
- (2) Is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú ar bhealach ina mbeidh feidhm ag na formáidí agus na cóid mar a leagtar amach iad i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 ⁽³⁾ ón gCoimisiún i gcás ina n-úsáideann na Ballstáit na ceanglais idirthréimhseacha sonraí i ndáil le dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas Aontais a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin.
- (3) Is gá freisin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú chun roinnt ama a chur ar fáil do na Ballstáit a thug a gcórais náisiúnta allmhairí cothrom le dáta cheana féin i gcomhréir leis na formáidí agus na cóid ann chun iad a oiriúnú leis na ceanglais nua formáidí agus cóid a leagtar amach sa Rialachán seo. Go sonrath, ba cheart go dtabharfaí am dóibh go dtí go ndéanfar Céim 1 den tionscadal Imreiteach Láraithe Allmhairiúcháin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún a imscaradh ⁽⁴⁾.
- (4) Is gá freisin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú lena cheangal ar na Ballstáit sonraí a sheoladh chuig an gcóras faireachais leictreonach i bhformáid a fhreagraíonn don fhormaid a úsáidtear le haghaidh na ndearbhuithe ábhartha custaim agus a fhéadfar a phróiseáil ag córas faireachais an Choimisiúin atá ann cheana.
- (5) Maidir leis an riail i mír 4 d'Airteagal 221 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, ina sonraítear an oifig inniúil custaim chun dearbhú a dhéanamh i ndáil le coinsíneachtaí ar luach íseal a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi scéim CBL seachas an scéim speisialta i ndáil le ciandíol earraí a leagtar amach i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE ⁽⁵⁾ ón gComhairle, ba cheart í a leasú chun a shoiléiriú go mbeidh feidhm aici ó dháta chur i bhfeidhm na scéime CBL sin. Leagtar amach an dáta sin sa cheathrú fómhír d'Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle ⁽⁶⁾.

⁽¹⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonracha maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

⁽³⁾ Rialachán arna Tharmligeán (AE) 2016/341 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha idirthréimhseacha i leith forálacha áirithe de chuid Chód Custaim an Aontais i gcás nach bhfuil na córais leictreonacha chuí ag feidhmiú go fóill agus lena leasaítear Rialachán arna Tharmligeán (AE) 2015/2446 (IO L 69, 15.3.2016, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

⁽⁵⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

⁽⁶⁾ Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE maidir le hoibleagáidí áirithe cánach breisluacha i ndáil le soláthairtí seirbhísí agus ciandíol earraí (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

- (6) In Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, leagtar amach formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil a éilítear le haghaidh dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais. Chun an comhchuíbhiú a bhaint amach, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú. Agus méid na n-athruithe a éilítear á chur san áireamh, ba cheart téacs iomlán nua a chur in ionad théacs Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Déantar formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis an bhfaisnéis is gá d’fheidhmchláir agus do chinntí a mhalartú agus a stóráil a leagan amach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Déantar formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis an bhfaisnéis is gá do dhearbhuithé, d’fhógraí agus do chruthúnas maidir le stádas custaim a mhalartú agus a stóráil a leagan amach in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Rialachán seo.”;

(b) scriostar mír 3.

(c) cuirtear an téacs a leanas in ionad mhír 4:

“4. Déantar formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis an bhfaisnéis is gá do dhearbhuithé, d’fhógraí agus do chruthúnas maidir le stádas custaim a mhalartú agus a stóráil a leagan amach in Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 (*) ón gCoimisiún.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacháin idirthréimhseacha i ndáil le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais i gcás nach mbeidh na córais leictreonacha ábhartha ag feidhmiú go fóill agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún (IO L 69, 15.3.2016, lch. 1).”

(d) cuirtear mír 4a seo a leanas isteach:

“4a. Déantar formáidí agus cóid na gcomhcheanglas maidir le sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(4a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 maidir leis an bhfaisnéis is gá do dhearbhuithé, d’fhógraí agus do chruthúnas maidir le stádas custaim a mhalartú agus a stóráil a leagan amach in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an Rialachán seo.”.

(2) Leasaítear Airteagal 55 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fohmhir:

“Ón dáta a leagtar amach sa cheathrú fohmhir d’Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2017/2455, leagtar síos an liosta sonraí a fhéadfaidh an Coimisiún a éileamh in Iarscríbhinn 21-03 a ghabhann leis an Rialachán seo.”;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:

“6. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún na liostaí sonraí a leanas a éileamh chun críche faireachais ag scaoileadh i saorchúrsaíocht:

- (a) an liosta sonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn 21-02 a ghabhann leis an Rialachán seo, go dtí dáta imscartha an uasghrádaithe ar na córais náisiúnta allmhairí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún (*);
- (b) an liosta sonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn 21-01 a ghabhann leis an Rialachán seo, go dtí an dáta deireanach chun an chéad chéim d’Imréiteach Lárithé Allmhairiúcháin CCA a imscaradh, dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151.

De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún an liosta sonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn 21-01 nó in Iarscríbhinn 21-02 a ghabhann leis an Rialachán seo a éileamh chun críche faireachais ag onnmhairiú, go dtí an dáta deireanach chun an córas onnmhairiúcháin uathoibríoch a imscaradh dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151.

(*) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).”.

(3) In Airteagal 221, cuirtear an téacs a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ón dáta dá dtagraítear sa cheathrú fómhír d’Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2017/2455, maidir leis an oifig custaim atá inniúil ar earraí i gcoinsíneacht a bhaineann tairbhe as faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi Airteagal 23(1) nó faoi Airteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009, faoi scéim CLB seachas an scéim speisialta i ndáil le ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha dá dtagraítear i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE, beidh an oifig custaim sin ina oifig custaim atá suite sa Bhallstát ina dtagann deireadh le seoladh nó le hiompar na n-earraí.”.

(4) Sa Chlár, tar éis Airteagal 350, déantar Teideal I (Forálacha Ginearálta) a leasú mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn B:

“Formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí i ndáil le dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais (Airteagal 2(2))”;

(b) cuirtear an ró a leanas isteach tar éis an ró a chomhfhreagraíonn do “Iarscríbhinn B”:

“Iarscríbhinn C – Formáidí agus cóid na gcomhcheanglas sonraí i ndáil le dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais (Airteagal 2(4a))”.

(5) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

(6) Déantar Iarscríbhinn C nua mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach tar éis Iarscríbhinn B.

(7) Déantar Iarscríbhinn 21-03 nua mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach tar éis Iarscríbhinn 21-02.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
Beidh feidhm ag Airteagal 1(3) ón 20 Iúil 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 8 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN B

FORMÁIDÍ AGUS CÓID NA gCEANGLAS COITEANN SONRAÍ I NDÁIL LE DEARBHUITHE, FÓGRAÍ AGUS CRUTHÚNAS MAIDIR LE STÁDAS CUSTAIM EARRAÍ DE CHUID AN AONTAIS (AIRTEAGAL 2(2))

RÉAMHNÓTAÍ

- (1) Tá feidhm ag na formáidí, na cóid agus, más infheidhme, struchtúr na n-eilimintí sonraí atá san áireamh san Iarscríbhinn seo maidir leis na ceanglais sonraí i ndáil le dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais dá bhforáiltear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.
- (2) Beidh feidhm ag na formáidí, na cóid agus, más infheidhme, struchtúr na n-eilimintí sonraí a shainmhínítear san Iarscríbhinn seo i ndáil le dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais a dhéantar trí theicníc leictreonach próiseála sonraí a úsáid.
- (3) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal an dearbhaithe ceantáisc (D) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal an dearbhaithe ceantáisc laistigh de dhearbhuí, d'fhógra nó de chruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais.
- (4) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal na Príomhchoinsíneachta (PC) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal na Príomhchoinsíneachta.
- (5) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal na Míreanna d'Earraí Príomhchoinsíneachta (PM) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal na Míreanna d'Earraí Príomhchoinsíneachta.
- (6) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal Coinsíneachta an tSeoltóra (CS) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal Coinsíneachta an tSeoltóra.
- (7) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal na Míreanna d'Earraí Coinsíneachta an tSeoltóra (MS) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal na Míreanna d'Earraí Coinsíneachta an tSeoltóra.
- (8) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal an tSeolta Earraí (SE) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal an tSeolta Earraí.
- (9) Leis an mbunuihmrecht ar leibhéal na Míreanna d'Earraí Gníomhaireachta Rialtais (ES) atá san áireamh sa tábla i dTeideal I den Iarscríbhinn seo, léirítear an méid uaireanta is féidir an eilimint sonraí a úsáid ar leibhéal na Míreanna Earraí Gníomhaireachta Rialtais.
- (10) Nuair a bheidh an fhaisnéis i ndearbhú, i bhfógra nó i gcruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais a phléitear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 i bhfoirm cód, déanfar an liosta cód dá bhforáiltear i dTeideal II nó i gcód náisiúnta, i gcás ina bhfuil foráil déanta maidir leis sin, a chur i bhfeidhm.
- (11) Is féidir leis na Ballstáit cóid náisiúnta a úsáid le haghaidh eilimintí sonraí 11 10 000 000 Nós imeachta breise, 12 01 000 000 Doiciméad roimhe (fo-eilimint 12 01 005 000 Aonad tomhais agus cáilitheoir), 12 02 000 000 Faisnéis bhreise (fo-eilimint 12 02 008 000 Cód), 12 03 000 000 Doiciméad tacaíochta (fo-eilimintí 12 03 002 000 Cineál agus 12 03 005 000), 12 04 000 000 Tagairt bhreise (fo-eilimint 12 04 002 000 Cineál), 14 03 000 000 Dleachtanna agus cánacha (fo-eilimint 14 03 039 000 Cineál cánach agus fo-eilimint 14 03 040 005 Aonad tomhais agus cáilitheoir), 18 09 000 000 Cód an tráchtearra (fo-eilimint 18 09 060 000 Cód náisiúnta breise), 16 04 000 000 An réigiún cinn scríbe agus 16 10 000 000 An réigiún seolta. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le liosta na gcód náisiúnta a úsáidtear le haghaidh na n-eilimintí sonraí sin. Foilseoidh an Coimisiún liosta na gcód sin.

(12) Léirítear leis an téarma ‘cineál/fad’ sa mhíniú ar aitreabúid na ceanglais maidir leis an gcineál sonraí agus fad na sonraí. Is iad seo a leanas na cóid le haghaidh na gcineálacha sonraí:

a aibítreach

u uimhriúil

au alfa-uimhriúil

Léiríonn an uimhir tar éis an chóid fad inghlactha na sonraí.

Baineann an méid a leanas:

Ciallaíonn an dá phonc roghnacha roimh tháscaire an fhaid nach bhfuil fad seasta ag na sonraí, ach go bhféadann sé suas le líon áirithe digití a bheith aige, mar atá sonraithe ag táscaire an fhaid. Ciallaíonn camóg i bhfad na sonraí gur féidir leis an aitreabúid deachúlacha a bheith aige, léiríonn an digit roimh an gcamóg fad iomlán na haitreabúide, léiríonn an digit tar éis na camóige líon uasta na ndigití tar éis an phointe dheachúlachaigh.

Samplaí d’fhaid réimse agus formáidí:

a1 1 charachtar aibítreach, aonfhaid

u2 2 charachtar uimhriúla, aonfhaid

au3 3 alfa-uimhriúil, aonfhaid

a..4 suas le 4 charachtar aibítreacha

u..5 suas le 5 charachtar uimhriúla

au..6 suas le 6 charachtar alfa-uimhriúla

u..7,2 suas le 7 gcarachtar uimhriúla lena n-áirítear 2 dheachúil ar a mhéid, agus treormharcóir ceadaithe ar foluain

(13) Úsáidtear na tagairtí a leanas do liostaí cóid a shainmhíneáir sna caighdeáin idirnáisiúnta nó i ngníomhartha dlí an Aontais Eorpaigh:

	Ainm gearr	Foinse	Sainmhíniú
1.	Cód an Chineáil Pacáiste	Moladh UN/ECE 21	Cód an Chineáil Pacáiste mar a shainmhíneáir sa leagan is déanaí d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Moladh UN/ECE 21
2.	Cód Airgeadra	ISO 4217	Cód aibítreach trí litir a shainmhíneáir Caighdeán Idirnáisiúnta ISO 4217
3.	Cód GEONOM	Rialachán (AE) Uimh. ón gCoimisiún	Tá cóid aibítreacha an Aontais le haghaidh tíortha agus críoch bunaithe ar chóid ISO alpha-2 (a2) atá i bhfeidhm faoi láthair a mhéid go bhfuil siad ar comhréir le ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht tíortha agus críoch i gcomhair staidreamh na hEorpa i ndáil leis an trádáil idirnáisiúnta earraí agus leis an miondealú geografach ar staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2-21). I gcomhthéacs oibríochtaí idirthurais, úsáidfeadh cóid tíre ISO 3166- alfa-2 agus úsáidfeadh an cóid ‘XI’ i gcás Thuaisceart Éireann.

	Ainm gearr	Foinse	Sainmhíniú
4.	NA/LOCODE	Moladh UNECE Uimh. 16	NA/LOCODE mar a shainmhíniú i Moladh UNECE Uimh. 16
5.	Uimhir NA	Comhaontú ADR	Uimhir NA mar a leagtar amach in Iarscríbhinn A, Cuid 3, Tábla A (Liosta na nEarraí Contúirteacha) a ghabhann leis an gComhaontú Eorpach i dtaobh Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar
6.	Cód na gCineálacha Córa Iompair	Moladh UNECE Uimh. 28	Cód na gcineálacha córa iompair mar a shainmhíniú i Moladh UNECE Uimh. 28
7.	Cód an chineáil idirbhirt	Rialachán (AE) Uimh. 113/2010 ón gCoimisiún	Cód an chineáil idirbhirt mar a shainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 113/2010 ón gCoimisiún
8.	Cóid UPU an táscaire cineáil míre	Liosta cód UPU 136	Cóid UPU (an tAontas Poist Uilechoiteann) an táscaire cineáil míre mar a shonraítear i liosta cód UPU 136
9.	Cóid CUS	ECICS (an Fardal Eorpach Custam maidir le Substaintí Ceimiceacha)	Uimhir an Aontais Custaim agus Staidrimh (CUS) a shanntar laistigh den Fhardal Eorpach Custam maidir le Substaintí Ceimiceacha (ECICS) ar shubstaintí agus ar ullmhóidí ceimiceacha go príomha.

TEIDEAL I

Formáidí agus bunuimhreach na gceanglas coiteann sonraí i ndáil le dearbhuithe agus fógraí

CAIBIDIL 1

Formáidí

Eilimint/aicme sonraí Fo-eilimint/fo-aicme sonraí Uimhir fo-eiliminte sonraí	Ainm eiliminte/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte/fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Formáid	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Nótaí
11 01 000 000	Cineál dearbhaithe			au..5	Tá	
11 02 000 000	Cineál dearbhaithe bhreise			a1	Tá	
11 03 000 000	Uimhir earraí míre			u..5	Níl	
11 04 00 0000	Táscaire imthosca sonracha			au3	Tá	
11 05 000 000	Táscaire athiontrála			u1	Tá	

Eilimint/aicme sonraí Fo-eilimint/fo-aicme sonraí Uimhir fo-eiliminte sonraí	Ainm eiliminte/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte/fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Formáid	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Nótaí
11 06 000 000	Coinsíneacht Dheighilte				Níl	
11 06 001 000		Táscaire coinsíneachta deighilte		u1	Tá	
11 06 002 000		MRN Roimhe		au18	Níl	
11 07 000 000	Slándáil			u1	Tá	
11 08 000 000	Táscaire tacar sonraí laghdaithe			u1	Tá	
11 09 000 000	Nós Imeachta				Níl	
11 09 001 000		Nós imeachta iarrtha		au2	Tá	
11 09 002 000		Nós imeachta roimhe seo		au2	Tá	
11 10 000 000	Nós imeachta breise			au3	Tá	Sonraítear cóid an Aontais a thuilleadh i dTeideal II. Féadfaidh na Ballstáit cóid náisiúnta a shainmhíniú. Ní mór an fhormáid n1an2 a bheith ag cóid náisiúnta.
12 01 000 000	Doiciméad roimhe				Níl	
12 01 001 000		Uimhir thagartha		au..70	Níl	
12 01 002 000		Cineál		au4	Níl	Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.
12 01 003 000		An cineál pacáistí		au..2	Níl	Cód an chineáil pacáiste dá dtagraítear i réamhnóta 13 uimhir 1.
12 01 004 000		An líon pacáistí		u..8	Níl	

Eilimint/aicme sonraí Fo-eilimint/fo-aicme sonraí Uimhir fo-eiliminte sonraí	Ainm eiliminte/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte/fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Formáid	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Nótaí
12 01 005 000		Aonad tomhais agus cáilitheoir		au..4	Níl	Úsáidfean na haonaid tomhais agus na cáilitheoirí a shainmhínítear in TARIC. I gcás den sórt sin, beidh formáid au..4 ag na haonaid tomhais agus cáilitheoirí, ach ní bheidh siad riamh i bhformáidí u..4, a choimeádtar le haghaidh aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta. Mura bhfuil aonaid tomhais ná cáilitheoirí den sórt sin ar fáil in TARIC, féadfar aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta a úsáid. Beidh formáid u..4 acu.
12 01 006 000		Cainníocht		u..16,6	Níl	
12 01 079 000		Comhlánú faisnéise		au..35	Níl	
12 01 007 000		Aitheantóir míre earraí		u..5	Níl	
12 02 000 000	Faisnéis bhreise				Níl	
12 02 008 000		Cód		au5	Tá	Sonraítear cóid an Aontais a thuilleadh i dTeideal II. Féadfaidh na Ballstáit cóid náisiúnta a shainmhíniú. Ní mór an fhormáid a1an4 a bheith ag cóid náisiúnta.
12 02 009 000		Corphéacs		au..512	Níl	
12 03 000 000	Doiciméad tacaíochta				Níl	
12 03 001 000		Uimhir thagartha		au..70	Níl	
12 03 002 000		Cineál		au4	Níl	Is féidir na cóid le haghaidh doiciméad, deimhnithe agus údaruithe de chuid an Aontais nó le haghaidh doiciméid, deimhnithe agus údaruithe idirnáisiúnta a fháil i mbunachar sonraí TARIC. Bíonn an fhormáid a1au3 acu. Maidir le doiciméid, deimhnithe agus údaruithe náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit cóid náisiúnta a shainmhíniú. Ní mór an fhormáid u1au3 a bheith ag cóid náisiúnta.

Eilimint/aicme sonraí Fo-eilimint/fo-aicme sonraí Uimhir fo-eiliminte sonraí	Ainm eiliminte/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte/fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Formáid	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Nótaí
12 03 010 000		Ainm an Údaráis Eisiúna		au..70	Níl	
12 03 005 000		Aonad tomhais agus cáilitheoir	—	au..4	Níl	Úsáidfean na haonaid tomhais agus na cáilitheoirí a shainmhínítear in TARIC. I gcás den sórt sin, beidh formáid au..4 ag na haonaid tomhais agus cáilitheoirí, ach ní bheidh siad riamh i bhformáidí u..4, a choimeádtar le haghaidh aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta. Mura bhfuil aonaid tomhais ná cáilitheoirí den sórt sin ar fáil in TARIC, féadfar aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta a úsáid. Beidh formáid u..4 acu.
12 03 006 000		Cainníocht	—	u..16,6	Níl	
12 03 011 000		Dáta bailíochta		au..19	Níl	
12 03 012 000		Airgeadra		a3	Níl	Cód airgeadra dá dtagraítear i réamhnóta 13 uimhir 2.
12 03 013 000		Uimhir Míre Líne an Doiciméid		u..5	Níl	
12 03 014 000		Méid		u..16,2	Níl	
12 03 079 000		Comhlánú faisnéise		au..35	Níl	
12 04 000 000	Tagairt bhreise				Níl	
12 04 001 000		Uimhir thagartha		au..70	Níl	
12 04 002 000		Cineál		au4	Níl	Is féidir cóid an Aontais a fháil i mbunachar sonraí TARIC. Bíonn an fhormáid a1au3 acu. Féadfaidh na Ballstáit cóid náisiúnta a shainmhíniú. Ní mór an fhormáid u1au3 a bheith ag cóid náisiúnta.
12 05 000 000	Doiciméad iompair				Níl	

19 05 062 000		Náisiúntacht		1x				1x	
19 06 000 000	Cóir teachta	iompair		1x				1x	
19 06 061 000		An cineál aitheantais		1x				1x	
19 06 017 000		Uimhir aitheantais		1x				1x	
19 07 000 000	Trealamh Iompair			9,999x	9,999x	9,999x	9,999x	9,999x	
19 07 063 000		Uimhir aitheantais coimeádáin		1x	1x	1x	1x	1x	
19 07 044 000		Tagairt earraí		9,999x				9,999x	
19 07 064 000		Aitheantas méide agus cineáil coimeádáin		1x	1x	1x	1x		
19 07 065 000		Stádas pacáilte coimeádáin		1x	1x	1x	1x		
19 07 066 000		Cód an chineáil soláthróra coimeádáin		1x	1x	1x	1x		

Eilimint/aicme sonraí Fo-eilimint/fo-aicme sonraí	Ainm eiliminte/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte/ fo-aicme sonraí	Bunúimhreach Dearbhú	Bunúimhreach MC	Bunúimhreach MI	Bunúimhreach HC	Bunúimhreach HI	Bunúimhreach GS	Bunúimhreach SI
19 08 000 000	Cóir iompair ghníomhach imeallchríche		1x	9x				1x	
19 08 061 000		An cineál aitheantais	1x	1x				1x	
19 08 017 000		Uimhir aitheantais	1x	1x				1x	
19 08 062 000		Náisiúntacht	1x	1x				1x	
19 08 067 000		Cineál córa iompair	1x						
19 09 000 000	Cóir iompair éighníomhach imeallchríche			999x		999x	999x		
19 09 061 000		An cineál aitheantais		1x		1x	1x		
19 09 017 000		Uimhir aitheantais		1x		1x	1x		
19 09 062 000		Náisiúntacht		1x		1x	1x		
19 09 067 000		Cineál córa iompair		1x		1x	1x		
19 10 000 000	Séala custaim			99x	99x	99x	99x		
19 10 068 000		An líon séalaí custaim		1x (*)	1x (*)	1x (*)	1x (*)		
19 10 015 000		Aitheantóir		1x	1x	1x	1x		

Eilimint/aicme sonraí Fo-eilimint/fo-aicme sonraí	Ainm eiliminte/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte/ fo-aicme sonraí	Bunúimhreach Dearbhú	Bunúimhreach MC	Bunúimhreach MI	Bunúimhreach HC	Bunúimhreach HI	Bunúimhreach GS	Bunúimhreach SI
19 11 000 000	Uimhir aitheantais an ghabhdáin			9,999x		9,999x			
99 01 000 000	Sraithuimhir cuóta								1x
99 02 000 000	Cineál ráthaíochta		9x						
99 03 000 000	Tagairt ráthaíochta		99x						
99 03 069 000		GRN	1x						
99 03 070 000		Cód rochtana	1x						
99 03 012 000		Airgeadra	1x						
99 03 071 000		Méid le cumhdach	1x						
99 03 072 000		Oifig custaim na ráthaíochta	1x						
99 03 073 000		Tagairt ráthaíochta eile	1x						
99 04 000 000	Níl an ráthaíocht bailí in		99x						
99 05 000 000	An cineál idirbhirt							1x	1x
99 06 000 000	Luach staidrimh								1x

(*) Ní mór an bhunúimhreach le haghaidh an lín séaláí a thuiscint i ndáil leis an trealamh iompair, i.e. 1x in aghaidh an choimeádáin.

TEIDEAL II

Cóid maidir leis na ceanglais choiteanna sonraí le haghaidh dearbhuithe agus fógraí

(1) Réamhrá:

Tá na cóid atá le húsáid ar dhearbhuithithe agus ar fhógraí leictreonacha sa Teideal seo.

(2) Cóid:

11 01 000 000 Cineál dearbhaithe

Cód	Tuairisc	Tacar sonraí sa tábla um cheanglais sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
C	Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais	D3
CO	<p>Earraí de chuid an Aontais atá faoi réir bearta sonracha le linn na hidirthréimhse tar éis aontachas Ballstát nua.</p> <p>Earraí de chuid an Aontais a chur faoin nós imeachta stórála custaim dá dtagraítear i gcolún B3 den tábla um cheanglais sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 d'fhonn íocaíocht ar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin speisialta a fháil roimh onnmhairiúchán nó roimh mhonaraíocht faoi mhaoirseacht chustaim agus faoi rialú custaim sula ndéantar onnmhairiúchán agus íocaíocht ar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin.</p> <p>Earraí de chuid an Aontais i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais lena mbaineann forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ⁽¹⁾ nó forálacha Threoir 2008/118/CE ón gComhairle ⁽²⁾ agus codanna den chríoch sin nach mbaineann na forálacha sin leo, nó i gcomhthéacs na trádála idir codanna den chríoch sin nach mbaineann na forálacha sin leo dá dtagraítear i gcolúin B4 agus H5 den tábla um cheanglais sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.</p>	B3, B4, H1, H5, I1
EX	<p>Le haghaidh trádáil le tíortha agus le críocha atá suite lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.</p> <p>Chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim dá dtagraítear i gcolúin B1, B2 agus C1 agus le haghaidh athonnmhairiú dá dtagraítear i gcolún B1 den tábla um cheanglais sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.</p>	B1, B2, C1
IM	<p>Le haghaidh trádáil le tíortha agus le críocha atá suite lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.</p> <p>Le haghaidh earraí a chur faoi nós imeachta custaim dá dtagraítear i gcolúin H1 go H4, H6 agus I1 den tábla um cheanglais sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.</p> <p>Chun earraí neamh-AE a chur faoi nós imeachta custaim i gcomhthéacs na trádála idir na Ballstáit.</p>	H1, H2, H3, H4, H5, H6, H7, I1
T	Coinsíneachtaí measctha lena gcuimsítear earraí atá le cur faoi nós imeachta idirthurais seachtrach an Aontais agus earraí atá le cur faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais, a chumhdaítear le hAirteagal 294 den Rialachán seo	D1, D2, D3
T1	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais seachtrach an Aontais	D1, D2, D3
T2	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 227 den Chód, mura mbeidh feidhm ag Airteagal 293(2)	D1, D2, D3

Cód	Tuairisc	Tacar sonraí sa tábla um cheanglais sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
T2F	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 188 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446	D1, D2, D3
T2L	Cruthúnas lena mbunaítear stádas custaim earraí an Aontais	E1, E2
T2LF	Cruthúnas lena mbunaítear stádas custaim earraí an Aontais a choinsínítear chuig críocha fíoscacha speisialta, nó ó na críocha sin nó eatarthu	E1, E2
T2LSM	Cruthúnas lena mbunaítear stádas earraí atá ceaptha le cur chuig San Mairíne i bhfeidhmiú Airteagal 2 de Chinneadh 4/92 den Choiste um Chomhar CEE-San Mairíne an 22 Nollaig 1992	E1
T2SM	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais, i bhfeidhmiú Airteagal 2 de Chinneadh 4/92 den Choiste um Chomhar CEE-San Mairíne an 22 Nollaig 1992	D1, D2
TD	Earraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais cheana, nó a iompraíodh faoin nós imeachta próiseála isteach, stóras custaim nó cead isteach sealadach i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 233(4) den Chód	D3
TIR	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta TIR (Transport Internationaux Routiers)	D1, D2
X	Earraí de chuid an Aontais atá le honnmhairiú, nár cuireadh faoi nós imeachta idirthurais i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 233(4) (e) den Chód	D3

(1) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breislúacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

(2) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na comhshocruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

11 02 000 000 Cineál dearbhaithe breise

- A le haghaidh dearbhú caighdeánach custaim (faoi Airteagal 162 den Chód)
- B le haghaidh dearbhú simplithe ar bhonn ócáideach (faoi Airteagal 166(1) den Chód)
- C le haghaidh dearbhú simplithe custaim le húsáid thráthrialta (faoi Airteagal 166(2) den Chód)
- D chun dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód A) i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chód
- E chun dearbhú simplithe a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód B) i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chód
- F chun dearbhú simplithe a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód C) i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chód
- R Taisceadh cúlghabhálach onnmhairiúcháin nó dearbhú athonnmhairithe i gcomhréir le hAirteagal 249 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus le hAirteagal 337 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447)
- X le haghaidh dearbhú forlíontach ar dhearbhuithe simplithe a chumhdaítear ag B agus E
- Tá le haghaidh dearbhú forlíontach de chineál ginearálta nó tréimhsiúil ar dhearbhuithe simplithe a chumhdaítear le C agus F

- Z le haghaidh dearbhú forlíontach de chineál ginearálta nó tréimhsiúil faoin nós imeachta a chumhdaítear faoi Airteagal 182 den Chód
- U le haghaidh dearbhú forlíontach achoimreach ar dhearbhuithe simplithe a chumhdaítear le C agus F
- V le haghaidh dearbhú forlíontach achoimreach faoin nós imeachta a chumhdaítear faoi Airteagal 182 den Chód

11 04 000 000 Táscaire imthosca sonracha

Úsáidfead na cóid a leanas:

Cóid	Tuairisc
A20	Dearbhú imeachta achomair – Mearchoinsíneachtaí
F10	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí iomlán – Bille luchta díreach ina bhfuil an fhaisnéis is gá ón gcoinsíní
F11	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí iomlán – Príomhbhille luchta le bunbhille/bunbhíllí luchta an tseoltóra ina bhfuil an fhaisnéis is gá ón gcoinsíní ar leibhéal bhille luchta an tseoltóra is ísle
F12	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille luchta amháin
F13	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí páirteach – Bille luchta díreach amháin
F14	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí páirteach – Bille luchta an tseoltóra amháin
F15	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí páirteach – Bille luchta an tseoltóra leis an bhfaisnéis is gá ón gcoinsíní
F16	Uiscebhealaí mara agus intíre – Tacar sonraí iomlán – An fhaisnéis is gá don choinsíní a sholáthar ar an leibhéal is ísle de chonradh iompair (Bille luchta an tseoltóra is ísle i gcás nach bille luchta díreach é an príomhbhille luchta)
F20	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí iomlán taiscthe roimh luchtú
F21	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille iompair air taiscthe roimh theacht
F22	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí páirteach – Bille aeriompair an tseoltóra taiscthe roimh theacht – Tacar sonraí páirteach arna soláthar ag duine de bhun Airteagal 127(6) den Chód agus i gcomhréir le hAirteagal 113(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
F23	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí páirteach – Tacar sonraí íosta taiscthe roimh luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fómhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 gan uimhir thagartha príomhbhille iompair air
F24	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí páirteach – Tacar sonraí íosta taiscthe roimh luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fómhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 le huimhir thagartha príomhbhille iompair air
F25	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí páirteach – Uimhir thagartha príomhbhille iompair air taiscthe roimh luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fómhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
F26	Aerlasta (ginearálta) – Tacar sonraí páirteach – Tacar sonraí íosta taiscthe roimh luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fómhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 agus a bhfuil faisnéis bhreise bille aeriompair an tseoltóra ann
F27	Aerlasta (ginearálta) — Tacar sonraí iomlán taiscthe roimh theacht
F28	Aerlasta (ginearálta) — Tacar sonraí iomlán taiscthe roimh luchtú – Bille aeriompair díreach
F29	Aerlasta (ginearálta) — Tacar sonraí iomlán taiscthe roimh theacht – Bille aeriompair díreach
F30	Mearchoinsíneachtaí — Tacar sonraí iomlán taiscthe roimh theacht

Cóid	Tuairisc
F31	Mearchoinsíneachtaí ar aerlasta ginearálta — Tacar sonraí iomlán taiscthe roimh theacht ag an mearoibreoir
F32	Dearbhú iontrála achomair – Mearchoinsíneachtaí – Tacar sonraí íosta le taisceadh roimh luchtú i ndáil le cásanna a shainmhínítear in Airteagal 106(1), an dara fomhír
F33	Mearchoinsíneacht ar aerlasta ginearálta – Tacar sonraí páirteach – Bille aeriompair an tseoltóra taiscthe roimh theacht – Tacar sonraí páirteach arna soláthar ag duine de bhun Airteagal 127(6) den Chód agus i gcomhréir le hAirteagal 113(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
F40	Coinsíneachtaí poist – Tacar sonraí páirteach – Faisnéis ón bpríomhdhoiciméad iompair de bhóthar
F41	Coinsíneachtaí poist – Tacar sonraí páirteach – Faisnéis ón bpríomhdhoiciméad iompair d'iarnród
F42	Coinsíneachtaí poist – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille iompair aeir ina bhfuil faisnéis phoist an bhille iompair aeir is gá taiscthe i gcomhréir leis na teorainneacha ama is infheidhme le haghaidh na córa iompair lena mbaineann
F43	Coinsíneachtaí poist – Tacar sonraí páirteach – Tacar sonraí íosta taiscthe roimh luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fomhír agus i gcomhréir le hAirteagal 113(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
F44	Coinsíneacht poist – Tacar sonraí páirteach – Uimhir aitheantais an ghabhdáin taiscthe roimh luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fomhír agus i gcomhréir le hAirteagal 113(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446
F45	Coinsíneacht poist – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille luchta amháin
F50	Cóir iompair de bhóthar
F51	Cóir iompair d'iarnród
G4	Dearbhú stórais shealadaigh
G5	Fógra teachta i gcás gluaiseacht earraí faoi stóráil shealadach

11 05 000 000 Táscaire athiontrála

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

- 0 Níl (Dearbhú iontrála achomair taiscthe le haghaidh earraí a iontrálann críoch chustaim an Aontais den chéad uair)
- 1 Tá (Dearbhú iontrála achomair taiscthe le haghaidh earraí a athiontrálann críoch chustaim an Aontais tar éis í a fhágáil)

11 06 001 000 Táscaire coinsíneachta deighilte

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

- 0 Níl (Dearbhú iontrála achomair taiscthe le haghaidh Príomhchoinsíneacht iomlán)
- 1 Níl (Dearbhú iontrála achomair taiscthe le haghaidh Príomhchoinsíneacht deighilte)

11 07 000 000 Slándáil

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

Cód	Tuairisc	Míniú
0	Níl	Níl dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair ná le Dearbhú iontrála achomair
1	ENS	Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú iontrála achomair
2	EXS	Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair
3	ENS agus EXS	Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair agus le Dearbhú iontrála achomair

11 08 000 000 Táscaire tacar sonraí laghdaithe

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

0 Níl (Ní dhearbhaítear earraí le tacar sonraí laghdaithe)

1 Tá (Dearbhaítear earraí le tacar sonraí laghdaithe)

11 09 000 000 Nós imeachta

Cóid ceithre dhigit atá le hiontráil san fhoroinn seo, atá comhdhéanta de chód dhá dhigit a fhreagraíonn don nós imeachta a iarradh, agus cód eile dhá dhigit ina dhiaidh sin a fhreagraíonn don nós imeachta roimhe. Tugtar an liosta de chóid dhá dhigit thíos.

Ciallaíonn 'nós imeachta roimhe' an nós imeachta faoinar cuireadh na hearraí sular cuireadh faoin nós imeachta a iarradh iad.

Ba cheart a thabhairt ar aird nár cheart an cód ábhartha a úsáid, i gcás inar stóráil chustaim nó cead isteach sealadach é an nós imeachta roimhe seo, nó i gcás inar tháinig na hearraí ó shaorlimistéar, ach amháin i gcás nár cuireadh na hearraí faoi phróiseáil isteach nó amach nó úsáid deiridh.

Mar shampla: athonnmhairiú earraí a allmhairíodh faoi phróiseáil isteach agus a cuireadh faoi stóráil chustaim ina dhiaidh sin = 3151 (ní 3171). (An chéad oibríocht = 5100; an dara hoibríocht = 7151; an tríú hoibríocht athonnmhairithe = 3151).

Ar an gcuma chéanna, i gcás ina n-athallmhairítear earraí a onnmhairíodh go sealadach roimhe sin agus ina scaoiltear iad i saorchúrsaíocht tar éis dóibh a bheith curtha faoi stóráil chustaim, faoi chead isteach sealadach nó i saorlimistéar, meastar gur athallmhairiú simplí é sin tar éis onnmhairiú sealadach.

Mar shampla: iontráil chun úsáide sa stát le hiontráil chomhuaineach le haghaidh saorchúrsaíocht earraí a onnmhairítear faoi phróiseáil amach agus a chuirtear faoi stóráil chustaim nuair a athallmhairítear iad = 6121 (ní 6171). (An chéad oibríocht: onnmhairiú sealadach faoi nós imeachta próiseála amach = 2100; an dara hoibríocht: stóráil i stóras custaim = 7121; an tríú hoibríocht: iontráil chun úsáide sa stát + iontráil le haghaidh saorchúrsaíochta = 6121).

Ní féidir na cóid atá marcáilte sa liosta thíos leis an litir (a) a úsáid le haghaidh an chéad dá dhigit den chód nós imeachta, ach díreach chun an nós imeachta roimhe a léiriú.

Mar shampla: 4054 = iontráil earraí le haghaidh saorchúrsaíochta agus chun úsáide sa stát a cuireadh faoi phróiseáil isteach roimhe sin i mBallstát eile.

Liosta na nósanna imeachta chun críocha códaithe

Ní mór dhá cheann de na buneilimintí seo a chur le chéile chun cód ceithre dhigit a dhéanamh.

00 Úsáidtear an cód seo lena léiriú nach bhfuil aon nós imeachta (a) roimhe

- 01** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a athsheoladh go comhuaineach i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE nó Threoir 2008/118/CE agus codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó i gcomhthéacs na trádála idir codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu

Sampla: Earraí neamh-AE a thagann isteach ó thríú tír a scaoiltear i saorchúrsaíocht sa Ghearmáin agus a sheoltar ar aghaidh chuig na hOileáin Chanáracha.

- 07** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a chuirtear go comhuaineach faoi nós imeachta stórála custaim seachas nós imeachta stórála custaim i gcás nach bhfuil CBL ná, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íoctha.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid i gcás ina scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht ach nach bhfuil CBL ná dleachtanna máil íoctha.

Samplaí: Scaoiltear siúcra amh allmhairithe i saorchúrsaíocht ach níor íocadh CBL. Le linn do na hearraí a bheith i dtrádstóras nó i limistéar formheasta seachas i stóras custaim, cuirtear íocaíocht CBL ar fionraí.

Scaoiltear ola mhianrach allmhairithe i saorchúrsaíocht agus níor íocadh aon CBL. Le linn do na hearraí a bheith stóráilte i dtrádstóras cánach, cuirtear íocaíocht CBL agus dleachtanna máil ar fionraí.

- 10** Onnmhairiú buan.

Sampla: Earraí de chuid an Aontais a onnmhairiú chuig tríú tír, achina theannta sin earraí de chuid an Aontais a sheoladh chuig codanna de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ná Threoir 2008/118/CE iontu.

- 11** Táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéseacha faoi phróiseáil isteach a onnmhairiú sula gcuirtear earraí neamh-AE faoi phróiseáil isteach.

Míniú: Réamhonnmhairiú (EX-IM) i gcomhréir le hAirteagal 223(2)c) den Chód.

Sampla: Toitíní a mhonaraítear as duilleoga tobac de chuid an Aontais a onnmhairiú sula gcuirtear duilleoga tobac neamh-AE faoi phróiseáil isteach.

- 21** Onnmhairiú sealadach faoin nós imeachta próiseála amach, mura gcumhdaítear ag cód 22 é.

Sampla: Nós imeachta próiseála amach faoi Airteagail 259 go 262 den Chód. Ní chumhdaítear cur i bhfeidhm comhuaineach an nós imeachta próiseála amach agus an nós imeachta próiseála amach eacnamaíche ar tháirgí teicstíle (Rialachán (CE) Uimh. 3036/94 ón gComhairle) leis an gcód seo.

- 22** Onnmhairiú sealadach seachas an t-onnmhairiú sealadach dá dtagraítear faoi chóid 21 agus 23.

Cumhdaítear na cásanna a leanas leis an gcód seo:

— Cur i bhfeidhm comhuaineach an nós imeachta próiseála amach agus an nós imeachta próiseála amach eacnamaíche ar tháirgí teicstíle (Rialachán (CE) Uimh. 3036/94 ón gComhairle ⁽¹⁾)

— Onnmhairiú sealadach earraí ón Aontas chun iad a dheisiú, a phróiseáil, a oiriúnú, a dhéanamh suas nó a ath-oibriú i gcás nach mbeidh dleachtanna máil indlíte nuair a athallmhairítear iad.

- 23** Onnmhairiú sealadach le seoladh ar ais i riocht neamhathraithe.

Sampla: Earraí amhail samplaí, trealamh gairmiúil, etc., a onnmhairiú go sealadach le haghaidh taispeántas.

- 31** Athonnmhairiú.

Míniú: Earraí neamh-AE a athonnmhairiú tar éis nós imeachta speisialta.

Sampla: Cuirtear earraí faoi stóráil chustaim agus *dearbhaítear* iad le haghaidh athonnmhairiú ina dhiaidh sin.

- 40** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.

Iontráil earraí chun úsáide sa stát i gcomhthéacs na trádála idir an tAontas agus na tíortha lena bhfuil aontas custaim bunaithe aige.

Iontráil earraí chun úsáide sa stát i gcomhthéacs na trádála dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den chód.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 3036/94 ón gComhairle an 8 Nollaig 1994 lena mbunaítear socrúithe maidir le próiseáil amach eacnamaíoch is infheidhme maidir le teicstíle agus táirgí éadaí áirithe a ath-allmhairítear isteach sa Chomhphobal tar éis a n-oibrithe nó a bpróiseála i dtríú tíortha áirithe (IO L 322, 15.12.1994, lch. 1)

Samplaí:

- Earraí ag teacht ón tSeapáin le dleacht chustaim, CBL agus, nuair is infheidhme, dleachtanna máil, íoctha.
- Earraí ag teacht ó Andóra agus a iontráiltear chun úsáide sa stát sa Ghearmáin
- Earraí ag teacht ó Martinique agus a iontráiltear chun úsáide sa stát sa Bheilg.

- 42** Earraí atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile agus, nuair is infheidhme, fionraí dleachta máil, a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.

Earraí de chuid an Aontais a iontráil chun úsáide sa stát, i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ná Threoir 2008/118/CE iontu agus idir codanna den chríoch sin ina bhfuil feidhm ag na forálacha sin, atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile agus, nuair is infheidhme, fionraí dleachta máil.

Míniú: Deonaítear an díolúine ó CBL a íoc agus, i gcás inarb infheidhme, fionraí dleachta máil, toisc go dtagann soláthar laistigh den Aontas nó aistriú na n-earraí chuig Ballstát eile tar éis an allmhairithe. Sa chás sin, beidh CBL agus, i gcás inarb infheidhme, an dleacht mháil dlite le híoc sa Bhallstát is ceann scríbe deiridh. Chun an nós imeachta sin a úsáid, ní mór do na daoine coinníollacha eile a liostaítear in Airteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE agus, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE a chomhlíonadh. Déanfar an fhaisnéis a éilítear ag Airteagal 143 (2) de Threoir 2006/112/CE a iontráil in E.S.13 16 034 000 Uimhir aitheantais CBL.

Samplaí: Scaoiltear earraí neamh-AE i saorchúrsaíocht i mBallstát amháin agus tá siad ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile. Pléann gníomhaire custaim ar ionadaí cánach é leis na foirmiúlachtaí CBL tríd an gcóras CBL laistigh den Aontas a úsáid.

Earraí neamh-AE atá faoi réir dleachtanna máil a allmhairítear ó thríú tír, a scaoiltear i saorchúrsaíocht agus atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile. Tagann gluaiseacht faoi fhionraí dleachta máil ón áit allmhairiúcháin díreach tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht arna thionscnamh ag coinsíneoir cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE.

- 43** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach faoi réir beart sonracha a bhaineann le méid a bhailiú le linn na hidirthréimhse tar éis aontachas Ballstát nua.

Sampla: Táirgí talmhaíochta a scaoileadh i saorchúrsaíocht atá faoi réir, le linn idirthréimhse speisialta tar éis aontachas Ballstát nua, nós imeachta custaim nó beart speisialta idir na Ballstáit nua agus an chuid eile den Aontas.

44 Úsáid deiridh

Scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát faoi dhíolúine ó dhleacht nó ar ráta laghdaithe dleachta mar gheall ar a n-úsáid shonrach.

Sampla: Innill neamh-AE a scaoileadh i saorchúrsaíocht lena gcomhtháthú in aerárthach sibhialta a thógtar san Aontas Eorpach.

Earraí neamh-AE lena gcomhtháthú i gcatagóirí áirithe long, bád nó soithí eile agus le haghaidh ardáin druileála nó táirgeachta.

- 45** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus a iontráil go páirteach chun úsáide sa stát le haghaidh CBL nó dleachtanna máil agus iad a chur i dtrádstóras seachas stórais chustaim.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid le haghaidh earraí atá faoi réir CBL agus dleachtanna máil araon agus i gcás nach n-íoctar ach ceann amháin de na catagóirí cánacha sin nuair a scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht.

Samplaí: Scaoiltear toitíní neamh-AE i saorchúrsaíocht agus íocadh CBL. Le linn do na hearraí a bheith sa trádstóras cánach, cuirtear íocaíocht dleachtanna máil ar fionraí.

Déantar earraí máil a allmhairítear ó thríú tír nó ó thríú críoch dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir 2008/118/CE a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Díreach tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht, tagann gluaiseacht faoi fhionraí dleachta máil arna thionscnamh ag coinsíneoir cláraithe ag an áit allmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE, chuig trádstóras cánach sa Bhallstát céanna.

- 46** Allmhairiú táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéisacha faoin nós imeachta próiseála amach roimh onnmhairiú na n-earraí a bhfuil a n-ionaid á ngabháil acu.
- Míniú:* Réamhallmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 223(2)d den Chód.
- Sampla:* Allmhairiú bord a mhonaraítear ó adhmaid neamh-AE sula gcuirtear adhmaid de chuid an Aontais faoi phróiseáil amach.
- 48** Táirgí athsholáthair a iontráil chun úsáide sa stát agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht go comhuaineach faoi phróiseáil amach sula n-onnmhairítear na hearraí lochtacha.
- Míniú:* Córas malairte caighdeánach (IM-EX), réamhallmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 262(1) den Chód.
- 51** Earraí a chur faoi nós imeachta próiseála isteach.
- Míniú:* Próiseáil isteach i gcomhréir le hAirteagal 256 den Chód.
- 53** Earraí a chur faoi chead isteach sealadach.
- Míniú:* Earraí neamh-AE a bheartaítear a athonnmhairiú a chur faoin nós imeachta um chead isteach sealadach.
- Féadfar é sin a úsáid i gcóir chustaim an Aontais, le faoiseamh páirteach nó iomlán ó dhleachtanna ar allmhairí i gcomhréir le hAirteagal 250 den Chód.
- Sampla:* Cead isteach sealadach, e.g. le haghaidh taispeántas.
- 54** Próiseáil isteach i mBallstát eile (gan iad a bheith scaoilte i saorchúrsaíocht sa Bhallstát sin) (a).
- Míniú:* Úsáidtear an cód seo chun an oibríocht a thairgeadh chun críocha staidrimh i ndáil le trádáil laistigh den Aontas.
- Sampla:* Cuirtear earraí neamh-AE faoi phróiseáil isteach sa Bheilg (5100). Tar éis na próiseála isteach, seoltar chuig an nGearmáin iad chun iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht (4054) nó chun iad a phróiseáil a thuilleadh (5154).
- 61** Athallmhairiú le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.
- Míniú:* Earraí athallmhairithe ó thríú tír agus na dleachtanna custaim agus CBL á n-íoc.
- 63** Earraí atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile agus, nuair is infheidhme, fionraí dleachta máil, a athallmhairiú agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.
- Míniú:* Deonaítear an díolúine ó CBL a íoc agus, i gcás inarb infheidhme, fionraí dleachta máil, toisc go dtagann soláthar laistigh den Aontas nó aistriú na n-earraí chuig Ballstát eile tar éis an athallmhairithe. I gcás den sórt sin beidh CBL agus, i gcás inarb infheidhme, an dleacht máil, dlite le hÍoc sa Bhallstát cinn scríbe. Chun an nós imeachta sin a úsáid, ní mór do na daoine coinníollacha eile a liostaítear in Airteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE agus, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE a chomhlíonadh. Déanfar an fhaisnéis a éilítear ag Airteagal 143 (2) de Threoir 2006/112/CE a iontráil in E.S. 13 16 034 000 Uimhir aitheantais CBL.
- Samplaí:* Athallmhairiú tar éis próiseáil amach nó onnmhairiú sealadach, agus aon fhiachas CBL á ghearradh ar ionadaí cánach.
- Earraí máil, atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile, a athallmhairiú tar éis próiseáil amach agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Tagann gluaiseacht faoi fhionraí dleachta máil ón áit athallmhairiúcháin díreach tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht arna thionscnamh ag coinsíneoir cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE.
- 68** Earraí a athallmhairiú le hiontráil pháirteach chun úsáide sa stát agus le scaoileadh i saorchúrsaíocht go comhuaineach agus iad a chur faoi stóráil seachas an nós imeachta stórála custaim.
- Míniú:* Tá an cód seo le húsáid le haghaidh earraí atá faoi réir CBL agus dleachtanna máil araon agus i gcás nach n-íoctar ach ceann amháin de na catagóirí cánacha sin nuair a scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht.
- Sampla:* Athallmhairítear deochanna alcólacha próiseáilte agus cuirtear i dtrádstóras cánach iad.
- 71** Earraí a chur faoin nós imeachta stórála custaim.

- 76** Earraí de chuid an Aontais a chur faoin nós imeachta stórála custaim i gcomhréir le hAirteagal 237(2) den Chód.
- Sampla:* Feoil dhíchánmhaithe de bhó-ainmhí fásta fireann a chuirtear faoi stóráil chustaim roimh a n-onnmhairiú (Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1741/2006 (1) ón gCoimisiún an 24 Samhain 2006 lena leagtar síos na coinníollacha maidir le haisíoc onnmhairíochta speisialta a dheonú ar fheoil dhíchánmhaithe de bhó-ainmhí fásta fireanna a chuirtear faoin nós imeachta stórála custaim roimh a n-onnmhairiú (IO L 329, 25.11.2006, lch. 7)).
- Tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht, iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht nó ar loghadh dleachta ar allmhairí toisc go raibh na hearraí lochtach nó nár chomhlíon siad téarmaí an chonartha (Airteagal 118 den Chód).
- I gcomhréir le hAirteagal 118 (4) den Chód féadfar na hearraí atá i gceist a chur faoin nós imeachta stórála custaim in ionad iad a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais d'fhonn an aisíocaíocht nó an loghadh a dheonú.
- 77** Earraí de chuid an Aontais a mhonarú faoi mhaoirseacht chustaim agus faoi rialú custaim (de réir bhrí Airteagal 5(27) agus (3) den Chód) sula n-onnmhairítear iad agus sula n-íoctar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin.
- Sampla:* Táirgí mairteola agus laofheola leasaithe a mhonaraítear faoi mhaoirseacht chustaim agus faoi rialú custaim roimh a n-onnmhairiú (Airteagal 2 agus 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1731/2006 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2006 maidir le rialacha mionsonraithe speisialta chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe mairteola agus laofheola leasaithe (IO L 325, 24.11.2006, lch. 12)).
- 78** Earraí a chur faoi shaorlimistéar. (a)
- 95** Earraí de chuid an Aontais a chur faoi nós imeachta stórála seachas nós imeachta stórála custaim i gcás nach bhfuil CBL ná, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íochta.
- Míniú:* Tá an cód seo le húsáid i gcomhthéacs na trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 (3) den Chód chomh maith leis an trádáil idir an tAontas agus na tíortha lena bhfuil aontas custaim bunaithe aige agus i gcás nach bhfuil CBL ná dleachtanna máil íochta.
- Sampla:* Tugtar toitíní ó na hOileáin Chanáracha go dtí an Bheilg agus stóráiltear i dtrádstóras cánach iad; cuirtear íocaíocht CBL agus dleachtanna máil ar fionraí.
- 96** Earraí de chuid an Aontais a chur faoi nós imeachta stórála seachas nós imeachta stórála custaim i gcás ina bhfuil CBL nó, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íochta agus ina bhfuil íocaíocht na cánach eile curtha ar fionraí.
- Míniú:* Tá an cód seo le húsáid i gcomhthéacs na trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 (3) den Chód chomh maith leis an trádáil idir an tAontas agus na tíortha lena bhfuil aontas custaim bunaithe aige agus i gcás ina bhfuil CBL nó dleachtanna máil íochta agus ina bhfuil íocaíocht na cánach eile curtha ar fionraí.
- Sampla:* Tugtar toitíní ó na hOileáin Chanáracha go dtí an Fhrainc agus stóráiltear i dtrádstóras cánach iad; íocadh CBL agus tá íocaíocht dleachtanna máil curtha ar fionraí.

Cóid nós imeachta a úsáidtear i gcomhthéacs dearbhuithe custaim

Colúin (ceannteideal tábla in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2015/2446)	Dearbhuithe	Cóid nós imeachta an Aontais, i gcás inarb iomchuí
B1	Dearbhú onnmhairiúcháin agus dearbhú athonnmhairiúcháin	10, 11, 23, 31
B2	Nós imeachta speisialta — próiseáil — dearbhú um próiseáil amach	21, 22
B3	Dearbhú maidir le Stóráil chustaim earraí de chuid an Aontais	76, 77
B4	Dearbhú maidir le hearraí a sheoladh i gcomhthéacs na trádála le críocha físcacha speisialta	10
C1	Dearbhú onnmhairiúcháin simplithe	10, 11, 23, 31

Colúin (ceannteideal tábla in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446)	Dearbhuithe	Cóid nós imeachta an Aontais, i gcás inarb iomchuí
H1	Dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht agus nós imeachta speisialta — úsáid shonrach — dearbhú maidir le húsáid deiridh	01, 07, 40, 42, 43, 44, 45, 46, 48, 61, 63, 68
H2	Nós imeachta speisialta — stóráil — dearbhú maidir le stóráil chustaim	71
H3	Nós imeachta speisialta — úsáid shonrach — dearbhú maidir le cead isteach sealadach	53
H4	Nós imeachta speisialta — próiseáil — dearbhú maidir le próiseáil isteach	51
H5	Dearbhú maidir le hearraí a thabhairt isteach i gcomhthéacs na trádála le críocha fíoscacha speisialta	40, 42, 61, 63, 95, 96
H6	Dearbhú custaim i dtrácht poist um scaoileadh i saorchúrsaíocht	01, 07, 40
H7	Dearbhú custaim um scaoileadh i saorchúrsaíocht i leith coinsíneachta a thairbhíonn d'fhaoiseamh ó dhleacht ar allmhairí i gcomhréir le hAirteagal 23(1) nó Airteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009	4 000
I1	Dearbhú allmhairiúcháin simplithe	01, 07, 40, 42, 43, 44, 45, 46, 48, 51, 53, 61, 63, 68

11 10 000 000 Nós imeachta breise

I gcás ina n-úsáidtear an eilimint sonraí seo chun nós imeachta de chuid an Aontais a shonrú, déanann an chéad charachtar den chód catagóir beart a shaináithint sa bhealach a leanas:

Axx Próiseáil isteach (Airteagal 256 den Chód)

Bxx Próiseáil amach (Airteagal 259 den Chód)

Cxx Faoiseamh (Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle ^(?))

Dxx Cead isteach sealadach (Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446)

Exx Táirgí talmhaíochta

Fxx Eile

Próiseáil isteach (Airteagal 256 den Chód)

Cód	Tuairisc
	Allmhairiú
A04	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála isteach (CBL amháin)
A10	Díothú earraí faoi phróiseáil isteach

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23)

Próiseáil amach (Airteagal 259 den Chód)

Cód	Tuairisc
	Allmhairiú
B02	Táirgí próiseáilte arna dtabhairt ar ais tar éis deisiúcháin faoi ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 260 den Chód (earraí a deisíodh saor in aisce).
B03	Táirgí próiseáilte arna dtabhairt ar ais tar éis athsholáthair faoi ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 261 den Chód (córas malairte caighdeánach).
B06	Táirgí próiseáilte arna dtabhairt ar ais – CBL amháin
	Onnmhairiú
B51	Earraí a allmhairítear le haghaidh próiseáil isteach (IP) á n-onnmhairiú faoi phróiseáil amach (OP)
B52	Earraí a allmhairítear le haghaidh IP á n-onnmhairiú le haghaidh athsholáthair faoi ráthaíocht
B53	OP faoi chomhaontuithe le tríú tíortha, mar aon le CBL OP b'fhéidir
B54	Próiseáil amach CBL amháin

Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí (Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle) (*)

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C01	Maoin phearsanta a allmhairíonn daoine nádúrtha atá ag aistriú a ngnátháit chónaithe go dtí críoch chustaim an Aontais	3
C02	Feistis pósta agus earraí tí a allmhairítear tráth pósta	12(1)
C03	Bronntanais is gnách a thabhairt tráth pósta	12(2)
C04	Maoin phearsanta a fhaightear mar oidhreacht ag duine nádúrtha a bhfuil a ghnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais	17
C06	Éide scoile, ábhair oideachasúla agus earraí tí lena mbaineann	21
C07	Coinsíneachtaí ar luach diomaibhseach	23
C08	Coinsíneachtaí a sheoltar ó dhuine príobháideach amháin go duine príobháideach eile	25
C09	Earraí caipitiúla agus trealamh eile a allmhairítear nuair a aistrítear gníomhaíochtaí ó thríú tír isteach san Aontas	28
C10	Earraí caipitiúla agus trealamh eile is le daoine atá i mbun saorghairme agus le daoine dlítheanacha atá i mbun gníomhaíocht neamhbhrabúsach	34
C11	Ábhair oideachasúla, eolaíochta agus cultúrtha; ionstraimí agus gairis eolaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009	42

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C12	Ábhair oideachasúla, eolaíochta agus cultúrtha; ionstraimí agus gairis eolaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009	43
C13	Ábhair oideachasúla, eolaíochta agus cultúrtha; ionstraimí agus gairis eolaíochta a allmhairítear go heisiach chun críocha neamhthráchtála (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálais agus uirlisí)	44-45
C14	Trealamh a allmhairíonn bunáocht nó eagraíocht um thaighde eolaíochta atá bunaithe lasmuigh den Aontas, nó a allmhairítear ar a son, chun críocha neamhthráchtála	51
C15	Ainmhithe saotharlainne agus substaintí bitheolaíocha nó ceimiceacha atá beartaithe le haghaidh taighde	53
C16	Substaintí teiripeacha de bhunús daonna agus imoibrithe ghrúpála fola agus tíopála fíocháin	54
C17	Ionstraimí agus gaireas a úsáidtear sa taighde leighis, lena mbunaítear diagnóisí leighis nó lena ndéantar cóir leighis	57
C18	Substaintí tagartha le haghaidh rialúcháin cáilíochta táirgí íocshláinte	59
C19	Táirgí cógaisíochta a úsáidtear ag imeachtaí spóirt idirnáisiúnta	60
C20	Earraí le haghaidh eagraíochtaí carthanachta nó daonchairdis – bunriachtanais a allmhairíonn eagraíochtaí Stáit nó eagraíochtaí formheasta eile	61 (1)(a)
C21	Earraí in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 atá beartaithe do dhaoine atá dall	66
C22	Earraí in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 atá beartaithe do dhaoine atá dall a allmhairíonn daoine atá dall iad féin dá n-úsáid féin (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálais agus uirlisí)	67(1)(a) agus 67(2)
C23	Earraí in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 atá beartaithe do dhaoine atá dall a allmhairíonn institiúidí nó eagraíochtaí áirithe (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálais agus uirlisí)	67(1) (b) agus 67(2)
C24	Earraí atá beartaithe do dhaoine faoi mhíchumas eile (seachas daoine atá dall) a allmhairíonn daoine faoi mhíchumas iad féin dá n-úsáid féin (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálais agus uirlisí)	68(1)(a) agus 68(2)
C25	Earraí atá beartaithe do dhaoine faoi mhíchumas eile (seachas daoine atá dall) a allmhairíonn institiúidí agus eagraíochtaí áirithe (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálais agus uirlisí)	68(1)(b) agus 68(2)
C26	Earraí a allmhairítear chun leasa íospartach tubaiste	74
C27	Oirnis arna mbronnadh ag rialtais tríú tíortha ar dhaoine a bhfuil a ngnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais	81(a)
C28	Earraí a allmhairíonn daoine a thug cuairt oifigiúil ar thríú tír, mar a bhfuair siad iad le linn na hócáide sin mar bhronntanais ó na húdaráis óstacha, isteach i gcríoch chustaim an Aontais	82(a)
C29	Earraí atá le húsáid ag monairc nó ag cinn stáit	85
C30	Samplaí earraí ar luach diomaibhseach a allmhairítear chun críocha tionscnaimh trádála	86
C31	Ábhar clóite fógraíochta	87

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C32	Samplaí beaga ionadaíochas earraí a mhonaraítear lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais atá beartaithe le haghaidh aonach trádála nó a leithéid d'imeacht	90(a)
C33	Earraí a allmhairítear chun críocha iniúchóireachta, anailíse nó tástála	95
C34	Coinsíneachtaí a sheoltar chuig eagraíochtaí a chosnaíonn cóipchearta nó cearta paitinne tionscail agus tráchtála	102
C35	Litríocht faisnéise do thurasóirí	103
C36	Doiciméid agus earraí ilghnéitheacha	104
C37	Ábhair choimhdeacha chun earraí a stuáil agus a chosaint le linn a n-iompair	105
C38	Easair, farae agus ábhar beatha d'ainmhithe le linn a n-iompair	106
C39	Breosla agus bealaí i mótarfheithiclí talún agus i gcoimeádáin speisialta	107
C40	Ábhair chun cuimhneacháin ar íospartaigh chogaidh, nó chun reiligi d'íospartaigh chogaidh, a thógáil, a chothabháil nó a ornáidiú.	112
C41	Cónraí, síothla adhlactha agus earraí adhlactha ornáideacha	113
C42	Maoin phearsanta a iontráiltear i saorchúrsaíocht sula mbunaíonn an duine lena mbaineann a ghnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais (faoiseamh ó dhleacht faoi réir gealltanais)	9(1)
C43	Maoin phearsanta a iontrálann duine nádúrtha a bhfuil sé beartaithe aige a ghnátháit chónaithe a bhunú i gcríoch chustaim an Aontais i saorchúrsaíocht (cead isteach saor ó dhleacht faoi réir gealltanais)	10
C44	Maoin phearsanta a fhaightear mar oidhreacht ag daoine dlítheanacha atá i mbun gníomhaíocht neamhbhrabúsach agus atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais	20
C45	Táirgí talmhaíochta, feirmeoireachta stoic, beachaireachta, gairneoireachta agus foraoiseachta ó áitribh atá suite i dtríú tír atá tadhlach le críoch chustaim an Aontais	35
C46	Táirgí gníomhaíochtaí iascaireachta nó feirmeoireachta éisc a dhéanann iascairí de chuid an Aontais sna lochanna nó sna huiscebhealaí atá ar theorainn Ballstáit agus tríú tír agus táirgí gníomhaíochtaí fiaigh a dhéanann lucht spóirt de chuid an Aontais ar na lochanna nó ar na huiscebhealaí sin	38
C47	Síolta, leasacháin agus táirgí cóireála ithreach agus barr, atá beartaithe le húsáid ar áitreabh atá suite i gcríoch chustaim an Aontais atá tadhlach le tríú tír	39
C48	Earraí atá sa bhagáiste pearsanta agus atá díolmhaithe ó CBL	41
C49	Earraí le haghaidh eagraíochtaí carthanacha nó daonchairdis – earraí de gach tuairisc a sheoltar saor in aisce agus atá le húsáid le haghaidh tiomsú airgid ag imeachtaí carthanachta ócáideacha chun tairbhe daoine atá i ngátar	61 (1)(b)
C50	Earraí le haghaidh eagraíochtaí carthanacha nó daonchairdis – trealamh agus ábhair oifige a sheoltar saor in aisce	61 (1)(c)
C51	Coirn, boinn agus earraí comhchosúla de chineál siombalach go bunúsach, a bronnadh i dtríú tír ar dhaoine a bhfuil a ngnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais	81(b)

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C52	Coirn, boinn agus earraí comhchosúla de chineál siombalach go bunúsach a thugann údaráis nó daoine atá bunaithe i dtríú tír saor in aisce agus atá le bronnadh i gcríoch chustaim an Aontais	81(c)
C53	Dámhachtainí, trófaithe agus cuimhneacháin de chineál siombalach agus de luach teoranta atá beartaithe le dáileadh saor in aisce ar dhaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu i dtríú tíortha ag comhdhálacha gnó nó ag imeachtaí comhchosúla idirnáisiúnta	81(d)
C54	Earraí a allmhairíonn daoine atá ag teacht ar cuairt oifigiúil chuig críoch chustaim an Aontais isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a bhfuil sé beartaithe acu iad a thabhairt ag an ócáid sin mar bhronntanais do na húdaráis óstacha	82(b)
C55	Earraí a sheolann comhlacht oifigiúil, údarás poiblí nó grúpa, atá i mbun gníomhaíochta ar mhaithe le leas an phobail agus atá suite i dtríú tír, mar bhronntanais, mar chomhartha cairdis nó cáilmheasa, chuig comhlacht oifigiúil, chuig údarás poiblí nó chuig grúpa atá i mbun gníomhaíochta ar mhaithe le leas an phobail agus atá suite i gcríoch chustaim an Aontais agus atá formheasta ag na húdaráis inniúla chun earraí den sórt sin a fháil saor ó dhleacht	82(c)
C56	Earraí chun críocha fógraíochta, nach bhfuil luach tráchtála bunúsach acu, a sheolann soláthróirí saor in aisce chuig a gcustaiméirí agus nach féidir iad a úsáid ar bhealach eile seachas ar bhealach fógraíochta	89
C57	Earraí a allmhairítear chun iad a léiriú nó chun meaisíní nó gaireas a léiriú, agus chuige sin amháin, a mhonaraítear lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus a chuirtear ar taispeáint ag aonach tráchtála nó ag imeacht den sórt sin	90 (1)(b)
C58	Ábhair éagsúla ar luach íseal amháil péinteanna, vearnaisí, páipéar balla, etc., a úsáidtear chun seastáin shealadacha a thógáil, a fheistiú agus a mhaisiú, a áitíonn ionadaithe tríú tíortha ag aonach tráchtála nó ag imeacht den sórt sin, agus a dhíothaítear trína n-úsáid	90 (1)(c)
C59	Ábhar clóite, catalóga, réamheolairí, praghasliostaí, póstaer fógraíochta, féilirí, bídís maisithe nó ná bídís, grianghraif nach bhfuil i bhfráma agus earraí eile a sholáthraítear saor in aisce chun earraí a fhógairt a mhonaraítear lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus a chuirtear ar taispeáint ag aonach tráchtála nó ag imeacht den sórt sin	90 (1)(d)
C60	Feistis pósta agus earraí tí a allmhairítear tráth pósta a iontráiltear i saorchúrsaíocht tráth nach luaithe ná 2 mhí roimh an mbainis (faoiseamh ó dhleacht faoi réir an ráthaíocht iomchuí a thaisceadh)	12(1), 15(1)(a)
C61	Bronntanais is gnách a thabhairt tráth pósta a iontráiltear i saorchúrsaíocht tráth nach luaithe ná 2 mhí roimh an mbainis (faoiseamh ó dhleacht faoi réir an ráthaíocht iomchuí a thaisceadh)	12(2), 15(1)(a)
	Faoiseamh ó dhleachtanna ar onnmhairí	
C71	Ainmhithe ceansaithe a onnmhairítear tráth a ndéantar gníomhaíochtaí talmhaíochta a aistriú ón Aontas chuig tríú tír	115
C72	Farae agus ábhar beatha a ghabhann le hainmhithe le linn a n-onnmhairithe	121
C73	Coinsíneachtaí ar luach diomaibhseach	114
C74	Táirgí talmhaíochta nó feirmeoireachta stoic a fhaightear i gcríoch chustaim an Aontais ó áitribh atá cóngarach do thríú tír, a oibríonn, i gcáil úinéara nó léasaí, daoine a bhfuil a bpríomhghnóthas i dtríú tír atá tadhlach le críoch chustaim an Aontais.	116

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C75	Síolta atá le húsáid ar áitribh atá suite i dtríú tír atá cóngarach do chríoch chustaim an Aontais agus a oibríonn, i gcáil úinéara nó léasaí, daoine a bhfuil a bpríomhghnóthas sa chríoch chustaim sin díreach in aice láimhe leis an tríú tír atá i gceist.	119

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23)

Ceath isteach sealadach

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
D01	Pailléid (lena n-áirítear páirteanna spártha, gabhálais agus trealamh pailléad)	208 agus 209
D02	Coimeádáin (lena n-áirítear páirteanna spártha, gabhálais agus trealamh coimeádán)	210 agus 211
D03	Cóir iompair de bhóthar, ar iarnród, san aer, ar muir agus ar uiscebhealaí intíre	212
D04	Sealúchas agus earraí pearsanta chun críocha spóirt a allmhairíonn taistealaithe	219
D05	Ábhar leasa do mharaithe	220
D06	Ábhar fóirithinte anachaine	221
D07	Trealamh míochaine, máinliachta agus saotharlainne	222
D08	Ainmhithe (12 mhí nó níos mó)	223
D09	Earraí atá le húsáid sa chrios teorann	224
D10	Meáin iompróra fuaimne, íomhá nó sonraí	225
D11	Ábhar poiblíochta	225
D12	Trealamh gairmiúil	226
D13	Ábhar oideolaíoch agus trealamh eolaíochta	227
D14	Ábhar pacála, lán	228
D15	Ábhar pacála, folamh	228
D16	Múnlaí, díslí, bloic, líníochtaí, sceitsí, agus ionstraimí tomhais, seiceála agus tástála agus earraí eile den sórt sin	229
D17	Uirlisí agus ionstraimí speisialta	230
D18	Earraí atá faoi réir tástálacha, turgnamh nó taispeántas.	231(a)
D19	Earraí, faoi réir tástálacha inghlacthachta sásúla, dá bhforáiltear i gconradh díolacháin	231(b)
D20	Earraí a úsáidtear chun tástálacha, turgnaimh nó taispeántais a dhéanamh gan aon airgead á dhéanamh astu (6 mhí).	231(c)
D21	Samplaí	232

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
D22	Modhanna táirgthe athsholáthair (6 mhí)	233
D23	Earraí le haghaidh imeachtaí nó díolacháin	234(1)
D24	Earraí lena bhformheas (6 mhí)	234(2)
D25	Saothair ealaíne, earraí inbhailithe agus seandachtaí	234(3)(a)
D26	Earraí seachas earraí nua-mhonaraithe a allmhairítear d'fhonn iad a dhíol ar ceant	234(3)(b)
D27	Páirteanna spártha, gabhálaí agus trealamh	235
D28	Earraí a allmhairítear i gcásanna áirithe nach bhfuil éifeacht eacnamaíoch acu	236(b)
D29	Earraí a allmhairítear go ceann tréimhse nach faide ná 3 mhí	236(a)
D30	Cóir iompair do dhaoine atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó do dhaoine atá ag ullmhú chun a ngnátháit chónaithe a aistriú lasmuigh den chríoch sin.	216
D51	Cead isteach sealadach le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí	206

Táirgí talmhaíochta

Cód	Tuairisc
	Allmhairiú
E01	Úsáid an phraghais aonaid chun an luach custaim le haghaidh earraí meatacha áirithe a chinneadh (Airteagal 74(2)(c) den Chód agus Airteagal 142(6))
E02	Luachanna caighdeánacha allmhairiúcháin (mar shampla: Rialachán (AE) Uimh. 543/2011) (*)
	Onnmhairiú
E51	Táirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar a n-iarrtar aisíocaíocht, faoi réir deimhniú onnmhairiúcháin
E52	Táirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar a n-iarrtar aisíocaíocht, nach gá deimhniú onnmhairiúcháin dóibh
E53	Táirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar a n-iarrtar aisíocaíocht, a onnmhairítear i gcainníochtaí beaga, nach gá deimhniú onnmhairiúcháin dóibh
E61	Táirgí talmhaíochta próiseáilte nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar a n-iarrtar aisíocaíocht, faoi réir deimhniú aisíocaíochta
E62	Táirgí talmhaíochta próiseáilte nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar a n-iarrtar aisíocaíocht, nach gá deimhniú aisíocaíochta dóibh
E63	Táirgí talmhaíochta próiseáilte nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar a n-iarrtar aisíocaíocht, a onnmhairítear i gcainníochtaí beaga, gan deimhniú aisíocaíochta

Cód	Tuairisc
E64	Biataíocht earraí atá incháilithe d'aisíocaíochtaí (Airteagal 33 Rialachán (CE) Uimh. 612/2009 (**))
E65	Iontráil i dtrádstóras biataíochta (Airteagal 37 Rialachán (CE) Uimh. 612/2009)
E71	Táirgí talmhaíochta ar a n-iarrtar aisíocaíocht, a onnmhairítear i gcainníochtaí beaga a dtabharfar neamhaird orthu maidir le rátaí íosta seiceálacha a ríomh.

2/3	Doiciméid tháirgthe, deimhnithe agus údaruithe, tagairtí breise agus tagairtí	<i>An cineál doiciméid (cód an Aontais): a1+ au3 + (más infheidhme) Aitheantóir an doiciméid: au..35 NÓ An cineál doiciméid (cód náisiúnta): u1+au3 + (más infheidhme) Aitheantóir an doiciméid: au..35 + (más infheidhme) Ainm an údaráis eisiúna: au..70 + Dáta bailíochta: u8 (bbbmmll) + Aonad tomhais agus cáilitheoir, más infheidhme: au..4 + Cainníocht: u..16,6 + Cód airgeadra: a3 + Méid: u..16,2</i>	Tá	99x	99x	Úsáidfean na haonaid tomhais agus na cáilitheoirí a shainmhínítear in TARIC. I gcás den sórt sin, beidh formáid au..4 ag na haonaid tomhais agus cáilitheoirí, ach ní bheidh siad riamh i bhformáidí u..4, a choimeádtar le haghaidh aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta. Mura bhfuil aonaid tomhais ná cáilitheoirí den sórt sin ar fáil in TARIC, féadfar aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta a úsáid. Beidh formáid u..4 acu. Úsáidfean na cóid airgeadra ISO-alpha-3 (ISO 4217) le haghaidh an airgeadra.
2/4	Uimhir thagartha/UCR	au..35	Níl	1x	1x	Féadann an eilimint sonraí seo a bheith i bhfoirm cóid WCO (ISO 15459) nó a gcoibhéis.
2/5	LRN	au..22	Níl	1x		
2/6	Íocaíocht iarchurtha	au..35	Níl	1x		
2/7	Aitheantas trádstórais	<i>An cineál trádstórais: a1 + Aitheantóir an trádstórais: au..35</i>	Tá	1x		
3/1	Onnmhaireoir	<i>Ainm: an..70 + Sráid agus uimhir: an..70 + Tír: a2 + Cód poist: an..9 + Cathair: au..35</i>	Níl	1x	1x	Cód tíre: Tá cóid aibítreacha an Aontais le haghaidh tíortha agus críoch bunaithe ar chóid ISO alpha-2 (a2) atá i bhfeidhm faoi láthair a mhéid go bhfuil siad ar comhréir le ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht tíortha (1) agus críoch i gcomhair staidreamh na hEorpa i ndáil leis an trádáil idirnáisiúnta earraí agus leis an miondealú geografach ar staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2-21). Foilsíonn an Coimisiún rialacháin go tráthrialta ina nuashonraítear liosta chóid na dtíortha. I gcás coinsíneachtaí comhdhlúthaithe, ina n-úsáidtear dearbhuithe páipéarbhunaithe, féadtar cód '00200' a úsáid in éineacht le liosta onnmhaireoirí i gcomhréir leis na nótaí a dtugtar tuairisc orthu le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir i dTeideal II d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
3/2	Uimhir aitheantais an onnmhaireora	au..17	Níl	1x	1x	Sainmhínítear struchtúr na huimhreach EORI i dTeideal II. Sainmhínítear struchtúr na huimhreach aitheantais uathúla tríú tír atá aitheanta ag an Aontas i dTeideal II.
3/15	Allmhaireoir	Ainm: an..70 + Sráid agus uimhir: an..70 + Tír: a2 + Cód poist: an..9 + Cathair: an..35	Níl	1x		Úsáidfear cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
3/16	Uimhir aitheantais an allmhaireora	au..17	Níl	1x		Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
3/17	Dearbhóir	Ainm: an..70 + Sráid agus uimhir: an..70 + Tír: a2 + Cód poist: an..9 + Cathair: an..35	Níl	1x		Úsáidfear cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
3/18	Uimhir aitheantais an dearbhóra	au..17	Níl	1x		Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
3/19	Ionadaí	Ainm: an..70 + Sráid agus uimhir: an..70 + Tír: a2 + Cód poist: an..9 + Cathair: an..35 +	Níl	1x		Úsáidfear cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
3/20	Uimhir aitheantais an ionadaí	au..17	Níl	1x		Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
3/21	Cód stádais an ionadaí	u1	Tá	1x		
3/24	Díoltóir	Ainm: an..70 + Sráid agus uimhir: an..70 + Tír: a2 + Cód poist: an..9 + Cathair: an..35 + Uimhir theileafóin: au..50	Níl	1x	1x	Úsáidfear cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
3/25	Uimhir aitheantais an díoltóra	au..17	Níl	1x	1x	Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora. Leanfaidh struchtúr na huimhreach aitheantais uathúla tríú tír an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora.
3/26	Ceannaitheoir	Ainm: an..70 + Sráid agus uimhir: an..70 + Tír: a2 + Cód poist: an..9 + Cathair: an..35 + Uimhir theileafóin: au..50	Níl	1x	1x	Úsáidfear cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
3/27	Uimhir aitheantais an cheannaitheora	au..17	Níl	1x	1x	Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora. Leanfaidh struchtúr na huimhreach aitheantais uathúla tríú tír an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora.
3/37	Uimhir aitheantais Tá 99x	ghníomhaí/ghníomhaithe breise an tslabhra soláthair 99x	Cód an róil: a..3 +			<i>Aitheantóir: au..17</i> Sainmhínítear cód an róil le haghaidh gníomhaithe breise an tslabhra soláthair i dTeideal II. Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora. Leanfaidh struchtúr na huimhreach aitheantais uathúla tríú tír an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora.
3/39	Sealbhóir uimhir aitheantais an údaraithe	Cód an chineáil údaraithe: au..4 + <i>Aitheantóir: an..17</i>	Níl	99x		Úsáidfear na cóid a shainmhínítear in Iarscríbhinn A le haghaidh E.S. 1/1 Cineál cóid an Iarratais/an Chinnidh a úsáidfear le haghaidh chód an chineáil údaraithe. Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora.
3/40	Uimhir aitheantais na tagartha breise fiosaí	Cód an róil: au3 + Uimhir aitheantais CBL au..17	Tá	99x	99x	Sainmhínítear cód an róil le haghaidh na dtagairtí breise fiosaí i dTeideal II.

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an ceanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
3/41	Uimhir aitheantais an duine a thíolacann na hearraí ag custaim i gcás iontrála i dtaifid an dearbhóra nó uimhir aitheantais na ndearbhuite custaim réamhthaiscthe	au..17	Níl	1x		Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
3/45	Uimhir aitheantais an duine a sholáthraíonn ráthaíocht	au..17	Níl	1x		Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
3/46	Uimhir aitheantais an duine a íocann an dleacht chustaim	au..17	Níl	1x		Leanfaidh an uimhir EORI an struchtúr a shainmhínítear i dTeideal II le haghaidh E.S. 3/2 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
4/1	Téarmaí seachadta	<i>An leagan códaithe Cód INCOTERM: a3 + NA/LOCODE: au..17 NÓ</i> <i>Tuairisc saorthéacs: Cód INCOTERM: a3 + Cód tíre: a2 + Ainm an tsuímh: au..35</i>	Tá	1x		Sainmhínítear na cóid agus na ceannteidil a thugann tuairisc ar an gconradh tráchtála i dTeideal II. Cloifidh na cóid agus na ceannteidil a sholáthraítear mar thuairisc ar an suíomh le patrún an chóid NA/LOCODE. Mura bhfuil cód NA/LOCODE ar fáil don suíomh, bain úsáid as an gcód tíre mar a fhoráiltear in E.S. 3/1 Onnmhaireoir agus ainm an tsuímh ina dhiaidh sin.
4/3	Cánacha a ríomh — Cineál cánach	<i>Cóid an Aontais: a1 + u2 NÓ</i> <i>Cóid náisiúnta: n1 + an2</i>	Tá		99x	Sonraítear cóid an Aontais a thuilleadh i dTeideal II
4/4	Cánacha a ríomh — Bonn cánach	<i>Aonad tomhais agus cáilitheoir, más infheidhme: au..6 +</i> <i>Cainníocht: u..16,6 NÓ</i> <i>Méid: n..16,2</i>	Níl		99x	Ba cheart na haonaid tomhais agus na cáilitheoirí a shainmhínítear in TARIC a úsáid. I gcás den sórt sin, beidh formáid au..6 ag na haonaid tomhais agus cáilitheoirí, ach ní bheidh siad riamh i bhformáidí u..6, a choimeádtar le haghaidh aonad tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta. Mura bhfuil aonaid tomhais ná cáilitheoirí den sórt sin ar fáil in TARIC, féadfar aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta a úsáid. Beidh formáid u..6 acu sin.
4/5	Cánacha a ríomh — Ráta cánach	u..17,3	Níl		99x	
4/6	Cánacha a ríomh — Méid cánach iníoctha	u..16,2	Níl		99x	

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
4/7	Cánacha a ríomh — Iomlán	u..16,2	Níl		1x	
4/8	Cánacha a ríomh — Modh íoctha	a1	Tá		99x	
4/9	Breisthe agus asbhaintí	Cód: a2 + Méid: n..16,2	Tá	99x	99x	
4/10	Airgeadra sonraisc	a3	Níl	1x		Úsáidfean na cóid airgeadra ISO-alpha-3 (ISO 4217) le haghaidh an airgeadra.
4/11	Méid iomlán a sonrascadh	u..16,2	Níl	1x		
4/12	Aonad airgeadra inmheánach	a3	Níl	1x		Úsáidfean na cóid airgeadra ISO-alpha-3 (ISO 4217) le haghaidh an airgeadra.
4/13	Táscairí luachála	au4	Tá		1x	
4/14	Praghas/méid míre	u..16,2	Níl		1x	
4/15	Ráta malairte	u..12,5	Níl	1x		
4/16	Modh luachála	u1	Tá		1x	
4/17	Fabhar	u3 (u1+u2)	Tá		1x	Foilseoidh an Coimisiún liosta de na teaglamaí cód is féidir a úsáid le chéile go tráthrialta in éineacht le samplaí agus nótaí.
4/18	Luach	Cód airgeadra: a3 + Luach: n..16,2	Níl		1x	Úsáidfean na cóid airgeadra ISO-alpha-3 (ISO 4217) le haghaidh an airgeadra.
4/19	Costas iompair go dtí an ceann scríbe críochnaitheach	Cód airgeadra: a3 + Méid: n..16,2	Níl	1x		Úsáidfean na cóid airgeadra ISO-alpha-3 (ISO 4217) le haghaidh an airgeadra.

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
5/8	Cód na tíre cinn scríbe	a2	Níl	1x	1x	Úsáidfeadh cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir. I gcomhthéacs na n-oibríochtaí idirthurais, úsáidfeadh cód tíre ISO 3166 alpha-2.
5/9	Cód an réigiúin cinn scríbe	au..9	Níl	1x	1x	Sainmhíníonn an Ballstát lena mbaineann na cóid.
5/14	Cód na tíre seolta/onnmhairithe	a2	Níl	1x	1x	Úsáidfeadh cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
5/15	Cód na tíre tionscnaimh	a2	Níl		1x	Úsáidfeadh cód na tíre mar a shainmhínítear le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
5/16	Cód na tíre tionscnaimh fhabhraigh	au..4	Níl		1x	Úsáidfeadh cód na tíre mar atá le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir. I gcás ina dtagraíonn cruthúnas ar thionscnamh do ghrúpa tíortha, bain úsáid as na cóid uimhriúla aitheantóra a shonraítear sa taraif chomhtháite a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle.
5/23	Suíomh earraí	Tír: a2 + An cineál suímh: a1 + Cáilitheoir an aitheantais: a1 + Códaithe Aitheantas an tsuímh: au..35 + Aitheantóir breise: u..3 NÓ Tuairisc saorthéacs Sráid agus uimhir: au..70 + Cód poist: an..9 + Cathair: an..35	Tá	1x		Sainmhínítear struchtúr an chóid i dTeideal II.
5/26	Oifig custaim ina dtaispeántar earraí	au8	Níl	1x		Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainmhínítear le haghaidh E.S. 5/6 Oifig chinn scríbe (agus tír).
5/27	Oifig custaim maoirseachta	au8	Níl	1x		Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainmhínítear le haghaidh E.S. 5/6 Oifig chinn scríbe (agus tír).

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
5/31	Dáta glactha	u8 (bbbbmml)	Níl	1x	1x	
6/1	Glanmhais (kg)	u..16,6	Níl		1x	
6/2	Aonaid fhorlíontacha	u..16,6	Níl		1x	
6/5	Ollmhais (kg)	u..16,6	Níl	1x	1x	
6/8	Tuairisc ar earraí	au..512	Níl		1x	
6/9	An cineál pacáistí	au..2	Níl		99x	Freagraíonn an liosta cód don leagan is déanaí de Mholadh UN/ECE 21.
6/10	An líon pacáistí	u..8	Níl		99x	
6/11	Marcanna loingseoireachta	au..512	Níl		99x	
6/13	Cód CUS	au8	Níl		1x	Cód a shanntar laistigh den Fhaldal Eorpach Custam maidir le Substaintí Ceimiceacha (ECICS)
6/14	Cód an tráchtearra — Cód ainmníochta comhcheangailte	au..8	Níl		1x	
6/15	Cód an tráchtearra — Cód TARIC	au2	Níl		1x	Le líonadh isteach i gcomhréir le cód TARIC (dhá charachtar chun bearta sonracha an Aontais a chur i bhfeidhm i leith foirmiúlachtaí atá le líonadh isteach ag an gceann scríbe).
6/16	Cód an tráchtearra — Cód breise/cóid bhreise TARIC	au4	Níl		99x	Le líonadh isteach i gcomhréir le cód TARIC (cód bhreise).
6/17	Cód an tráchtearra — Cód breise/cóid bhreise náisiúnta	au..4	Níl		99x	Cóid atá le glacadh ag na Ballstáit lena mbaineann.

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
6/18	Iomlán na bpacáistí	u..8	Níl	1x		
6/19	An cineál earraí	au..3	Níl		1x	Úsáidfear liosta cód 136 UPU.
7/2	Coimeádán	u1	Tá	1x		
7/4	Cóir iompair ag an imeallchríoch	u1	Tá	1x		
7/5	Cóir iompair intíre	u1	Níl	1x		Úsáidfear na cóid dá bhforáiltear i dTeideal II maidir le E.S. 7/4 Cóir iompair ag an imeallchríoch.
7/9	Aitheantas na córa iompair ar theacht isteach	An cineál aitheantais: u2 + Uimhir aitheantais: au..35	Níl	1x		Úsáidfear na cóid a shainmhíneáir i dTeideal II le haghaidh E.S. 7/7 Aitheantas na córa iompair ag an imeacht le haghaidh an chineáil aitheantais.
7/10	Uimhir aitheantais coimeádáin	au..17	Níl	9,999x	9,999x	
7/15	Náisiúntacht na córa gníomhaí iompair atá ag trasnú na himeallchríche	a2	Níl	1x	1x	Úsáidfear cód na tíre mar a shainmhíneáir le haghaidh E.S. 3/1 Onnmhaireoir.
8/1	Sraithuimhir cuóta	au6	Níl		1x	
8/2	Cineál ráthaíochta	Cineál ráthaíochta: au 1	Tá	9x		
8/3	Tagairt ráthaíochta	GRN: au..24 + Cód rochtana: au..4 + Cód airgeadra: a3 + An méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 89(2) den Chód, muirir eile: u..16,2 + Oifig custaim na ráthaíochta: au8 NÓ Tagairt ráthaíochta eile: au..35+ Cód rochtana: au..4 + Cód airgeadra: a3 + An méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 89(2) den Chód, muirir eile: u..16,2 + Oifig custaim na ráthaíochta: an8	Níl	99x		Úsáidfear na cóid airgeadra ISO-alpha-3 (ISO 4217) le haghaidh an airgeadra. Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainmhíneáir le haghaidh E.S. 5/6 Oifig chinn scríbe (agus tír).

E.S. sraith-uimhir	E.S. ainm	E.S. formáid (Cineál/fad)	Liosta Cód i dTeideal II (Tá/Níl)	Bunúimhreach ar leibhéal an cheanntáisc	Bunúimhreach ar leibhéal na míre	Nótaí
8/5	An cineál idirbhirt	u..2	Níl	1x	1x	Úsáidfean na cóid digite amháin a liostaítear i gcolún A den tábla dá bhforáiltear faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 113/2010 ^(?) ón gCoimisiún. I gcás ina n-úsáidtear dearbhuithe páipéarbhunaithe, déanfar an digit sin a iontráil ar thaobh na láimhe clé de bhosca 24. Féadann Ballstáit freisin foráil a dhéanamh maidir le dara digit ón liosta i gcolún B den tábla sin a bhailiú. I gcás ina n-úsáidtear dearbhuithe páipéarbhunaithe, ní mór an digit sin a iontráil ar thaobh na láimhe deise de bhosca 24.
8/6	Luach staidrimh	u..16,2	Níl		1x	

⁽¹⁾ IO L 328, 28.11.2012, lgh. 7-15.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 113/2010 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2010 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad, maidir le cumhdach trádála, sainmhíniú ar na sonraí, tiomsú staidrimh i ndáil le trádáil ag saintréithe gnó agus ag airgeadra sonrascha, agus earraí nó gluaiseachtaí sonrascha (IO L 37, 10.2.2010, lch. 1).

TEIDEAL II

Cóid maidir leis na ceanglais sonraí i ndáil le dearbhuithe agus fógraí

CÓID

1. RÉAMHRÁ

Tá na cóid atá le húsáid ar dhearbhuithé agus ar fhógraí caighdeánacha leictreonacha agus páipéarbhunaithe sa Teideal seo.

2. CÓID

1/1. Cineál dearbhaithe

IM: Le haghaidh trádáil le tíortha agus le críocha atá suite lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

Chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim dá dtagraítear i gcolúin H1 go H4, H6 agus I1 den tábla um cheanglais i dtaca le sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

Le haghaidh earraí neamh-AE a chur faoi nós imeachta custaim i gcomhthéacs na trádála idir na Ballstáit.

CO: — Earraí de chuid an Aontais atá faoi réir bearta sonrascha le linn na hidirthréimhse tar éis aontachas Ballstát nua.

— Earraí de chuid an Aontais i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ⁽¹⁾ nó Threoir 2008/118/CE ón gComhairle ⁽²⁾ agus codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó i gcomhthéacs na trádála idir codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu dá dtagraítear i gcolún H5 den tábla um cheanglais i dtaca le sonraí i dTeideal I d'Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

⁽¹⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na comhshocruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

1/2. **Cineál dearbhaithe bhreise**

- A le haghaidh dearbhú caighdeánach custaim (faoi Airteagal 162 den Chód)
- B le haghaidh dearbhú simplithe ar bhonn ócáideach (faoi Airteagal 166(1) den Chód)
- C le haghaidh dearbhú simplithe custaim le húsáid thráthrialta (faoi Airteagal 166(2) den Chód)
- D chun dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód A) i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chód
- E chun dearbhú simplithe a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód B) i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chód
- F chun dearbhú simplithe a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód C) i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chód
- R Taisceadh cúlghabhálach onnmhairiúcháin nó dearbhú athonnmhairithe i gcomhréir le hAirteagal 249 de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2015/2446 agus le hAirteagal 337 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447)
- X le haghaidh dearbhú forlíontach ar dhearbhuithe simplithe a chumhdaítear ag B agus E
- Tá le haghaidh dearbhú forlíontach ar dhearbhuithe simplithe a chumhdaítear ag C agus F
- Z le haghaidh dearbhú forlíontach faoin nós imeachta a chumhdaítear faoi Airteagal 182 den Chód

1/10. **Nós Imeachta**

Cóid ceithre dhigit atá le hiontráil san fhóroinn seo, atá comhdhéanta de chód dhá dhigit a fhreagraíonn don nós imeachta a iarradh, agus cód eile dhá dhigit ina dhiaidh sin a fhreagraíonn don nós imeachta roimhe. Tugtar an liosta de chóid dhá dhigit thíos.

Ciallaíonn ‘nós imeachta roimhe’ an nós imeachta faoinar cuireadh na hearraí sular cuireadh faoin nós imeachta a iarradh iad.

Ba cheart a thabhairt ar aird nár cheart an cód ábhartha a úsáid, i gcás inar stóráil chustaim nó cead isteach sealadach é an nós imeachta roimhe seo, nó i gcás inar tháinig na hearraí ó shaorlimistéar, ach amháin i gcás nár cuireadh na hearraí faoi phróiseáil isteach nó amach nó úsáid deiridh.

Ar an gcuma chéanna, i gcás ina n-athallmhairítear earraí a onnmhairíodh go sealadach roimhe sin agus ina scaoiltear iad i saorchúrsaíocht tar éis dóibh a bheith curtha faoi stóráil chustaim, faoi chead isteach sealadach nó i saorlimistéar, meastar gur athallmhairiú simplí é sin tar éis onnmhairiú sealadach.

Mar shampla: iontráil chun úsáide sa stát le hiontráil chomhuaineach le haghaidh saorchúrsaíocht earraí a onnmhairítear faoi phróiseáil amach agus a chuirtear faoi stóráil chustaim nuair a athallmhairítear iad = 6121 (ní 6171). (An chéad oibríocht: onnmhairiú sealadach faoi nós imeachta próiseála amach = 2100; an dara hoibríocht: stóráil i stóras custaim = 7121; an tríú hoibríocht: iontráil chun úsáide sa stát + iontráil le haghaidh saorchúrsaíochta = 6121).

Ní féidir na cóid atá marcáilte sa liosta thíos leis an litir (a) a úsáid le haghaidh an chéad dá dhigit den chód nós imeachta, ach díreach chun an nós imeachta roimhe a léiriú.

Mar shampla: 4054 = iontráil earraí le haghaidh saorchúrsaíochta agus chun úsáide sa stát a cuireadh faoi phróiseáil isteach roimhe sin i mBallstát eile.

Liosta na nósanna imeachta chun críocha códaithe

Ní mór dhá cheann de na bunailimintí seo a chur le chéile chun cód ceithre dhigit a dhéanamh.

00 Úsáidtear an cód seo lena léiriú nach bhfuil aon nós imeachta (a) roimhe

01 Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a athsheoladh go comhuaineach i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE nó Threoir 2008/118/CE agus codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó i gcomhthéacs na trádála idir codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu

Sampla: Earraí neamh-AE a thagann isteach ó thríú tír, a scaoiltear i saorchúrsaíocht sa Ghearmáin agus a sheoltar ar aghaidh chuig na hOileáin Chanáracha.

07 Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a chuirtear go comhuaineach faoi nós imeachta stórála custaim seachas nós imeachta stórála custaim i gcás nach bhfuil CBL ná, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íoctha.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid i gcás ina scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht ach nach bhfuil CBL ná dleachtanna máil íoctha.

Samplaí: Scaoiltear siúcra amh allmhairithe i saorchúrsaíocht ach níor íocadh CBL. Le linn do na hearraí a bheith i dtrádstóras nó i limistéar formheasta seachas i stóras custaim, cuirtear íocaíocht CBL ar fionraí.

Scaoiltear ola mhianrach allmhairithe i saorchúrsaíocht agus níor íocadh aon CBL. Le linn do na hearraí a bheith stóráilte i dtrádstóras cánach, cuirtear íocaíocht CBL agus dleachtanna máil ar fionraí.

40 Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.

Iontráil earraí chun úsáide sa stát i gcomhthéacs na trádála idir an tAontas agus na tíortha lena bhfuil aontas custaim bunaithe aige.

Iontráil earraí chun úsáide sa stát i gcomhthéacs na trádála dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den chód.

Samplaí:

— Earraí ag teacht ón tSeapáin le dleacht chustaim, CBL agus, nuair is infheidhme, dleachtanna máil, íoctha.

— Earraí ag teacht ó Andóra agus a iontráiltear chun úsáide sa stát sa Ghearmáin

— Earraí ag teacht ó Martinique agus a iontráiltear chun úsáide sa stát sa Bheilg.

42 Earraí atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile agus, nuair is infheidhme, fionraí dleachta máil, a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.

Earraí de chuid an Aontais a iontráil chun úsáide sa stát, i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ná Threoir 2008/118/CE iontu agus idir codanna den chríoch sin ina bhfuil feidhm ag na forálacha sin, atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile agus, nuair is infheidhme, fionraí dleachta máil.

Míniú: Deonaítear an díolúine ó CBL a íoc agus, i gcás inarb infheidhme, fionraí dleachta máil, toisc go dtagann soláthar laistigh den Aontas nó aistriú na n-earraí chuig Ballstát eile tar éis an allmhairithe. Sa chás sin, beidh CBL agus, i gcás inarb infheidhme, an dleacht mháil dlite le híoc sa Bhallstát cinn scríbe. Chun an nós imeachta sin a úsáid, ní mór do na daoine coinníollacha eile a liostaítear in Airteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE agus, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE a chomhlíonadh. Déanfar an fhaisnéis a éilítear ag Airteagal 143 (2) de Threoir 2006/112/CE a iontráil in E.S. 3/40 Uimhir aitheantais na dtagairtí breise fioscacha.

Samplaí: Scaoiltear earraí neamh-AE i saorchúrsaíocht i mBallstát amháin agus tá siad ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile. Pléann gníomhaire custaim ar ionadaí cánach é leis na foirmiúlachtaí CBL tríd an gcóras CBL laistigh den Aontas a úsáid.

Earraí neamh-AE atá faoi réir dleachtanna máil a allmhairítear ó thríú tír, a scaoiltear i saorchúrsaíocht agus atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile. Tagann gluaiseacht faoi fhionraí dleachta máil ón áit allmhairiúcháin díreach tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht arna thionscnamh ag coinsíneoir cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE.

- 43** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach faoi réir beart sonracha a bhaineann le méid a bhailiú le linn na hidirthréimhse tar éis aontachas Ballstát nua.

Sampla: Táirgí talmhaíochta a scaoileadh i saorchúrsaíocht atá faoi réir, le linn idirthréimhse speisialta tar éis aontachas Ballstát nua, nós imeachta custaim nó beart speisialta idir na Ballstáit nua agus an chuid eile den Aontas.

44 Úsáid deiridh

Scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát faoi dhíolúine ó dhleacht nó ar ráta laghdaithe dleachta mar gheall ar a n-úsáid shonrach.

Sampla: Innill neamh-AE a scaoileadh i saorchúrsaíocht lena gcomhtháthú in aerárthach sibhialta a thógtar san Aontas Eorpach.

Earraí neamh-AE lena gcomhtháthú i gcatagóirí áirithe long, bád nó soithí eile agus le haghaidh ardáin druileála nó táirgeachta.

- 45** Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus a iontráil go páirteach chun úsáide sa stát le haghaidh CBL nó dleachtanna máil agus iad a chur i dtrádstóras seachas stórais chustaim.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid le haghaidh earraí atá faoi réir CBL agus dleachtanna máil araon agus i gcás nach n-íoctar ach ceann amháin de na catagóirí cánacha sin nuair a scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht.

Samplaí: Scaoiltear toitíní neamh-AE i saorchúrsaíocht agus íocadh CBL. Le linn do na hearraí a bheith sa trádstóras cánach, cuirtear íocaíocht dleachtanna máil ar fionraí.

Déantar earraí máil a allmhairítear ó thríú tír nó ó thríú críoch dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir 2008/118/CE a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Díreach tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht, tagann gluaiseacht faoi fhionraí dleachta máil arna thionscnamh ag coinsíneoir cláraithe ag an áit allmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE, chuig trádstóras cánach sa Bhallstát céanna.

- 46** Allmhairiú táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéseacha faoin nós imeachta próiseála amach roimh onnmhairiú na n-earraí a bhfuil a n-ionaid á ngabháil acu.

Míniú: Réamhallmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 223(2)(d) den Chód.

Sampla: Allmhairiú bord a mhonaraítear ó adhmad neamh-AE sula gcuirtear adhmad de chuid an Aontais faoi phróiseáil amach.

- 48** Táirgí athsholáthair a iontráil chun úsáide sa stát agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht go comhuaineach faoi phróiseáil amach sula n-onnmhairítear na hearraí lochtacha.

Míniú: Córas malairte caighdeánach (IM-EX), réamhallmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 262(1) den Chód.

- 51** Earraí a chur faoi nós imeachta próiseála isteach.

Míniú: Próiseáil isteach i gcomhréir le hAirteagal 256 den Chód.

- 53** Earraí a chur faoi chead isteach sealadach.

Míniú: Earraí neamh-AE a bheartaítear a athonnmhairiú a chur faoin nós imeachta um chead isteach sealadach.

Féadfar é sin a úsáid i gcríoch chustaim an Aontais, le faoiseamh páirteach nó iomlán ó dhleachtanna ar allmhairí i gcomhréir le hAirteagal 250 den Chód.

Sampla: Cead isteach sealadach, e.g. le haghaidh taispeántas.

- 54** Próiseáil isteach i mBallstát eile (gan iad a bheith scaoilte i saorchúrsaíocht sa Bhallstát sin) (a).

Míniú: Úsáidtear an cód seo chun an oibríocht a thairfeadh chun críocha staidrimh i ndáil le trádáil laistigh den Aontas.

Sampla: Cuirtear earraí neamh-AE faoi phróiseáil isteach sa Bheilg (5100). Tar éis na próiseála isteach, seoltar chuig an nGearmáin iad chun iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht (4054) nó chun iad a phróiseáil a thuilleadh (5154).

- 61** Athallmhairiú le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.

Míniú: Earraí athallmhairithe ó thríú tír agus na dleachtanna custaim agus CBL á n-íoc.

- 63** Earraí atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile agus, nuair is infheidhme, fionraí dleachta máil, a athallmhairiú agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus chun úsáide sa stát go comhuaineach.

Míniú: Deonaítear an díolúine ó CBL a íoc agus, i gcás inarb infheidhme, fionraí dleachta máil, toisc go dtagann soláthar laistigh den Aontas nó aistriú na n-earraí chuig Ballstát eile tar éis an athallmhairithe. I gcás den sórt sin beidh CBL agus, i gcás inarb infheidhme, an dleacht mháil, dlite le hÍoc sa Bhallstát cinn scríbe. Chun an nós imeachta sin a úsáid, ní mór do na daoine coinníollacha eile a liostaítear in Airteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE agus, i gcás inarb infheidhme, na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE a chomhlíonadh. Déanfar an fhaisnéis a éilítear ag Airteagal 143 (2) de Threoir 2006/112/CE a iontráil in E.S. 3/40 Uimhir aitheantais na dtairgí breise fíoscacha.

Samplaí: Athallmhairiú tar éis próiseáil amach nó onnmhairiú sealadach, agus aon fhiachas CBL á ghearradh ar ionadaí cánach.

Earraí máil, atá ina n-ábhar do sholáthar atá díolmhaithe ó CBL chuig Ballstát eile, a athallmhairiú tar éis próiseáil amach agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Tagann gluaiseacht faoi fhionraí dleachta máil ón áit athallmhairiúcháin díreach tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht arna thionscnamh ag coinsíneoir cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(b) de Threoir 2008/118/CE.

- 68** Earraí a athallmhairiú le hiontráil pháirteach chun úsáide sa stát agus le scaoileadh i saorchúrsaíocht go comhuaineach agus iad a chur faoi stóráil seachas an nós imeachta stórála custaim.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid le haghaidh earraí atá faoi réir CBL agus dleachtanna máil araon agus i gcás nach n-íoctar ach ceann amháin de na catagóirí cánacha sin nuair a scaoiltear na hearraí i saorchúrsaíocht.

Sampla: Athallmhairítear deochanna alcólacha próiseáilte agus cuirtear i dtrádstóras cánach iad.

71 Earraí a chur faoin nós imeachta stórála custaim.

76 Earraí de chuid an Aontais a chur faoin nós imeachta stórála custaim i gcomhréir le hAirteagal 237(2) den Chód.

Sampla: Feoil dhíchnámhaithe de bhó-ainmhí fásta fireann a chuirtear faoi stóráil chustaim roimh a n-onnmhairiú (Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1741/2006 (1) ón gCoimisiún an 24 Samhain 2006 lena leagtar síos na coinníollacha maidir le haisíoc onnmhairíochta speisialta a dheonú ar fheoil dhíchnámhaithe de bhó-ainmhí fásta fireanna a chuirtear faoin nós imeachta stórála custaim roimh a n-onnmhairiú (IO L 329, 25.11.2006, lch. 7)).

Tar éis an scaoilte i saorchúrsaíocht, iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht nó ar loghadh dleachta ar allmhairí toisc go raibh na hearraí lochtach nó nár chomhlíon siad téarmaí an chonartha (Airteagal 118 den Chód).

I gcomhréir le hAirteagal 118 (4) den Chód féadfar na hearraí atá i gceist a chur faoin nós imeachta stórála custaim in ionad iad a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais d'fhonn an aisíocaíocht nó an loghadh a dheonú.

77 Earraí de chuid an Aontais a mhonarú faoi mhaoirseacht chustaim agus faoi rialú custaim (de réir bhrí Airteagal 5(27) agus (3) den Chód) sula n-onnmhairítear iad agus sula n-íoctar aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin.

Sampla: Táirgí mairteola agus laofheola leasaithe a mhonaraítear faoi mhaoirseacht chustaim agus faoi rialú custaim roimh a n-onnmhairiú (Airteagail 2 agus 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1731/2006 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2006 maidir le rialacha mionsonraithe speisialta chun aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe mairteola agus laofheola leasaithe (IO L 325, 24.11.2006, lch. 12)).

78 Earraí a chur faoi shaorlimistéar. (a)

95 Earraí de chuid an Aontais a chur faoi nós imeachta stórála seachas nós imeachta stórála custaim i gcás nach bhfuil CBL ná, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íoctha.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid i gcomhthéacs na trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 (3) den Chód chomh maith leis an trádáil idir an tAontas agus na tíortha lena bhfuil aontas custaim bunaithe aige agus i gcás nach bhfuil CBL ná dleachtanna máil íoctha.

Sampla: Tugtar toitíní ó na hOileáin Chanáracha go dtí an Bheilg agus stóráiltear i dtrádstóras cánach iad; cuirtear íocaíocht CBL agus dleachtanna máil ar fionraí.

96 Earraí de chuid an Aontais a chur faoi nós imeachta stórála seachas nós imeachta stórála custaim i gcás ina bhfuil CBL nó, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íoctha agus ina bhfuil íocaíocht na cánach eile curtha ar fionraí.

Míniú: Tá an cód seo le húsáid i gcomhthéacs na trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 (3) den Chód chomh maith leis an trádáil idir an tAontas agus na tíortha lena bhfuil aontas custaim bunaithe aige agus i gcás ina bhfuil CBL nó dleachtanna máil íoctha agus ina bhfuil íocaíocht na cánach eile curtha ar fionraí.

Sampla: Tugtar toitíní ó na hOileáin Chanáracha go dtí an Fhrainc agus stóráiltear i dtrádstóras cánach iad; íocadh CBL agus tá íocaíocht dleachtanna máil curtha ar fionraí.

Cóid nós imeachta a úsáidtear i gcomhthéacs dearbhuithe custaim

Colúin (ceannteideal tábla in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446)	Dearbhuithe	Cóid nós imeachta an Aontais, i gcás inarb iomchuí
H1	Dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht agus nós imeachta speisialta — úsáid shonrach — dearbhú maidir le húsáid deiridh	01, 07, 40, 42, 43, 44, 45, 46, 48, 61, 63, 68
H2	Nós imeachta speisialta — stóráil — dearbhú maidir le stóráil chustaim	71
H3	Nós imeachta speisialta — úsáid shonrach — dearbhú maidir le cead isteach sealadach	53
H4	Nós imeachta speisialta — próiseáil — dearbhú maidir le próiseáil isteach	51
H5	Dearbhú maidir le hearraí a thabhairt isteach i gcomhthéacs na trádála le críocha fíoscacha speisialta	40, 42, 61, 63, 95, 96
H6	Dearbhú custaim i dtrácht poist um scaoileadh i saorchúrsaíocht	01, 07, 40
I1	Dearbhú allmhairiúcháin simplithe	01, 07, 40, 42, 43, 44, 45, 46, 48, 51, 53, 61, 63, 68

1/11. Nós imeachta breise

I gcás ina n-úsáidtear an eilimint sonraí seo chun nós imeachta de chuid an Aontais a shonrú, déanann an chéad charachtar den chód catagóir beart a shainnithint sa bhealach a leanas:

Próiseáil isteach	Axx
Próiseáil amach	Bxx
Faoiseamh	Cxx
Cead isteach sealadach	Dxx
Táirgí talmhaíochta	Exx
Eile	Fxx

Próiseáil isteach (Airteagal 256 den Chód)

Cód	Tuairisc
	Allmhairiú
A04	Earraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála isteach (CBL amháin)
A10	Díothú earraí faoi phróiseáil isteach

Próiseáil amach (Airteagal 259 den Chód)

Cód	Tuairisc
	Allmhairiú
B02	Táirgí próiseáilte arna dtabhairt ar ais tar éis deisiúcháin faoi ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 260 den Chód (earraí a deisíodh saor in aisce).
B03	Táirgí próiseáilte arna dtabhairt ar ais tar éis athsholáthair faoi ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 261 den Chód (córas malairte caighdeánach).
B06	Táirgí próiseáilte arna dtabhairt ar ais – CBL amháin

Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí (Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle) (*)

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C01	Maoin phearsanta a allmhairíonn daoine nádúrtha atá ag aistriú a ngnátháit chónaithe go dtí críoch chustaim an Aontais	3
C02	Feistis pósta agus earraí tí a allmhairítear tráth pósta	12(1)
C03	Bronntanais is gnách a thabhairt tráth pósta	12(2)
C04	Maoin phearsanta a fhaightear mar oidhreacht ag duine nádúrtha a bhfuil a ghnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais	17
C06	Éide scoile, ábhair oideachasúla agus earraí tí lena mbaineann	21
C07	Coinsíneachtaí ar luach diomaibhseach	23
C08	Coinsíneachtaí a sheoltar ó dhuine príobháideach amháin go duine príobháideach eile	25
C09	Earraí caipitiúla agus trealamh eile a allmhairítear nuair a aistrítear gníomhaíochtaí ó thríú tír isteach san Aontas	28
C10	Earraí caipitiúla agus trealamh eile is le daoine atá i mbun saorghairme agus le daoine dlítheanacha atá i mbun gníomhaíocht neamhbhrabúsach	34
C11	Ábhair oideachasúla, eolaíochta agus cultúrtha; ionstraimí agus gairis eolaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009	42
C12	Ábhair oideachasúla, eolaíochta agus cultúrtha; ionstraimí agus gairis eolaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009	43
C13	Ábhair oideachasúla, eolaíochta agus cultúrtha; ionstraimí agus gairis eolaíochta a allmhairítear go heisiach chun críocha neamhthráchtála (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálaí agus uirlisí)	44-45
C14	Trealamh a allmhairíonn bunaíocht nó eagraíocht um thaighde eolaíochta atá bunaithe lasmuigh den Aontas, nó a allmhairítear ar a son, chun críocha neamhthráchtála	51
C15	Ainmhithe saotharlainne agus substaintí bitheolaíocha nó ceimiceacha atá beartaithe le haghaidh taighde	53

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C16	Substaintí teiripeacha de bhunús daonna agus imoibríthe ghrúpála fola agus tíopála fíocháin	54
C17	Ionstraimí agus gaireas a úsáidtear sa taighde leighis, lena mbunaítear diagnóisí leighis nó lena ndéantar cóir leighis	57
C18	Substaintí tagartha le haghaidh rialúcháin cáilíochta táirgí íocshláinte	59
C19	Táirgí cógaisíochta a úsáidtear ag imeachtaí spóirt idirnáisiúnta	60
C20	Earraí le haghaidh eagraíochtaí carthanachta nó daonchairdis – bunriachtanais a allmhairíonn eagraíochtaí Stáit nó eagraíochtaí formheasta eile	61 (1)(a)
C21	Earraí in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 atá beartaithe do dhaoine atá dall	66
C22	Earraí in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 atá beartaithe do dhaoine atá dall a allmhairíonn daoine atá dall iad féin dá n-úsáid féin (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálaí agus uirlisí)	67(1)(a) agus 67(2)
C23	Earraí in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 atá beartaithe do dhaoine atá dall a allmhairíonn institiúidí nó eagraíochtaí áirithe (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálaí agus uirlisí)	67(1)(b) agus 67(2)
C24	Earraí atá beartaithe do dhaoine faoi mhíchumas eile (seachas daoine atá dall) a allmhairíonn daoine faoi mhíchumas iad féin dá n-úsáid féin (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálaí agus uirlisí)	68(1)(a) agus 68(2)
C25	Earraí atá beartaithe do dhaoine faoi mhíchumas eile (seachas daoine atá dall) a allmhairíonn institiúidí agus eagraíochtaí áirithe (lena n-áirítear páirteanna spártha, comhpháirteanna, gabhálaí agus uirlisí)	68(1)(b) agus 68(2)
C26	Earraí a allmhairítear chun leasa íospartach tubaiste	74
C27	Oirnis arna mbronnadh ag rialtais tríú tíortha ar dhaoine a bhfuil a ngnátháit chónaithe i gcóir chustaim an Aontais	81(a)
C28	Earraí a allmhairíonn daoine a thug cuairt oifigiúil ar thríú tír, mar a bhfuair siad iad le linn na hócáide sin mar bhronntanais ó na húdaráis óstacha, isteach i gcóir chustaim an Aontais	82(a)
C29	Earraí atá le húsáid ag monairc nó ag cinn stáit	85
C30	Samplaí earraí ar luach diomaibhseach a allmhairítear chun críocha tionscnaimh trádála	86
C31	Ábhar clóite fógraíochta	87
C32	Samplaí beaga ionadaíochta earraí a mhonaraítear lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais atá beartaithe le haghaidh aonach trádála nó a leithéid d'imeacht	90(a)

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C33	Earraí a allmhairítear chun críocha iniúchóireachta, anailíse nó tástála	95
C34	Coinsíneachtaí a sheoltar chuig eagraíochtaí a chosnaíonn cóipchearta nó cearta paitinne tionscail agus tráchtála	102
C35	Litríocht faisnéise do thurasóirí	103
C36	Doiciméid agus earraí ilghnéitheacha	104
C37	Ábhair choimhdeacha chun earraí a stuáil agus a chosaint le linn a n-iompair	105
C38	Easair, farae agus ábhar beatha d'ainmhithe le linn a n-iompair	106
C39	Breosla agus bealaí i mótarfheithiclí talún agus i gcoimeádáin speisialta	107
C40	Ábhair chun cuimhneacháin ar íospartaigh chogaidh, nó chun reiligí d'íospartaigh chogaidh, a thógáil, a chothabháil nó a ornáidiú.	112
C41	Cónraí, síothla adhlactha agus earraí adhlactha ornáideacha	113
C42	Maoin phearsanta a iontráiltear i saorchúrsaíocht sula mbunaíonn an duine lena mbaineann a ghnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais (faoiseamh ó dhleacht faoi réir gealltanais)	9(1)
C43	Maoin phearsanta a iontrálann duine nádúrtha a bhfuil sé beartaithe aige a ghnátháit chónaithe a bhunú i gcríoch chustaim an Aontais i saorchúrsaíocht (cead isteach saor ó dhleacht faoi réir gealltanais)	10
C44	Maoin phearsanta a fhaightear mar oidhreacht ag daoine dlítheanacha atá i mbun gníomhaíocht neamhbhrabúsach agus atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais	20
C45	Táirgí talmhaíochta, feirmeoireachta stoic, beachaireachta, gairneoireachta agus foraoiseachta ó áitribh atá suite i dtríú tír atá tadhlaigh le críoch chustaim an Aontais	35
C46	Táirgí gníomhaíochtaí iascaireachta nó feirmeoireachta éisc a dhéanann iascairí de chuid an Aontais sna lochanna nó sna huiscebhealaí atá ar theorainn Ballstáit agus tríú tír agus táirgí gníomhaíochtaí fiaigh a dhéanann lucht spóirt de chuid an Aontais ar na lochanna nó ar na huiscebhealaí sin	38
C47	Síolta, leasacháin agus táirgí cóireála ithreach agus barr, atá beartaithe le húsáid ar áitreabh atá suite i gcríoch chustaim an Aontais atá tadhlaigh le tríú tír	39
C48	Earraí atá sa bhagáiste pearsanta agus atá díolmhaithe ó CBL	41
C49	Earraí le haghaidh eagraíochtaí carthanacha nó daonchairdis – earraí de gach tuairisc a sheoltar saor in aisce agus atá le húsáid le haghaidh tiomsú airgid ag imeachtaí carthanachta ócáideacha chun tairbhe daoine atá i ngátar	61 (1)(b)

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
C50	Earraí le haghaidh eagraíochtaí carthanacha nó daonchairdis – trealamh agus ábhair oifige a sheoltar saor in aisce	61 (1)(c)
C51	Coirn, boinn agus earraí comhchosúla de chineál siombalach go bunúsach, a bronnadh i dtríú tír ar dhaoine a bhfuil a ngnátháit chónaithe i gcríoch chustaim an Aontais	81(b)
C52	Coirn, boinn agus earraí comhchosúla de chineál siombalach go bunúsach a thugann údaráis nó daoine atá bunaithe i dtríú tír saor in aisce agus atá le bronnadh i gcríoch chustaim an Aontais	81(c)
C53	Dámhachtainí, trófaithe agus cuimhneacháin de chineál siombalach agus de luach teoranta atá beartaithe le dáileadh saor in aisce ar dhaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu i dtríú tíortha ag comhdhálacha gnó nó ag imeachtaí comhchosúla idirnáisiúnta	81(d)
C54	Earraí a allmhairíonn daoine atá ag teacht ar cuairt oifigiúil chuig críoch chustaim an Aontais isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a bhfuil sé beartaithe acu iad a thabhairt ag an ócáid sin mar bhronntanais do na húdaráis óstacha	82(b)
C55	Earraí a sheolann comhlacht oifigiúil, údarás poiblí nó grúpa, atá i mbun gníomhaíochta ar mhaithe le leas an phobail agus atá suite i dtríú tír, mar bhronntanais, mar chomhartha cairdis nó cáilmheasa, chuig comhlacht oifigiúil, chuig údarás poiblí nó chuig grúpa atá i mbun gníomhaíochta ar mhaithe le leas an phobail agus atá suite i gcríoch chustaim an Aontais agus atá formheasta ag na húdaráis inniúla chun earraí den sórt sin a fháil saor ó dhleacht	82(c)
C56	Earraí chun críocha fógraíochta, nach bhfuil luach tráchtála bunúsach acu, a sheolann soláthróirí saor in aisce chuig a gcustaiméirí agus nach féidir iad a úsáid ar bhealach eile seachas ar bhealach fógraíochta	89
C57	Earraí a allmhairítear chun iad a léiriú nó chun meaisíní nó gaireas a léiriú, agus chuige sin amháin, a mhonaraítear lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus a chuirtear ar taispeáint ag aonach tráchtála nó ag imeacht den sórt sin	90 (1)(b)
C58	Ábhair éagsúla ar luach íseal amhail péinteanna, vearnaisí, páipéar balla, etc., a úsáidtear chun seastáin shealadacha a thógáil, a fheistiú agus a mhaisiú, a áitíonn ionadaithe tríú tíortha ag aonach tráchtála nó ag imeacht den sórt sin, agus a dhíothaítear trína n-úsáid	90 (1)(c)
C59	Ábhar clóite, catalóga, réamheolairí, praghasliostaí, póstaí fógraíochta, féilirí, bídis maisithe nó ná bídis, grianghraif nach bhfuil i bhfráma agus earraí eile a sholáthraítear saor in aisce chun earraí a fhógairt a mhonaraítear lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus a chuirtear ar taispeáint ag aonach tráchtála nó ag imeacht den sórt sin	90 (1)(d)
C60	Feistis pósta agus earraí tí a allmhairítear tráth pósta a iontráiltear i saorchúrsaíocht tráth nach luaithe ná 2 mhí roimh an mbainis (faoiseamh ó dhleacht faoi réir an ráthaíocht iomchuí a thaisceadh)	12(1), 15(1)(a)
C61	Bronntanais is gnách a thabhairt tráth pósta a iontráiltear i saorchúrsaíocht tráth nach luaithe ná 2 mhí roimh an mbainis (faoiseamh ó dhleacht faoi réir an ráthaíocht iomchuí a thaisceadh)	12(2), 15(1)(a)

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23)

Cead isteach sealadach

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
D01	Pailléid (lena n-áirítear páirteanna spártha, gabhálais agus trealamh pailléad)	208 agus 209
D02	Coimeádáin (lena n-áirítear páirteanna spártha, gabhálais agus trealamh coimeádán)	210 agus 211
D03	Cóir iompair de bhóthar, ar iarnród, san aer, ar muir agus ar uiscebhealaí intíre	212
D04	Sealúchas agus earraí pearsanta chun críocha spóirt a allmhairíonn taistealaithe	219
D05	Ábhar leasa do mharaithe	220
D06	Ábhar fóirithinte anachaine	221
D07	Trealamh míochaine, máinliachta agus saotharlainne	222
D08	Ainmhithe (12 mhí nó níos mó)	223
D09	Earraí atá le húsáid sa chríos teorann	224
D10	Meáin iompróra fuaime, íomhá nó sonraí	225
D11	Ábhar poiblíochta	225
D12	Trealamh gairmiúil	226
D13	Ábhar oideolaíoch agus trealamh eolaíochta	227
D14	Ábhar pacála, lán	228
D15	Ábhar pacála, folamh	228
D16	Múnlaí, díslí, bloic, líníochtaí, sceitsí, agus ionstraimí tomhais, seiceála agus tástála agus earraí eile den sórt sin	229
D17	Uirlisí agus ionstraimí speisialta	230
D18	Earraí atá faoi réir tástálacha, turgnamh nó taispeántas.	231(a)
D19	Earraí, faoi réir tástálacha inghlacthachta sásúla, dá bhforáiltear i gconradh díolacháin	231(b)
D20	Earraí a úsáidtear chun tástálacha, turgnaimh nó taispeántais a dhéanamh gan aon airgead á dhéanamh astu (6 mhí).	231(c)
D21	Samplaí	232
D22	Modhanna táirgthe athsholáthair (6 mhí)	233
D23	Earraí le haghaidh imeachtaí nó díolacháin	234(1)
D24	Earraí lena bhformheas (6 mhí)	234(2)

Cód	Tuairisc	Uimh. Airteagail
D25	Saothair ealaíne, earraí inbhailithe agus seandachtaí	234(3)(a)
D26	Earraí seachas earraí nua-mhonaraithe a allmhairítear d'fhonn iad a dhíol ar ceant	234(3)(b)
D27	Páirteanna spártha, gabhálaí agus trealamh	235
D28	Earraí a allmhairítear i gcásanna áirithe nach bhfuil éifeacht eacnamaíoch acu	236(b)
D29	Earraí a allmhairítear go ceann tréimhse nach faide ná 3 mhí	236(a)
D30	Cóir iompair do dhaoine atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó do dhaoine atá ag ullmhú chun a ngnátháit chónaithe a aistriú lasmuigh den chríoch sin.	216
D51	Cead isteach sealadach le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí	206

Táirgí talmhaíochta

Cód	Tuairisc
Allmhairiú	
E01	Úsáid an phraghais aonaid chun an luach custaim le haghaidh earraí meatacha áirithe a chinneadh (Airteagal 74(2)(c) den Chód agus Airteagal 142(6))
E02	Luachanna caighdeánacha allmhairiúcháin (mar shampla: Rialachán (AE) Uimh. 543/2011) (*) (**)

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i leith earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí agus na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 157, 15.6.2011, lch. 1).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 612/2009 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2009 lena leagtar síos comhrialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme córais um aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin ar tháirgí talmhaíochta (IO L 186, 17.7.2009, lch. 1).

Eile

Cód	Tuairisc
Allmhairiú	
F01	Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí le haghaidh earraí arna dtabhairt ar ais (Airteagal 203 den Chód)
